

Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola 2009

AN GHNÍOMHAIREACTH UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
Bosca Poist 3000, Caisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman, Éire

Teileafón: +353 53 916 0600 Facs: +353 53 916 0699
Ríomhphost: info@epa.ie Láithreán Gréasáin: www.epa.ie

Lóghlao 1890 33 55 99

© An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2011

Is féidir an foilseachán iomlán seo nó cuid de a atáirgeadh gan a thuilleadh cead, ar an gcoinníoll go n-aithnítear an fhoinse.

Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola 2009

Arna fhoilsiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Éire

Ní airbheartaíonn an doiciméad seo gur míniú dlíthiúil é ar an reachtaíocht a ndéantar tagairt di ann agus níor chóir a cheapadh gurb amhlaidh atá.

Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an ábhair san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a ráthú. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná na húdair le haon fhreagracht ar bith as cailliúint nó damáiste a tharla, nó a éilíodh gur tharla, mar iarmhairt, i bpáirt nó go hiomlán mar gheall ar ghníomhú aon duine nó mainneachtain chun gníomhú, mar thoradh ar ábhar a fhaightear san fhoilseachán seo. Is féidir an foilseachán iomlán seo nó cuid de a atáirgeadh gan a thuilleadh cead, ar an gcoinníoll go n-aithnítear an fhoinse.

Údair:

Fiona Uas. McCooile, An Dr. Jonathan Derham, An Dr. Isabelle Kurz, Michael Uas. McDonagh.

ISBN: 978-1-84095-381-7
Luach: €20

02/11/350

CLÁR ÁBHAR

<i>Buíochas</i>	<i>i</i>
<i>Liosta téarmaí</i>	<i>ii</i>
<i>Achoimre feidhmiúcháin, conclúidí agus moltaí</i>	<i>vi</i>
1 Réamhrá	1
2 Giniúint dramhaíola cathrach	11
3 Bainistiú dramhaíola cathrach	14
4 Dramhaíl chathrach in-bhithmhille	29
5 Dramhaíl ó phacáistiú	35
6 Dramhthrealamh leictreach agus leictreonach	39
7 Feithiclí ag deireadh a ré	40
8 Dramhaíl tógála agus scartála	42
9 Dramhaíl ghuaiseach	45
10 Bonneagar dramhaíola	54
 <i>Aguisín A – Táscairí</i>	 65
<i>Aguisín B – Dramhaíl tí</i>	66
<i>Aguisín C – Cineálacha dramhaíola a bailíodh ag na hionaid beir leat</i>	68
<i>Aguisín D – Cineálacha dramhaíola a bailíodh ag na hionaid fóntas poiblí</i>	69
<i>Aguisín E – Láithreáin líonta talún atá ag feidhmiú</i>	70
<i>Aguisín F – Ríomhanna dramhaíola in-bhithmhille</i>	73
<i>Aguisín G – Oibríochtaí aisghabhála agus diúscartha</i>	78

Buíochas

Táimid fíorbhuíoch dóibh siúd go léir a d'fhreagair ceistneoirí sonraí dramhaíola na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)

Tá buíochas ag dul do SKM Enviro, chomh maith, a d'oibrigh that ceann an EPA maidir le bailiú agus tiomsú na sonraí dramhaíola a chuir údaráis áitiúla, oibreoirí aisghabhála, áiseanna cóireála dramhaíola guaisí agus líontaí talún isteach, agus buíochas ag dul, chomh maith, do RPS Consultants, as cineálacha dramhaíola cathrach a rangú thar ceann an EPA.

Ba mhaith leis na húdair aitheantas a thabhairt dá gcomhgleacaithe san Oifig um Fhorfheidhmiú Comhshaoil as ucht a gcuid oibre maidir le sonraí dramhaíola ó áiseanna ceadúnaithe EPA fháil agus a fhóir, agus aitheantas do chomhghleacaithe eile san EPA a chabhraigh leo an tuarascáil seo a ullmhú.

Tugtar aitheantas, chomh maith, do lucht foirne i roinnt eagraíochtaí eile as ucht a gcabhrach, ina measc an Oifig Náisiúnta um Loingsiú Trasteorann (NTFSO), Repak, WEEE Éireann, Ardán Athchúrsála na hEorpa (ERP), An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO), an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (DEHLG).

LIOSTA TÉARMAÍ

Cuirtear an liosta téarmaí seo ar fáil mar chabhair chun an tuarascáil seo a thuiscint; ní airbheartaíonn an liosta seo gur míniú dlíthiúil é ar na téarmaí sin.

Ní mór do chuideachtaí a bhfuil ceadúnas dramhaíola agus ceadúnas CRCT acu **Tuarascáil Comhshaoil Bhliantúil (TCB)** a chur faoi bhráid an EPA gach bliain ag soláthar eolais achoimre ar gach gné d'fheidhmíocht na háise ceadúnaithe ó thaobh an chomhshaoil, m.sh. sonraí ar astuithe chuig an aer agus an uisce, bainistiú dramhaíola, tomhaltas acmhainne, cuspóirí agus spriocanna, agus gearáin. Cuirtear Tuarascálacha ar fáil go poiblí ar láithreán gréasáin an EPA. Freisin éilíonn údarais áitiúla Tuarascálacha Comhshaoil Bliantúla ó gach sealbhóir a bhfuil cead bailiúcháin dramhaíola (CBD) agus cead dramhaíola (CD) aige.

Tagraíonn '**córas 2-araide nó 3-araide**' do chóras bailiúcháin scagtha áit a mbailítear ábhar tirim in-athchúrsáilte agus dramhaíl iarmharach astu féin (córas 2-araide) nó áit a mbailítear ábhar tirim in-athchúrsáilte, ábhair orgánacha agus ábhair iarmharacha astu féin (córas 3-araide). Is é atá i gceist leis an tagairt 'd'araid dhubh' sa doiciméad seo ná tagairt do bhailiúchán araide aonair nó don araid um ábhair iarmharacha ó chóras 2-araide nó 3-araide. Is é atá i gceist leis an tagairt 'd'araid ghlas' sa doiciméad seo ná tagairt do bhailiúchán ábhar tirim in-athchúrsáilte, agus tagraíonn 'araid dhonn' do bhailiúchán na haraide um ábhair orgánacha.

Ciallaíonn '**in-bhithmhílte**' (i gcomhthéacs na dramhaíola) dramhaíl a fhéadann dul faoi lobhadh anaeróbach agus aeróbach, mar dhramhaíl ó bhia agus ón ngairdín, páipéar agus cairtchlár, srl.

Ciallaíonn '**dramhaíl chathrach in-bhithmhílte**' (**DCI**) an chuid in-bhithmhílte de dhramhaíl chathrach, agus ní chuimsíonn sí dramhaíl bhithchobhsaithe. De ghnáth is éard atá i ndramhaíl chathrach in-bhithmhílte ná dramhaíl ó bhia agus ón ngairdín, adhmaid, páipéar, cairtchlár agus teicstílí.

Ciallaíonn '**dramhaíl iarmharach bhithchobhsaithe**' **DCI** iarmharach a cóireáladh chun caighdeán cobhsaíochta i leith in-bhithmhílteachta atá ceadaithe ag an EPA a bhaint amach sula gcuirtear chuig líonadh talún í nó sula n-úsáidtear ar bhealach eile comhaontaithe í.

Ciallaíonn **bithdhramhaíl** faoi na téarmaí den Treoir nua um Chreat Dramhaíola (AE 2008/98/EC) dramhaíl in-bhithmhílte ghairdín agus pháirce, dramhaíl bhia agus chistine ó thithe cónaithe, bialanna, lónadóirí agus áitribh mhiondíola agus dramhaíl inchomparáide ó mhonarchana próiseála bia.

c. (circa) = timpeall.

Is téarma é '**dramhaíl tráchtála**', i gcomhthéacs na tuarascála seo, a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an gcuid de dhramhaíl chathrach nach dramhaíl tí í, a dhéantar ag áitribh thráchtála mar shiopaí, oifigí agus bialanna, chomh maith le háitribh chathrach mar scoileanna, ospidéal, srl. Cuimsíonn sé freisin dramhaíl thionsclaíoch nár próiseáladh ó bhialanna monarchan, oifigí, srl. Tríd is tríd tá dramhaíl tráchtála an-chosúil le dramhaíl tí, agus í déanta as meascán de pháipéar agus cairtchlár, plaistigh, ábhar orgánach, miotal agus gloine.

Is é is **EEE** ann ná trealamh leictreach agus leictreonach.

Ciallaíonn **Feithicil ag Deireadh a Ré (ELV)** feithicil ar dramhaíl í faoi bhrí Alt 1(a) den Treoir Dramhaíola (féach Treoir AE 2000/53/EC maidir le feithiclí ag deireadh a ré).

EPA = an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

ESRI = an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

AE = an tAontas Eorpach.

Is é an **Catalóg Dramhaíola Eorpach (EWC)** a dtugtar Liosta Dramhaíola air anois, liosta den dramhaíl go léir a ghintear san AE. Déantar na cineálacha éagsúla dramhaíola a shainmhíniú ag cód sé dhigit, le dhá dhigit an ceann le haghaidh caibidle, fo-chaibidle agus cineál dramhaíola. Tá an catalóg le fáil le híoslódáil ó láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/tithe_tabhairne/waste/stats/EPA_waste_catalogue_hazard_list_2002.pdf.

GNP (Olltáirgeacht Náisiúnta). Is paraiméadair mhaicreacnamaíocha iad **Olltáirgeacht Intíre (GDP)** agus **Olltáirgeacht Náisiúnta (GNP)** a bhfuil gaol gairid eatarthu. Tomhas ar aschur iomlán an gheilleagair i

dtréimhse áirithe atá sa GDP.i. luach na hoibre arna déanamh ag fostaithe, ag cuideachtaí agus ag daoine féinfhostaithe. Gineann an obair sin ioncaim, ach ní fhanann na hioncaim ar fad arna dtuilleamh sa gheilleagar i seilbh cónaitheoirí (agus is féidir le cónaitheoirí roinnt ioncaim a thuilleamh thar lear). Is é atá sa GNP ná an t-ioncam ar fad a fhanann i seilbh lucht cónaithe in Éirinn agus is ionann é agus an GDP lúide glanmhéid na n-ioncam a chuirtear thar lear nó a thagann isteach ó thír eile.

Is é is **‘dramhaíl ghuaiseach’** ná dramhaíl a fhéadann dochar a déanamh do shláinte an duine nó do chúrsaí comhshaoil. Sainítear aon dramhaíl a léiríonn ceann amháin nó níos mó de na hairíonna guaiseacha atá liostaithe in Aguisín III den Chreat um Threoir Dramhaíola (WFD) (Treoir AE 2008/98) mar dhramhaíl ghuaiseach.

Sainítear **‘dramhaíl tí’** mar dhramhaíl a dhéantar taobh istigh de chúirtealáiste foirgnimh nó cuid féinchiúisitheach d'fhoirgneamh a úsáidtear i gcomhair cóiríocht chónaithe.

Is é is **‘dramhaíl thionsclaíoch’** ná dramhaíl a dhéantar de bharr gníomhaíochtaí tionsclaíocha cosúil le monarchana, muiltí agus mianaigh. Bíonn dramhaíl thionsclaíodh nár próiseáladh (m.sh. ó bhialann láithreáin, oifig, srl.) cosúil le dramhaíl tráchtála ó thaobh na dtréithe de.

Is é is **‘dramhaíl thámh’** ná dramhaíl nach dtéann faoi aon chlaochlú suntasach fisiceach, ceimiceach nó bitheolaíoch. Ní dhóinn, ní thuaslagann, ná ní imoibríonn dramhaíl thámh go fisiceach nó go ceimiceach le haon ábhar eile, ní bhith-dhíghrádaíonn sé ná ní théann sé i bhfeidhm go dona ar aon ábhar eile a théann i dteagmháil leis ar bhealach a d'fhéadfadh truailliú comhshaoil a dhéanamh nó dochar a dhéanamh do shláinte an duine.

Is é atá i g**Ceadúnas um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú (CRCT)** ná údarú a eisiúnn an EPA i gcomhair gníomhaíochtaí sonracha tionsclaíocha agus talmhaíochta. Leagann ceadúnas CRCT teorainneacha ar astuithe aeir agus uisce, dramhaíl agus torann agus éilíonn sé go mbainfeadh gníomhaíocht úsáid as na Teicníochtaí is Fearr atá ar Fáil (BAT).

Is é atá in **Áis Chomhtháite um Bainistiú Dramhaíola (ACBD)** i gcomhthéacs na tuarascála seo ná ceann a chuireann líonadh talún agus bonneagar dramhaíola eile mar ionad fóntas poiblí, stáisiún aistrithe, múiríniú nó áiseanna cóireála eile le chéile.

Ciallaíonn **‘Bailiú ar an gcosán’** dramhaíl tí nó tráchtála a bhailiú díreach ón bhfoinse, go minic ón gcosán nó ón doras tosaigh cé nach gá dó seo a bheith amhlaidh.

LCA = Measúnú Saolré.

LCT = Smaoineamh Saolré.

Ciallaíonn **‘Cóireáil mheicniúil-bhitheolaíochta’ (CMB)** dramhaíl chathrach iarmharach a chóireáil trí mheascán de phróiseáil láimhe agus cobhsú bitheolaíochta, chun an méid dramhaíola nach mór a dhiúscairt a chobhsú agus a laghdú.

Oibreoir Tráchtála. Oibreoir tráchtála a ghlacann le dramhaíl de chuid tríú páirtí i gcomhair a cóireála (rud nach ionann agus gníomhaíocht thionsclaíoch le háiseanna chun dramhaíl a chóireáil a eascraíonn as a bpróisis féin, mar shampla, dó ar an láithreán).

Cuirtear **Tonnaí Méadracha** in iúl mar ‘t’ ar fud na tuarascála seo. Mt = milliún tonna.

MDR = Ábhair athchúrsála atá tirim.

MFSU = déantús, foirmliú, soláthar agus úsáid.

Ciallaíonn ‘dramhaíl chathrach sholadach’ (DCM) nó ‘Dramhaíl Chathrach’ dramhaíl tí chomh maith le dramhaíl tráchtála agus dramhaíl eile atá cosúil le dramhaíl tí, de bharr cineál agus comhdhéanamh na dramhaíola. Ní áirítear sludaí ná eisiltigh chathrach leis seo. I gcomhthéacs na tuarascála seo tá dramhaíl chathrach déanta as trí ghné - dramhaíl tí, dramhaíl tráchtála (lena n-áirítear dramhaíl thionsclaíoch nár próiseáladh), agus dramhaíl ó ghlantachán sráide (cosamar sráide, araidí sráide agus dramhaíl ó chothabháil ar pháirceanna agus reiligí, bruscar ó ábhar feachtais, ábhar ó dhiúscairt mhídhleathach).

Neamhbhainteach = ní bhaineann le hábhar.

NACE = Nomenclature Generale des Activites Economiques dans l'Union Europeenne (ainm ginearálta ar ghníomhaíochtaí geilleagracha san Aontas Eorpach).

NSAI = An tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann.

NEC = nach bhfuil sonraíthe in aon áit eile.

Is é atá sa '**Dramhaíl Orgánach**' ná dramhaíl in-bhithmhillte bia, gairdín agus tírdhreachta agus, má cheadaítear sa chomhthéacs é, cuimseoidh an dramhaíl sin sludaigh orgánacha tionsclaíochta (m.sh., ón eanáil táirgthe bídh agus dí).

Úsáidtear '**pacáistiú**' le hearraí a choimeád, a chosaint agus a chur i láthair. Ach déantar dramhaíl de gach cineál pacáistíochta sa deireadh, beagnach. Déantar pacáistiú as ábhair cosúil le cairchlár, páipéar, gloine, plaisteach, stáin, alúmanam, adhmaid, agus comhábhair mar iad siúd a úsáidtear i gcartáin bainne agus sú. Éilíonn na **Rialacháin faoin gClár um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán (PRTR)** 2007 nach mór scaoileadh truailleán agus aistriú dramhaíola lasmuigh de láthair ag áiseanna atá ag feidhmiú sna hearnálacha tionsclaíocha ábhartha a thuairisciú go bliantúil don EPA. Tugann an EPA tuairisc den eolas sin don láithreán gréasáin E-PRTR Eorpach ansin.

Ciallaíonn '**ullmhú le hathúsáid**' oibríochtaí aisghabhála a sheiceáil, a ghlanadh nó a dheisiú, áit a n-ullmhaítear táirgí nó codanna de tháirgí a ndearnadh dramhaíl díobh ionas gur féidir iad a athúsáid gan gá le haon réamhphróiseáil eile.

Ciallaíonn '**aisghabháil**' aon oibríocht arb é an príomhthoradh uirthi ná go mbaintear leas as dramhaíl nuair a théann sí in áit ábhar eile a d'úsáidfí murach sin, chun feidhm faoi leith a chomhlíonadh, nó go n-ullmhaítear dramhaíl chun an fheidhm sin a chomhlíonadh, sa mhonarcha nó sa gheilleagar níos leithne. Leagann Aguisín II den **Chreat um Threoir Dramhaíola (WsFD)** nua (Treoir AE 2008/98) amach liosta d'oibríochtaí aisghabhála nach liosta cuimsitheach é, a chuimsíonn aisghabháil ábhair (.i. athchúrsáil), aisghabháil fuinnimh (.i. athúsáid breosla) agus aisghabháil bhitheolaíoch (m.sh. múiríníú). Ní áirítear athchúrsáil ná athúsáid dhíreach laistigh de mhonarchana tionsclaíocha san áit a gineadh.

Ciallaíonn '**athchúrsáil**' aon oibríocht aisghabhála trína ndéantar dramh-tháirgí a athphróiseáil go táirgí, ábhair nó substaintí bíodh gurb é an cuspóir bunúsach atá i gceist nó cuspóirí eile. Cuimsíonn sí athphróiseáil ar ábhar orgánach ach ní chuimsíonn sí aisghabháil fuinnimh agus athphróiseáil go hábhair atá le húsáid mar bhreoslaí nó i gcomhair oibríochtaí aislíonta.

Ciallaíonn '**breoslaí a dhíorthaítear as bruscar**' (**BTB**) a dhéantar as dramhaíl trí roinnt próiseas éagsúil cosúil le deighilt mheicniúil, cumasc agus comhbhrú chun luach breosla na dramhaíola a ardú. D'fhéadfadh breoslaí den sórt sin a dhíorthaítear as dramhaíl a bheith comhdhéanta de pháipéar, plaisteach agus dramhaíl indóite eile agus is féidir iad a dhó i monarcha fuinneamh-as-dramhaíl, in áidh stroighne nó i bhfoirneis thionsclaíoch.

Ciallaíonn '**dramhaíl iarmharach**' an chuid sin de dhramhaíl bailithe a bhíonn fágtha tar éis céim chóireála nó atreoirithe, ar gnách go mbíonn gá le tuilleadh cóireála a dhéanamh uirthi nó í a dhiúscairt.

Ciallaíonn '**athúsáid**' aon oibríocht trína ndéantar aon táirgí nó comhpháirteanna nach dramhaíl iad a athúsáid i gcomhair an chuspóra ar ceapadh iad dó.

IR (Ionstraim Reachtúil). Ordú, rialachán, rial, scéim nó fodhlí a dhéantar chun cumhacht a bronnadh le reacht a úsáid.

Is breoslaí iad '**breoslaí soladacha aisghafa**' (**BSA**) breoslaí a scagtar as amhdramhaíl (RDF). Lena shainmhíniú mar SRF, ní mór do bhreosla íoschaigheáin a shásamh maidir le cion taise, le méid cáithníní, le miotail, le cion clóiríde agus clóirín agus le luach calrach.

Leagann na **Rialacháin um Sheoladh Dramhaíola Thar Teorainneacha (SDT)** 2007 amach nósanna imeachta nua fógartha, liostaí athbhreithnithe dramhaíola agus forálacha forfheidhmithe maidir le loingsiú dramhaíola a onnmhairiú, a allmhairiú agus a sheoladh laistigh den AE. Is í an Oifig Náisiúnta SDT i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an t-údarás inniúil i gcomhair na Rialachán SDT ó 12 Iúil 2007.

Cuimsíonn '**cóireáil/réamhchóireáil**' maidir le dramhaíl gach próiseas a athraíonn gnéithe dramhaíola, idir phróisis láimhe, teochta, fhisiceacha, cheimiceacha agus bhitheolaíocha, chun maolú a dhéanamh ar a méid, ar a ghuaiseacht, nó eile, mar éascaíocht maidir le láimhseáil, le diúscairt nó le haisghabháil na dramhaíola sin.

Sainítear '**dramhaíl**' mar aon substaint nó rud a chaitheann an sealbhóir uaidh/uaithi, a bhfuil sé ar intinn aige/aici a chaitheamh uaidh/uaithi nó a bhfuil sé de dhualgas air/uirthi a chaitheamh uaidh/uaithi faoin gCreat-Treoir Dramhaíola (WsFD) nua (Treoir AE 2008/98).

Ciallaíonn '**bainistiú dramhaíola**' bailiú, iompar, aisghabháil agus diúscairt dramhaíola, lena n-áirítear maoirseacht ar oibríochtaí den sórt sin agus iarchúram láithreáin diúscairthe, lena n-áirítear gníomhartha a glacadh mar dhéileálaí nó mar bhróicéir.

Ciallaíonn '**táirgeoir dramhaíola**' aon duine a ndéantar dramhaíl de bharr a chuid gníomhaíochtaí (táirgeoir

dramhaíola tosaigh) nó aon duine a dhéanann réamhphróiseáil, meascadh nó oibríochtaí a dtagann athrú ar chineál nó comhdhéanamh na dramhaíola sin dá mbarr, faoin gCreat-Treoir Dramhaíola (WsFD) nua (Treoir AE 2008/98).

Ciallaíonn **Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach ('WEEE')** aon trealamh leictreach agus leictreonach ar dramaíl é laistigh de bhrí airteagal 1(a) de Threoir 75/442/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1975 ar dhramaíl, lena n-áirítear gach comhpháirt, fochóimeáil agus tomhaltán atá mar chuid den táirge agus é á dhiúscairt

Creat um Threoir Dramhaíola (WsFD) Treoir nua Dramhaíola AE 2008/98 den 19 Mí na Samhna 2008.

CBD (Ceadúnas um Bailiú Dramhaíola). Ceadúnas arna eisiúint ag údarás áitiúil maidir le dramaíl a bhailiú faoi na Rialacháin um Bailiú Dramhaíola (Ceadúnas um Bailiú) 2007, arna leasú.

CD (Ceadúnas Dramhaíola). Ceadúnas arna eisiúint ag údarás áitiúil maidir le háis chun dramaíl a aistriú, a stóráil nó a chóireáil faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Ceadúnas agus Clárú Fónais) 2007, arna leasú.

Achoimre Feidhmiúcháin, Conclúidí agus Moltaí

Tá sé de dhualgas ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) staitisticí náisiúnta a chur i dtoll a chéile maidir le giniúint agus bainistiú dramhaíola i bPoblacht na hÉireann. Tá sé d'aidhm ag an tuarascáil reatha an fhaisnéis is déanaí a chur ar fáil maidir le giniúint agus bainistiú dramhaíola in Éirinn, bunaithe ar na tuairiscí a thugtar don EPA. Is le haghaidh na bliana féilire 2009 an tuarascáil seo agus pléitear inti le dramhaíl chathrach sholadach (dramhaíl tí agus tráchtála agus dramhaíl glantacháin ó na húdaráis áitiúla), mar aon le sruthanna dramhaíola faoi thionscnaimh um fhreagracht táirgeora (pacáistiú, dramhthrealamh leictreach agus leictreonach, feithiclí ag deireadh a ré), chomh maith le dramhaíl tógála agus scartála agus dramhaíl ghuaiseach. Tugtar cur síos anseo síos ar chuid de na staitisticí lárnacha agus de na torthaí lárnacha sa tuarascáil seo.

Dramhaíl Chathrach

- Gineadh 2,952,977 t de dhramhaíl cathrach foriomlán; sin laghdú 8.4% ar 2008. Is lú sin ná cuid 2004;
- Tháinig méadú 1.5% ar ráta aisghabhála na dramhaíola cathrach; sin ráta aisghabhála 39% i gcoitinne (1,101,272 t);
- Rinneadh 1,723,705 t den dramhaíl chathrach a dhiúscairt chuig líonadh talún; sin laghdú 11% ar 2008;
- Bhí ráta athchúrsála dramhaíola cathrach 35% in Éirinn (aisghabháil fuinnimh as an áireamh), gar do ráta EU27 norm 40%;
- Is í an Ríocht Aontaithe fós is ceann scríbe don chuid is mó de dhramhaíl in-athchúrsáilte chathrach na hÉireann.

Dramhaíl tí

- Tháinig laghdú 3% ar an dramhaíl tí a gineadh, go dtí 1,626,469 t, rud is ionann agus 365 kg de dhramhaíl tí arna giniúint in aghaidh an duine sa stát. Tháinig ann don laghdú sin, cé gur tuairiscíodh méadú c. 37,200 ar an daonra;
- Mhéadaigh céatadán na dramhaíola tí arna haisghabháil ó 26% i 2008 go 29.5% i 2009;
- Dramhaíl Tháinig laghdú 8.6% go 1,056,267 t ar an dramhaíl tí arna diúscairt chuig líonadh talún, rud is ionann agus 237 kg de dhramhaíl tí arna diúscairt chuig líonadh talún in aghaidh an duine sa stát;
- Measadh go raibh 19% de na tithe a raibh daoine ina gcónaí iontu gan seirbhís nó tairiscint seirbhíse bailithe;
- Tháinig laghdú 1.3% i 2009 ar iomlán na dramhaíola tí a bailíodh ar thaobh na gcosán;
- Bhailigh an earnáil phríobháideach 60% den 1,145,486 t den dramhaíl cois cosáin a tuairiscíodh mar tar éis a bailithe ó theaghlaigh (57% i 2008);
- Soláthraíodh seirbhís 2-araide (araidí d'ábhar iarmharach agus araidí d'ábhar measctha tirim) do 96% de na teaghlaigh a raibh seirbhís acu (95% i 2008);
- Soláthraíodh seirbhís 3-araide (araidí d'ábhar iarmharach agus araidí d'ábhar measctha tirim agus araidí orgánacha) do 24% de na teaghlaigh a raibh seirbhís acu (21% i 2008).

Dramhaíl chathrach in-bhithmhille

- Sheas an meastachán de mhúiríniú teaghlaigh gan athrú ag 36,733 t;
- Tháinig laghdú 11% ar 2008 go 1,059,852 t ar mhéid na dramhaíola cathrach in-bhithmhille arna diúscairt chuig líonadh talún;
- Tá Éire ar an mbóthar ceart chun an sprioc maidir le dramhaíl chathrach in-bhithmhille a leagadh síos faoin chéad Treoir AE um Líonadh Talún a bhaint amach, a leagadh síos do mhí Iúil 2010;
- Den 1,939,182 t den dramhaíl chathrach in-bhithmhille a bhí ar fáil, rinneadh 55% di a dhiúscairt chuig líonadh talún (síos ó 57% i 2008) agus rinneadh athchúrsáil ar 45% di;
- Tháinig méadú 65% (62,447 t i 2009, 37,920 t i 2008) ar mhéid na dramhaíola orgánaí a bailíodh ar an gcosán ó theaghlaigh;
- Ní raibh bailiúchán cois cosáin ábhair orgánaigh ar fáil do shealbhóirí tí i 11 de na 34 ceantar feidhmiúcháin sna húdaráis áitiúla i 2009 (síos ó 16 i 2008).

Dramhaíl tráchtála

- Tháinig laghdú 12% ar fhiigiúirí 2008, go 1,299,807 t ar mhéid na dramhaíola tráchtála a gineadh;
- Tháinig méadú 49% i 2008 go 51% i 2009 ar mhéid na dramhaíola a aisghabhadh;
- Rinneadh 640,737 t de dhramhaíl a dhiúscairt go líonadh talún, rud is laghdú 15% ar 2008.

Sruthanna dramhaíola faoin tionscnamh maidir le freagracht ar an táirgeoir

- Tuairiscítear ráta aisghabhála 70% maidir le dramhaíl ó phacáistiú (suas ó 65% i 2008), rud a sháraíonn sprioc aisghabhála 60% an AE, a bheidh dlite i 2011;
- Bailíodh méid iomlán 45,327 t de dhramhthrealamh leictreach agus leictreonach (WEEE) le haghaidh a aisghabhála (síos ó 51,964 t i 2008). Bailíodh beagnach 9 kg in aghaidh an duine de dhramhaíl tí WEEE, rud a sháraíonn sprioc AE 4 kg in aghaidh an duine;
- Bhain ráta 82% athúsáide/aisghabhála le feithiclí ag deireadh a ré agus baineadh ráta athúsáide/aisghabhála amach maidir le spriocanna 85% agus 80%, faoi seach, do 2006.

Dramhaíl tógála agus scartála

- Tháinig laghdú 62% ar mhéid na dramhaíola tógála agus scartála a tuairiscíodh (5.1 Mt) agus laghdú 50% ar mhéid na dramhaíola a tuairiscíodh mar dhramhaíl arna bainistiú ag fónais aisghabhála agus diúscartha (5.2 Mt), taobh le sonraí 2008;
- Tháinig laghdú géar ó 449,574 t i 2008 go 476 t i 2009 ar mhéid na hithreach truaillithe (a ghintear go gnách i dtionscnaimh forbartha/athfhorbartha talún) arna gcur thar lear i gcomhair a cóireála/diúscartha.

Dramhaíl ghuaiseach

- Tuairiscíodh laghdú 9% ó 2008 go 289,910 t ar mhéid na dramhaíola guaisí arna bainistiú in Éirinn i 2009, arna giniúint go príomha ag na tionscadail cógaisíochta agus ceimiceán;
- Nótáladh méadú 4% ar mhéid na dramhaíola guaisí arna cóireáil ar an láithreán ag áiseanna le ceadúnais EPA (Cosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú);
- Nótáladh laghdú 21% ar mhéid na dramhaíola guaisí arna cóireáil ag áiseanna tráchtála le ceadúnais EPA um chóireáil dramhaíola guaisí.

Bonneagar dramhaíola

- Ghlac 29 láithreán líonta talún gníomhacha dramhaíl chathrach isteach i gcomhair a diúscartha;
- Ag deireadh 2009 bhí c. 28M t de chumas ceadaithe líonta talún fanta;
- Ar rátaí reatha a líonta, ídeoidh 16 de na láithreáin reatha líonta talún soladacha a gcumas ceadaithe laistigh de 3 bliain;
- Mar gheall ar scaipeadh agus ar dhúnadh na láithreán líonta talún, caithfear aistriú suntasach idir-réigiúnach a bheith ann maidir le gluaiseacht dramhaíola;
- Údaráis áitiúla reported that there were 107 ionaid fónas poiblí agus 1,962 ionaid beir leat in operation i 2009, i gcomparáid le 96 agus 1,989 faoi seach i 2008;
- Tuairiscíodh tonnáiste 268,958 t de dhramhaíl chathrach arna tabhairt chuig ionad fónas poiblí agus ionaid beir leat, rud is laghdú 11% ar 2008;
- Táthar ag súil leis an gcéad loiscneoir cathrach in Éirinn a bheith i mbun oibre i 2011, faoi réir ag cinneadh atá fós le déanamh um an athbhreithniú ar an iarratas um cheadúnas a bhaineann leis;
- Sa bhliain 2009, thuairiscigh 22 áis gur ghlac siad le dramhaíl orgánach chathrach i gcomhair a diúscartha;
- Sa bhliain 2009, oibríodh Cóireáil Chomhtháite Mheicniúil (MBT) ar dhá láithreán maidir le méideanna beaga nó trialacha agus níor bhain an toradh bitheolaíoch caighdeán EPA amach maidir le seasmhacht;
- Tháinig méadú suntasach ar dhéantús an Bhreosla Bainte as Dramhaíl (RDF) i 2009, go c. 48,000 t (suas ó c. 26,000 t i 2008), go príomha ag ceithre ionad próiseála meicniúil.

Dul chun cinn maidir le hoibleagáidí náisiúnta agus AE

Rinneadh dul chun cinn maidir le spriocanna náisiúnta agus AE a bhaineann le hathchúrsáil, le haisghabháil agus le cur ar atreo, ag eascairt as Treoracha AE agus as straitéisí náisiúnta, mar a leagtar síos i dTáblaí 1A & 1B.

Mar is léir ó Thábla 1A, agus spriocanna Feithiclí ag Deireadh a Ré as an áireamh, tá dul chun cinn maith déanta ag Éirinn maidir leis an gcuid is mó dá hoibleagáidí AE thar réimse leathan reachtaíochta a bhaineann le dramhaíl. Tá roinnt bearnaí fós le líonadh, rud a dtabharfar aghaidh air sna blianta beaga atá romhainn.

Ó thaobh spriocanna náisiúnta um bainistiú dramhaíola (Tábla 1B) de, tá baol ann nach mbainfeadh Éire cuid áirithe díobh amach. Tá bealach fada fós le dul maidir le 50% den dramhaíl tí a chur ar atreo ó líonadh talún faoi 2013. Maidir le dramhaíl tógála & scartála, tá na spriocanna a socraíodh i mbeartas náisiúnta i 1998 bainte amach. Bhí moill ar bhailitheoirí dramhaíola, idir bhailitheoirí poiblí agus bhailitheoirí príobháideacha seirbhís scagtha dramhaíola a leathadh maidir le bithdhramhaíl ó theaghlaigh agus ó áitribh thráchtála. Cuir sé sin go mó le méid na teipe maidir le dul chun cinn ó thaobh scata de na spriocanna a leagadh síos in *An Straitéis Náisiúnta maidir le Dramhaíl In-bhithmhille* (DEHLG, 2006).

Tá sé tábhachtach a nótáil gur baineadh dul chun cinn amach idir 2008 agus 2009 maidir le DCI a chur ar atreo ó líonadh talún. Mar gheall ar an laghdú leanúnach ar mhéid na dramhaíola in-bhithmhille a cuireadh isteach i láithreáin líonta talún i 2009 (mar chéatadán den dramhaíl chathrach a cuireadh chuig líonadh talún), is féidir a rá go bhfuil Éire tar éis athrú a dhéanamh ar a stádas *Riosca* gan spriocanna atreo DCI a bhaint amach (mar a tuairiscíodh i dTuarascáil Náisiúnta Dramhaíola 2008), go stádas *I dTreo* sprioc lúil 2010 a bhaint amach (Tábla 1A). Tá tionscnaimh náisiúnta mar thaca le ráta riosca *I dTreo* do sprioc 2010 an AE, mar shampla, an Rialacháin um Dhramhaíl Bhia (IR Uimh. 508 de 2009) (a chuireann scagadh agus aisghabháil na dramhaíola bia chun cinn a eascraíonn in earnáil na tráchtála), athbhreithnithe ar cheadúnais EPA i gcomhair áiseanna líonta talún, leathnú ar bhailiúcháin trí araidí agus an moilliú leantach ar an ngeilleagar. Tá spriocanna i bhfad níos déine le cur i bhfeidhm do 2013 agus 2016, áfach, maidir le cur DCI ar atreo, rud a bheidh níos deacra a bhaint amach. Fanann an táscaire stádais ag *Riosca* maidir leis an dá sprioc sin. Sa bhliain 2010, chuir an Rialtas in iúl go raibh rún aige oibleagáid a chur i bhfeidhm ar bhailitheoirí dramhaíola córas scagtha bailithe ar leithligh a sholáthar do dhramhaíl bhia tí, nó socrú a dhéanamh chuige sin, trí mheán rialacháin chuige sin a fhoilsiú. Chiallóidh cur i bhfeidhm na hoibleagáide sin méadú ar mhéid na dramhaíola bia arna cur ar atreo ó líonadh talún.

Is suntasach an ní, leis, é, go bhfuil ag teipeadh ar Éirinn de bheagáinín na spriocanna reatha faoi Threoir ELV a bhaintamach. Tá na spriocanna reatha curtha in áit ó Eanáir 2006 agus beidh spriocanna níos airde ag teacht i bhfeidhm ó Eanáir 2015 amach. Chun go mbainfear na spriocanna AE amach, táthar ag súil go mbeidh gá le breis próiseála maidir le ELVanna, trí níos mó díobh a bhaint as a chéile sula ndéantar iad a mhionghearradh agus/nó trí úsáid teicneolaíochtaí iar-mhionghearrtha chun ábhair in-athchúrsáilte a bhaint as an ábhar mionghearrtha (miotál, plaisteach).

Tábla 1A: Dul chun cinn i dtreo spriocanna athchúrsála, aisghabhála agus atreo AE a bhaint amach

Treoir	Teideal	Alt	Spriocanna		Dul chun cinn reatha go target in Éirinn (2009)	Táscaire
			Spriocdháta	Sonraí sainiúla		
94/62/EC arna leasú	Treoir um Pacáistiú	6(1)	31-12-2011	Déanfar 60% ar a laghad de réir meáchain na dramhaíola pacáisíochta a aisghabháil nó a dhó in ionaid loiscthe agus fuinneamh a aisghabháil aisti.	70%	Bainte Amach
				Déanfar 55% ar a laghad de réir meáchain na dramhaíola pacáistíochta a athchúrsáil.	65%	Bainte Amach
				Faoin 31 Mí na Nollag 2011 , bainfear amach na spriocanna íosta athchúrsála seo a leanas maidir le hábhar i bpacáistíocht:		
				(i) 60% de réir meáchain maidir le gloine;	76%	Bainte Amach
				(ii) 60% de réir meáchain maidir le páipéar agus clár;	81%	Bainte Amach
				(iii) 50% de réir meáchain maidir le miotail;	50%	Bainte Amach
				(iv) 22.5% de réir meáchain maidir le plaistigh, gan ach ábhar a ndéantar é a athchúrsáil ar ais i bplaistigh a áireamh;	36%	Bainte Amach
				(v) 15% de réir meáchain maidir le hadhmad.	79%	Bainte Amach
2002/96/EC	Treoir WEEE	5(5)	(31-12-2006) 31-12-2008 ¹	Bailiú scagtha > 4kg de WEEE ó theaghlaigh phríobháideacha per duine per bliain.	9 kg	Bainte Amach
		7(2)		Maidir le gléasanna mhóra tí agus dáileoirí uathoibríochas:- – ardófar an ráta aisghabhála go dtí 80% ar a laghad de réir meánmheáchain per gléas; agus – ardófar an ráta athúsáidte agus athchúrsála maidir le comhpháirt, le hábhar agus le substaint go dtí 75% ar a laghad de réir meán-mheáchain per gléas.	83% ² 83% ²	Bainte Amach
				Maidir le trealamh TF, cumarsáide agus tomhaltóra:- – ardófar an ráta aisghabhála go dtí 75% ar a laghad de réir meán-mheáchain per gléas; agus – ardófar an ráta athúsáidte agus athchúrsála maidir le comhpháirt, le hábhar agus le substaint go dtí íosmhéid 65% de réir meán-mheáchain per gléas.	87% ² 84% ²	Bainte Amach

¹ Fuair Éire maoilú de dhá bhliain.

² Mar a sonraíodh leis an Treoir WEEE, Ní chuimsíonn na meastacháin sin maidir le céatadáin aisghabhála agus athchúrsála the gléasanna iomlána a ullmhú le hathúsáid ina n-iomláine.

Treoir	Teideal	Alt	Spriocanna		Dul chun cinn reatha go target in Éirinn (2009)	Táscaire
			Spriocdháta	Sonraí sainiúla		
				Maidir le gléasanna beaga tí, trealamh soilsithe, uirlisí leictreacha & leictreonacha, breéagáin, uirlisí monatóireachta agus rialaithe:- – ardófar an ráta aisghabhála go dtí íosmhéid 70% de réir meán-mheáchain per gléas; agus – ardófar an ráta athúsáidte agus athchúrsála maidir le comhpháirt, le hábhar agus le substaint go dtí íosmhéid 50% de réir meán-mheáchain per gléas.	85% ² 81% ²	Bainte Amach
				Maidir le lampaí sceite gáis, sroichfidh ráta athúsáide comhphárteanna agus substaintí íosmhéid 80% de réir mheáchan na lampaí.	91% ²	Bainte Amach
2000/53/EC	Treoir um Fheithiclí ag Deireadh a Saoil	7(2)(a)	1-1-2006	Athúsáid agus aisghabháil go dtí íosmhéid 85% de réir mheán-mheáchan feithicle agus bliana.	82% ³	Níor Baineadh Amach
				Athúsáid agus aisghabháil go dtí íosmhéid 80% de réir mheán-mheáchan feithicle agus bliana.	76% ³	Níor Baineadh Amach
		7(2)(b)	1-1-2015	Athúsáid agus aisghabháil go dtí íosmhéid 95% de réir mheán-mheáchan feithicle agus bliana.		- Riosca - Dlite Eanáir 2015
				Athúsáid agus aisghabháil go dtí íosmhéid 85% de réir mheán-mheáchan feithicle agus bliana.		- Riosca - Dlite Eanáir 2015
2006/66/EC	Treoir um Chadhraí	10(2)	26-9-2012	Íosmhéid 25% mar ráta bailithe maidir le cadhnraí & taisc-cheallraí.	17%	- Riosca - Dlite Meán Fómh 2012
			26-9-2016	Íosmhéid 45% mar ráta bailithe maidir le cadhnraí & taisc-cheallraí.	17%	- Riosca - Dlite Meán Fómh 2016
		12(4)	26-9-2011	Bainfidh na próisis athchúrsála na coigiltí seo a leanas amach, ar a laghad: (a) athchúrsáil 65 % de réir meán-mheáchain maidir le cadhnraí & taisc-cheallraí aigéid luaidhe, rud a chuimsíonn athchúrsáil den ábhar luaidhe go dtí an caighdeán is airde is féidir gan iomarca costais; (b) athchúrsáil 75 % de réir meán-mheáchain maidir le cadhnraí agus le taisc-cheallraí nicil-caidmiam, rud a chuimsíonn athchúrsáil ar an ábhar caidmiam go dtí an caighdeán is airde is féidir gan iomarca costais; agus (c) athchúrsáil 50 % de réir meán-mheáchain maidir le dramhaíl eile cadhnraí & taisc-cheallraí.		Future National Waste Reports
1999/31/EC	Treoir um Líonadh Talún	5(2)	(16-7-2006) 16-7-2010 ⁴	Caithfear méid na dramhaíola cathrach in-bhithmhille ag dul go líonadh talun a laghdú go 75% den chainníocht iomlán (de réir meáchain) den dramhaíl chathrach in-bhithmhille a táirgeadh i 1995 (< 916,000 t)	+ 144,000 t	Ar Sceideal Dlite Iúil 2010

³ Sonraí 2008

⁴ Fuair Éire maolú cheithre bliana maidir leis an gcéad dá sprioc.

Treoir	Teideal	Alt	Spriocanna		Dul chun cinn reatha go target in Éirinn (2009)	Táscaire
			Spriocdháta	Sonraí sainiúla		
			(16-7-2009) 16-7-2013	Caithfear méid na dramhaíola cathrach in-bhithmhille ag dul go líonadh talún a laghdú go 50% den chainníocht iomlán (de réir meáchain) den dramhaíl chathrach in-bhithmhille a táirgeadh i 1995 (< 610,000 t)	+ 450,000 t (meastachán) ⁵	- Riosca - Dlite Iúil 2013
			16-7-2016	Caithfear méid na dramhaíola cathrach in-bhithmhille ag dul go líonadh talún a laghdú go 35% den chainníocht iomlán (de réir meáchain) den dramhaíl chathrach in-bhithmhille a táirgeadh i 1995 (427,000 t)	+ 633,000 t (meastachán) ⁵	- Riosca - Dlite Iúil 2016
2008/98/EC	Creat nua um Threoir Dramhaíola	11(2)(a)	12-12-2020	Ullmhú d'athúsáid agus d'athchúrsáil 50% de pháipéar, de mhíotal, de phlaisteach & de ghloine díortha as dramhaíl tí (meastacháin maidir le míotal agus le plaisteach as WEEE tí san áireamh)	48%	Ar Sceideal
		11(2)(b)	12-12-2020	Ullmhú d'athúsáid, d'athchúrsáil agus d'aisghabháil eile (a chuimsíonn oibríochtaí aislíonta a úsáideann dramhaíl mar mhalairt ábhair) de 70% de réir meáchain de dhramhaíl T&S (seachas ithreacha aiceanta & clocha)	(98%) ⁶	Bainte Amach
		29	12-12-2013	Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola a bhunú (NWPP)	NWPP established in 2004	Bainte Amach

⁵ Bunaithe ar DCI go líonadh talún i 2008, ag glacadh leis nach dtiocfaidh méadú ar an DCI go líonadh talún (gan athrú).

⁶ Figiúr sealadach é seo, toisc aimhrialtacht maidir leis na sonraí T&S a tuairiscíodh.

Tábla 1B: Dul chun cinn i dtreo spriocanna náisiúnta um bainistiú dramhaíola

Ábhar	Sprioc	Foinse	Dul chun cinn reatha (2009)	Táscaire
Dramhaíl tí	50% de dhramhaíl tí arna bainistiú le cur ar atreo ó láithreáin líonta talún faoi dheireadh 2013	Bainistiú na Dramhaíola: Ár Nósanna a Athrú (DEHLG, 1998)	29.5%	- Riosca -
Dramhaíl chathrach	35% de dhramhaíl chathrach a athchúrsáil faoi dheireadh 2013		35% (excluding energy recovery)	Bainte Amach
Dramhaíl tógála & scartála	85% de dhramhaíl T&S a athchúrsáil faoi dheireadh 2013		99% (excluding energy recovery)	Bainte Amach
Dramhaíl in-bhithmhíllte	Páipéar agus cairtchlár cathrach a athchúrsáil:	An Straitéis Náisiúnta maidir le Dramhaíl In-bhithmhíllte (DEHLG, 2006) (spriocanna roghnaithe)		
	(i) 55% dár bainistíodh faoi dheireadh 2010		50%	- Riosca -
	(ii) 65% dár bainistíodh faoi dheireadh 2013		(50%)	- Riosca -
	(iii) 67% dár bainistíodh faoi dheireadh 2016		(50%)	- Riosca -
	Dramhaíl orgánach díortha as dramhaíl chathrach scagtha ag foinse (múiríniú baile san áireamh), mar chodán den ábhar in-bhithmhíllte sa DCI a bainistíodh:			
	(i) 35% dár bainistíodh faoi dheireadh 2010		18%	- Riosca -
	(ii) 43% dár bainistíodh faoi dheireadh 2013		(18%)	- Riosca -
	(iii) 50% dár bainistíodh faoi dheireadh 2016		(18%)	- Riosca -
Cadhnraí	Spriocanna eatramhacha bailithe a bhaint amach maidir le dramhcadhnraí in-iompair, bunaithe ar chainníocht na gcadhnraí a cuireadh ar an margadh sa Stát:	Cumarsáid DEHLG dár dháta 25-9-2008		
	(i) 15% faoin 26 Meán Fómhair 2010		(17%) ⁷	Bainte Amach
	(ii) 30% faoin 26 Meán Fómhair 2014		(17%) ⁷	- Riosca -

Conclúidí

Tagann an titim 8.4% ar mhéid na dramhaíola cathrach arna gineadh leis an titim ar an Olltáirgeacht Náisiúnta (GNP) idir 2008 agus 2009 (féach Léaráid 2, leathanach 12). Ina theannta sin, léiríonn na sonraí gur laghdaigh méid na dramhaíola tí a gineadh, ainneoin méadú a theacht ar líon an daonra agus gur tháinig feabhas ar rátaí aisghabhála tí agus tráchtála i 2009.

Tá dul chun cinn maith déanta ag Éirinn maidir lena hoibleagáidí aisghabhála/athchúrsála AE ó thaobh réimse teoracha dramhaíola AE, mar a leagtar síos i dTábla 1A. Tá ag teipeadh de bheagáinín ar Éirinn, áfach, ó thaobh na spriocanna a bhaineann le húsáid agus le haisghabháil/hathchúrsáil. Tá baol áirithe ann i gcónaí go dteipfeadh ar Éirinn na spriocanna Iúil 2013 agus 2016 sa Treoir um Líonadh Talún maidir le dramhaíl in-bhithmhíllte chathrach a chur ar atreo ó líonadh talún. Imreoidh an Creat nua um Threoir Dramhaíola an AE (2008/98/EC) tionchar suntasach agus í ag tiomáint an athraithe ar chleachtais agus ar rialú maidir le bainistiú dramhaíola in Éirinn agus in áiteanna eile sna deich mbliana seo romhainn. Níor éirigh chomh maith céanna le Éirinn ó thaobh na spriocanna fógartha maidir le bainistiú na dramhaíola (Tábla 1B).

Tá tionchar láidir á imirt ag an gcúlú geilleagrach ar mhéid na dramhaíola atá á gineadh, go háirithe sna sruthanna dramhaíola tráchtála, tógála agus scartála. Mar gheall ar an gcúlú (agus ar an laghdú dá bharr sin ar mhéid na dramhaíola a bhíonn á gineadh), tá Éire ag druidim i dtreo na spriocanna maidir le dramhaíl in-bhithmhíllte a chur ar atreo faoin Treoir AE um Líonadh Talún a

⁷ Bunaithe ar shónraí as ceann de na scéimeanna comhlíonta a bhaineann le cadhnraí.

bhaint amach. De réir na gcnámha scéil tuartha ag an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta maidir le téarnamh geilleagrach na Éireann, tiocfaidh fás 1 Mt (go 4 Mt) ar dhramhaíl sholadach chathrach sna deich mbliana nó dhá bhliain déag seo romhainn. Tá Éire fós faoi bhun na leibhéal forbartha maidir le feabhas an bhonneagair dramhaíola atá riachtanach chun réamhchóireáil a dhéanamh ar an dramhaíl chathrach sula ndéantar í a dhiúscairt (m.sh., díleá anaeróbach, dramhaíl go fuinneamh, srl.). Beidh sé ina dhúshlán na spriocanna maidir le dramhaíl a chur ar atreo agus a aisghabháil má thagann méadú ar mhéid na dramhaíola cathrach a ghinfear sa téarnamh geilleagrach agus gan an bonneagar riachtanach dramhaíola a bheith in áit chuige sin.

Moltaí

Agus Éire ag druidim le téarnamh geilleagrach, caithfear béim a choinneáil i gcónaí ar na beartais agus ar na gníomhartha a theastaíonn chun méadú ar dhramhaíl a scaradh ó fhás geilleagrach. Caithfear tosaíocht a thabhairt do chosc dramhaíola, seachas ar atreo amháin. Caithfear díriú i gcónaí ar an dramhaíl a chosc, mar thosaíocht, seachas í a chur ar atreo. Toisc a riachtanaí is atá sé ag lucht gnó agus seirbhísí stáit costais a laghdú san aeráid achrannach gheilleagrach agus buiséadachta atá anois ann, is riachtanas follasach tacaíocht don éifeachtúlacht maidir le hacmhainní agus do thionscnaimh caomhnaithe uisce agus fuinnimh, a bhfuil soláthar ina leith déanta ag Clár Náisiúnta Coiscthe Dramhaíola an EPA, ag Údarás um Fhuinneamh Inbhuanaithe Éireann agus ag Fiontraíocht Éireann.

Tá cur ar atreo lear mór dramhaíola bia ó líonadh talún fós ina thosaíocht a bhfuil sé den riachtanas aghaidh a thabhairt uirthi, díreach mar is tosaíocht i gcónaí feabhsú rátaí athchúrsála na dramhaíola cathrach.

Tá dealramh idir na gníomhaíochtaí tosaíochtaí maidir le bainistiú na dramhaíola cathrach in Éirinn do 2010 agus na cinn a aithníodh sna Tuarascálacha Náisiúnta Dramhaíola a chuaigh roimpi, ar a n-áirítear a riachtanaí is atá sé:

- Féachaint chuige go mbíonn leordhóthain de bhonneagar ar fáil chun cóireáil a dhéanamh ar an lear mór de dhramhaíl orgánach (dramhaíl bhia, go háirithe) a dteastaíonn bailiú scagtha agus cur ar atreo ó líonadh talún chuige sin agus, ina theannta sin, an chuid orgánach den sruth measctha orgánach iarmharach;
- Seirbhísí a chur in áit do bhailiú scagtha na dramhaíola orgánaí (dramhaíl bhia, go háirithe) ó theaghlaigh agus ó áitribh thráchtála sna ceantair fheidhmeacha údarás áitiúla ar fad; agus
- Scóip dhíolta táirgí na cóireála sin; chuige sin, ba chóir go soláthródh cur i bhfeidhm rathúil clár rx3 urraithe ag an DEHLG (Clár Forbartha an Mhargaidh) tacaíocht luachmhar do mheicníochtaí do thionscadal náisiúnta ábhar athchúrsáilte;
- Beartas náisiúnta dramhaíola a nuashonrú agus a shoiléiriú. Beidh sé sin ina chabhair chun cinnteacht a sholáthar i dtionscal dramhaíola na hÉireann chun dlús a chur leis na cláir dhreasaithe infheistíochta a theastaíonn chun cóireáil a dhéanamh ar dhramhaíl agus líonadh talún a sheachaint;
- Cosc ar dhramhaíl bhia a chur chun cinn trí mheán na dtionscnamh faoin gClár um Chosc Dramhaíola, mar shampla, StopFoodWaste.ie (www.stopfoodwaste.ie), Gnó Glas agus an Clár um Fháilteachas Glas;
- Feabhas ar leathnú ábhar oideachasúla ar theaghlaigh maidir leis an tríú haraid a úsáid (i gcomhar ábhar orgánaigh) (m.sh., www.foodwaste.ie).

Cé gur dírfódh cuid mhór den iarracht go nuige seo maidir le dramhaíl in-bhithmhílte ar scagadh na dramhaíola ag a foinse agus ar chóireáil na dramhaíola i ndiaidh a bailithe, léiríonn na suirbhéanna a reáchtáladh thar ceann an EPA go bhfanann codán suntasach d'ábhar in-bhithmhílte sa dramhaíl as seirbhís bailithe trí araide mar araid iarmharach (suas le 47% maidir le bailiúcháin teaghlaigh). Má tá Éire chun spriocanna atreo 2013 agus 2016 faoi Threoir um Líonadh Talún an AE, ní mór bonneagar a fhorbairt chun an codán sin a chóireáil.

Bhí na rátaí maidir le hathúsáid agus le hathchúrsáil/haisghabháil sa Treoir um Fheithiclí ag Deireadh a Ré (ELV) beagán faoi bhun a spriocanna faoin Treoir. Caithfidh na táirgeoirí atá freagrach as na spriocanna sin a bhaint amach dul i ngleic leis an gceist sin, mar thosaíocht. Tá sé beartaithe ag an DEHLG dul i dteagmháil leis an lucht leasmhara ELV ar fad atá freagrach as Rialacháin ELV a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú i dtaobh na teipe maidir leis na spriocanna a bhaint amach faoin gcóras reatha. Chun go mbainfear spriocanna an AE amach, táthar ag súil go mbeidh gá le breis próiseála trí níos mó díobh a bhaint as a chéile sula

ndéantar iad a mhionghearradh agus/nó trí úsáid teicneolaíochtaí iar-mhionghearrtha chun ábhair in-athchúrsáilte a bhaint as an ábhar mionghearrtha (miotail, plaisteach). Beidh spriocanna níos déine fós le sásamh faoi 2015.

Chun faisnéis suas le dáta a chruinniú maidir le bonneagar ceadaithe dramhaíola sa Stát, spreagtar údaráis áitiúla chun an Bunachar Sonraí um Cheadúnais Dramhaíola agus Deimhnithe Cláraithe a líonadh chomh luath agus a dhéantar ceadúnais dramhaíola agus deimhnithe cláraithe a dheonú, a athbhreithniú, a aisghairm nó a shíothlú.

Ní féidir béim sách mór a chur ar a thábhachtaí is atá sonraí tráthúla beachta ó lucht leasmhara chun oibleagáidí tuairiscithe náisiúnta agus AE a shásamh. Tá oibleagáidí dlíthiúla ann maidir le taifeadadh agus le tuairisciú a dhéanamh ar bhainistiú dramhaíola, rud a fhágann go gcaithfidh an lucht leasmhara ar fad féachaint chuige go soláthraítear dóthain acmhainní maidir le bainistiú agus le tuairisciú sonraí. Nuair a thabharfar próisis níos fearr isteach maidir le sreabhadh dramhaíola a rianú ó phointe a bailithe trí chóireáil, trí aistriú agus trí dhiúscairt/aisghabháil, beidh sé sin ina chabhair chun tomhas beacht a dhéanamh ar cad a bhaintear amach go náisiúnta maidir le cur ar atreo agus le haisghabháil.

1 Réamhrá

Tá sé de dhualgas ar an EPA faoin gClár um Chosc Dramhaíola (NWPP) staitisticí náisiúnta a chur i dtoll a chéile maidir le giniúint agus le bainistiú dramhaíola i bPoblacht na hÉireann, ar a n-áirítear faisnéis faoi onnmhairiú agus faoi allmhairiú. Tá sé d'aidhm ag an Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola (NWR) an fhaisnéis is déanaí a chur ar fáil maidir le giniúint agus le bainistiú na dramhaíola in Éirinn, bunaithe ar na tuairiscí a thugtar don EPA. Ullmhaítear agus foilsítear staitisticí náisiúnta dramhaíola gach bliain, mar chuid den NWPP. Úsáidtear na sonraí dramhaíola a bhailítear don NWR chun tuairiscí a chur ar fáil do Choimisiún an AE faoi Threoracha éagsúla (Pacáistiú, WEEE, ELVanna), an Rialachán um Staitisticí Dramhaíola (2150/2002/EC arna leasú) agus Coinbhinsiún Basel maidir le gluaiseacht trasteorann dramhaíola guaisí a rialú. Aithníonn an EPA a riachtanaí is atá sonraí maithe maidir le giniúint agus le bainistiú dramhaíola chun faisnéis chruinn bheacht a sholáthar do lucht déanta beartas náisiúnta agus AE agus do lucht déanta cinntí i dtaobh na dramhaíola.

1.1 Cur chuige an tsuirbhé faoin Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola

Tá sonraí dramhaíola don bhliain féilire 2009 sa NWR reatha seo. Ar an lucht ginte dramhaíola a bhfuil cur síos orthu sa tuarascáil seo, tá foinsí cathracha (teaghlaigh, áitribh thráchtála), gníomhaíochtaí tionsclaíochta agus tógála. Baineadh úsáid as sonraí ó na foinsí seo a leanas chun an fhaisnéis sa NWR seo a thiomsú:

- Údaráis áitiúla;
- An Oifig Náisiúnta um Loingsiú Trasteorann;
- Oibreoirí ceadúnaithe dramhaíola (láithreáin líonta talún, oibreoirí dramhaíola guaisí, múiríneoirí, srl.);
- Oibreoirí ceadaithe dramhaíola (eagraíochtaí aisghabhála, mar shampla, lucht láimhseála miotail, áiseanna údaraithe cóireála i gcomhair feithiclí ag deireadh a ré);
- Gníomhaíochtaí um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú;
- Táirgeoirí féin-chomhlíonta WEEE agus scéimeanna comhlíonta maidir le cadhnaí; agus
- An scéim náisiúnta comhlíonta um pacáistiú.

Tugtar tagairtí i gcás gach foinse a luaitear tríd síos sa tuarascáil. Tugtar aitheantas do chomhoibriú na n-eagraíochtaí freagróra go léir agus níorbh fhéidir an tuarascáil seo a chur le chéile gan na sonraí dea-chaighdeán a chuireadar ar fáil. Rinneadh bailíochtú deisce ar gach toradh suirbhé agus rinneadh 33 iniúchadh um fhíorú sonraí, a chuimsigh 10 ceantar feidhmiúcháin údarás áitiúil agus 23 oibreoir dramhaíola. Rinneadh an EPA iniúcha ar ocht gcinn de na hoibreoirí móra dramhaíola soladaí cathrach agus thug cuairt réitithe sonraí ar na scéimeanna comhlíonta maidir le WEEE agus le pacáistiú. Soláthraíonn an EPA ceardlanna oiliúna maidir le comhlíonadh na suirbhéanna, déanann a lámhleabhair treorach ar líne a nuashonrú agus soláthraíonn Líne Cabhrach um an Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola Helpline agus seoladh saindírithe ríomhphoist i gcomhair oibreoirí dramhaíola.

Is cúram é bailiú sonraí maidir le giniúint agus le bainistiú dramhaíola i gcomhair an Stáit a chuireann ualach nach beag ar acmhainní thionscal na dramhaíola, údarás áitiúla, EPA agus eile. Doiciméad tábhachtach náisiúnta atá sa NWR, ina soláthraítear bonn eolais do bheartas, do straitéis infheistíochta na hearnála príobháidí agus do phleanáil ghnó. Ina theannta sin, soláthraíonn na sonraí a bhailítear faoin NWR sonraí a úsáidtear chun tuairisciú a dhéanamh faoi choinníollacha tuairiscithe an AE. Dá bhrí sin, tugann na sonraí sin eolas don AE faoi cé acu an mbíonn Éire ag baint amach a spriocanna faoi Threoracha éagsúla agus faoi Rialacháin éagsúla AE, nó nach mbíonn, rud a d'fhéadfadh fíneálacha agus pionóis a tharraingt anuas ar an Stáit as teipeadh ar iad a chomhlíonadh. Sa chomhthéacs sin, baineann tábhacht as cuimse le sonraí tráthúla beachta dramhaíola ó lucht leasmhara chun go gcomhlíontar na hoibleagáidí tuairiscithe sin. To deimhin, tá oibleagáid reachtúil ar fhreagróirí an fhaisnéis sin a chur ar fáil don EPA. Sa bhliain 2009, tháinig cúrsaí áirithe aníos a d'fhág nár chuir Comhairle Cathrach Átha Cliath sonraí ar fáil don EPA (sonraí ó oibreoirí bailithe dramhaíola agus ó oibreoirí áiseanna dramhaíola faoi cheadúnas i Réigiún Átha Cliath). B'éigean don EPA suirbhé a dhéanamh ar na hoibreoirí sin agus na sonraí sin a bhailiú agus a fhíorú, chun an tacar náisiúnta sonraí a chomhlánú. Ina theannta sin, theip ar na comhairlí seo a leanas sonraí T&S a sholáthar don EPA: Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae Chorcaí agus Comhairle Contae Chill Mhantáin. Ar an ábhar sin, b'éigean meastacháin maidir le méid na dramhaíola T&S a

bailíodh agus a aisghabhadh sna ceantair fheidhmeacha sin a úsáid chun an tacar náisiúnta sonraí a chomhlánú. Aithnítear go bhfuil slí ann do choigiltí náisiúnta maidir leis na bealaí ina ndéantar sonraí dramhaíola a bhailiú agus a thuairisciú, go háirithe agus brú ag teacht ón AE le déanaí oibleagáidí sonraí a leathnú. Tá tacaíocht AE ann faoi láthair (trí Oifig um Bainistiú Dramhaíola Réigiún Luimnigh, an Chláir agus Chiarraí) chun áis tuairiscithe leictreonach náisiúnta AER a fhorbairt maidir le bailiú dramhaíola, rud ina ndírítear ar coigilití a bhaint amach i gcomhair oibreoirí agus údarás áitiúla.

Tá sé ag éirí níos deacra aicmí sruthanna tí agus tráchtála a aithint ó chéile sna haicmí measctha dramhaíola cathrach a théann chuig láithreáin líonta talún. Léiríonn sé sin laigí móra sna cleachtais reatha maidir le rangú na dramhaíola soladaí arna seachadadh, de réir mar a chuirtear i bhfeidhm ag geataí na láithreán líonta talún iad. Is dúshlán do na hoibreoirí sin an slabhra casta a bhaineann le bainistiú ábhar dramhaíola cathrach, a shíneann ó bhailiú go dtí próiseáil go dtí aisghabháil agus diúscairt na dramhaíola in ionaid éagsúla (.i. cá mhéad di is dramhaíl tí agus cá mhéad is dramhaíl thráchtála).

Is rud é sin a gcaithfidh lucht seolta na dramhaíola agus oibreoirí na láithreán líonta talún feabhas a chur air sna blianta atá romhainn. Imríonn sonraí laga tionchar díreach ar fhigiúirí athchúrsála maidir le sruthanna dramhaíola tí agus tráchtála. Anuas air sin, de bharr na dífríochta suntasaí atá idir ábhar dramhaíola tí agus tráchtála ó thaobh ábhar in-bhithmhílte cathrach de, d'fhéadfadh léamh a bhaint as easpa taifead beachta maidir le sruthanna dramhaíola a thabharfadh le fios go bhfuil ag teipeadh ar Éirinn spriocanna riachtanacha AE a bhaint amach.

Ní chuimsíonn an modh cuntasáíochta dramhaíola a úsáideadh sa tuarascáil seo agus sna tuarascálacha NWR a chuaigh roimpi ábhar a bhí á aistriú ná á stóráil go sealadach, toisc nach ábhar é a rinneadh a dhiúscairt ná a aisghabháil sa bhliain féilire sin. Tuairiscíodh i NWR 2008 go raibh méadú tagtha ar mhéid na dramhaíola arbh ábhar in-athchúrsáilte agus pacáistiú é, ag eascairt as praghsanna ísle margaidh na n-ábhar tirime in-athchúrsáilte sa dara leath de 2008. Dá thoradh sin, bhí thart faoi 40,000 t de bhreis de dhramhaíl mheasctha in-athchúrsáilte agus de phacáistiú á stóráil ag deireadh 2008 ná ag deireadh 2007. Tháinig méadú áirithe ar phraghsanna margaidh le haghaidh ábhar tirime in-athchúrsáilte i 2009, agus léirítear na sonraí gluaiseacht ábhar tirime in-athchúrsáilte amach as stórais i 2009.

Ba cheart a nótaíl gur féidir malartú +/- 1 tonna a bheith ar na hiomláin sna táblaí, mar gheall ar shlánú staitisticí.

1.2 Forbairtí náisiúnta agus cúrsaí a bhaineann leo

Cuireann an Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola faisnéis ar fáil mar bhonn eolais i gcomhair forbairtí náisiúnta agus AE ó thaobh reachtaíochta agus beartas de agus faigheann faisnéis mar bhonn eolais uathu sin, mar aon le faisnéis maidir le dul chun cinn sa teicneolaíocht a bhaineann le bainistiú na dramhaíola. Tá sé úsáideach, dá réir sin, scrúdú a dhéanamh anseo ar roinnt forbairtí tábhachtacha le bliain anuas maidir le beartas agus cleachtas a bhaineann le bainistiú na dramhaíola agus súil chun cinn a thabhairt ar fhorbairtí amach anseo. Díreann anailís sin ar cabhair a sholáthar maidir le hoibreoirí, le forbairt beartas agus le pleanáil bonneagair.

Comhairliúchán maidir le beartas náisiúnta dramhaíola

D'fhoilsigh an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil doiciméad comhairliúcháin i mí Iúil 2010 maidir le beartas nua náisiúnta i dtaobh na dramhaíola. Tá cur síos sa doiciméad sin ar na príomhphrionsabail agus ar na príomhghníomhartha de chuid an Rialtais a bheidh, dar leis an Rialtas *“mar bhonn eolais le beartas dramhaíola in Éirinn do na deich mbliana amach anseo agus ina ndiaidh sin”*. Foilsíodh dhá dhoiciméad comhairliúcháin eile in éineacht leis: ceann inar moladh rialacháin faoina mbeadh bailiúchán trí-araide mar sheirbhís riachtanach do gach áitreabh cónaithe, agus ceann eile inar moladh teoracha mar bheartas faoi Alt 60 den Acht um Bainistiú Dramhaíola ina gcuirfí srian le DCS agus ábhair eile a dhó.

Cuimsíonn an beartas molta a mheabhru do dhaoine go bhfuil sé de riachtanas go dtabharfaí aitheantas sa bheartas Éireannach maidir le bainistiú dramhaíola don éabhlóid Eorpach ón “dramhaíl a bhainistiú” go dtí “acmhainní a choigilt” agus “bainistiú inbhuanaithe ábhar”. Deirtear ann go gcaithfear athmhúnlú suntasach a dhéanamh ar an mbeartas Éireannach chun go mbainfear amach an chéim chun cinn a theastaíonn chun cuspóir uaillmhianach ardluacha a bhaint amach maidir le bainistiú acmhainní agus dramhaíola den scoth.

An Rialachán um Bainistiú Dramhaíola (Dramhaíl Bhia) 2009 (IR 508 de 2009)

Ceapadh na Rialacháin sin, a tháinig i bhfeidhm in Eanáir 2010 agus a mbeidh feidhm phraiticiúil leo ón 1 Iúil 2010 amach, chun scagadh agus úsáid fhóinteach na dramhaíola bia a eascraíonn in earnáil na tráchtála a chur chun cinn. Is í aidhm atá leo ná cur le méid na dramhaíola bia a bhíonn á haisghabháil. Saincheapadh na Rialacháin sin, go háirithe, mar éascaíocht chun na spriocanna a leagadh síos i dTreoir 99/31/EC maidir le Dramhaíl i Líonadh Talún a bhaint amach maidir le dramhaíl in-bhithmhíllte cathrach a chur ar atreo ó láithreáin líonta talún, trí mheán dramhaíl bhia arna scagadh ag foinse a chur ar atreo chuig ionaid mhúirínithe agus bithgháis agus chuig dóigheanna eile cóireála.

Leagann na Rialacháin oibleagáidí ar na dreamanna is mó a ghineann dramhaíl, mar shampla, foirgnimh Stáit ina ndéantar bia a ullmhú, bialanna, caifí, ionaid dailte bia the, ceantíní, óstáin agus tithe móra ósta, óspidéal, ollscoileanna, aerfoirt agus ollmhargaí agus miondfoltóirí eile bia, na hábhair sin a scagadh. Ina dhiaidh sin, caithfidh siad iad a chur ar fáil mar ábhar scagtha le bailiú nó le haistriú go díreach ag an táirgeoir chun críocha cóireála údaráithe. Mar mhalairt, is féidir na hábhair sin a chóireáil ar an láthair ina ndéantar iad a tháirgeadh de réir coinníollacha sonraithe.

Mar a nótáladh, tá na Rialacháin sin dírithe ar earnáil na tráchtála, ach d'eisigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil tacar rialachán i samhradh na bliana 2010 faoina mbeadh gá le scagadh agus le bailiú na bithdhrumhaíola sin do shealbhóirí tí. Níl cinneadh ar bith déanta go nuige seo maidir le tacar críochnúil rialachán a fhoilsiú ina leith sin.

Truailleáin Orgánacha Mharthanacha

Ciallaíonn truailleáin orgánacha mharthanacha (POPanna) substaintí ar bagairt iad do shláinte an duine agus do chúrsaí comhshaoil. Nithe nimhiúla is ea iad, a mhaireann sa timpeallacht agus a dtagann bithcharnadh orthu trí ghréasán an bhia. Déantar POPanna a liostáil faoi Choinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha (Coinbhinsiún) agus faoi Choinbhinsiún UNECE ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha (Prótacal).

Is féidir iad a fho-rangú i dtrí phríomhaicme:-

- Lotnaidicídí, m.sh., DDT;
- Ceimiceáin tionsclaíochta, m.sh., défheinilí polaclóirínithe (PCBanna);
- Seachtháirgí neamhbheartaithe, m.sh., dé-ocsainí, fúráin.

Is é an EPA an t-údarás inniúil chun críocha na Rialacháin náisiúnta um Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha (IR Uimh. 235 de 2010) agus Rialachán 850/2004 an AE maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (Rialachán POPanna an AE). Is iad na príomhchuspóirí atá ag Rialachán POPanna an AE ná sláinte an duine agus leas an chomhshaoil a chosaint trí mheán cosc nó deireadh a chur de réir a chéile nó srian a chur le táirgeadh, le cur ar an margadh agus le húsáid POPanna a luaitear sa Choinbhinsiún agus sa Phrótacal. Ina theannta sin, caithfear dramhaíl a sháraíonn tiúchan áirithe POPanna a scriosadh nó a chlaohlú, faoi réir ag maolaithe fíor-theoranta.

Sa bhliain 2010, leasaíodh Rialachán POPanna an AE chun ábhair de bhreis a chuimsiú mar POPanna liostáilte. Áirítear ar na substaintí sin éitir dhéfhéiníle polabróimínithe (PBDE), aigéad sárfluaroachtáin sulfónach (PFOS) agus a dhíorthaigh, agus peinteaclóraibeinséin. Imreoidh na POPanna nua sin agus ag a dtiúchan tionchar ar conas dramhaíl ina bhfuil siad a bhainistiú amach anseo. Tá staidéar ar siúl anois ag Coimisiún na hEorpa chun moltaí a fhorbairt maidir le teorainneacha íosta do thiúchan POPanna do dhramhaíl ina a mbíonn na POPanna nua sin, chun go gcaithfear iad a bhainistiú mar dhramhaíl POPanna má théann thar teorainn áirithe. Táthar ag súil leis na srianta sin a thabhairt isteach i 2011.

Ar na saghsanna dramhaíola a d'aithin Coimisiún na hEorpa mar dhramhaíl arbh fhéidir na substaintí nua sin POP a bheith iontu tá sludáí séarachais, dramhaíl a easraíonn as táirgí d'aois áirithe, rud a chuimsíonn brat urláir agus táirgí a bhaineann le cumhdach troscáin (m.sh., troscán, tochtanna, srl.), ábhar iarmharach mionghearrtha feithiclí agus ábhar sonraithe WEEE. Tá tástáil samplaí de na saghsanna sin dramhaíola arna dtáirgeadh in Éirinn á heagrú ag an EPA faoi láthair, chun leibhéil na bPOPanna nua sin iontu a dhéanamh amach. Tá sé sin ar siúl d'fhonn impleachtaí a aithint maidir le bainistiú na saghsanna sin dramhaíola agus chun faisnéis a chur ar fáil do dhóspóireachtaí AE go luath i 2011 maidir le teorainneacha dramhaíola. Is réimse de bheartas i mbun a fhorbartha é sin arbh fhéidir impleachtaí suntasacha a bheith ag baint leis maidir le sruthanna áirithe dramhaíola, ar a n-áirítear roinnt dírithe go traidisiúnta i dtreo na hathchúrsála. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ina leith ag <http://www.epa.ie/whatwedo/resource/hazardous/pops/>.

Dramhaíl sholadach chathrach a Réamhchóireáil

Foilsíodh treoir leis an EPA dár theideal *Réamhchóireáil ar Dhramhaíl Sholadach Chathrach agus Iarmharaigh a Bhainistiú* i 2009. Ina dhiaidh sin, chuir an EPA tús le hathbhreithniú ar na ceadúnais do láithreáin líonta talún chun na spriocanna iomchuí réamhchóireála a shníomh isteach iontu, mar aon le prótacail a bhaineann le monatóireacht, le tomhas agus le tuairisciú. D'fhoilsigh an EPA dhá dhoiciméad comhairleacha eile maidir leis na hoibleagáidí réamhchóireála a chur i bhfeidhm. Is é atá sa chéad cheann ná dréacht de lámhleabhar treorach ina leagtar síos an réimeas monatóireachta trína soláthrófar fianaise inghlactha don EPA maidir le méid an DCI sa dramhaíl chathrach a théann go láithreáin líonta talún.

Táthar ag súil go gcuirfear bailchríoch ar an doiciméad sin tar éis an dara babhta de na suirbhéanna um rangú dramhaíola ag ionaid bithchóireála agus eile. Is é atá sa dara doiciméad ná liosta “fachtoirí DCI” a cheadaíonn cur i bhfeidhm fachtoirí cruthaithe DCI maidir le sruthanna bailithe agus le sruthanna roghnaithe dramhaíola arna réamhchóireáil.

Tá súil ag an EPA, trí mheán na teorach sin agus é ag obair i gcomhar le tionscal na dramhaíola agus leis na húdaráis áitiúla, fachtóirí iomchuí, treoir agus teimpléid a sholáthair chun méid na DCI a chuirtear chuig láithreáin líonta talún a thomhas agus a thuairisciú go caighdeánach ar fud an tionscail. Cuirfidh sé seo deireadh leis an riachtanas atá anois ar gach oibreoir líonta talún a rangú DCI féin a reáchtáil, rud a laghdóidh costais. Agus tuiscint níos fearr ann ar fáil ar na sruthanna dramhaíola a théann chuig láithreáin líonta talún, mar aon le húsáid na bhfachtóirí bithmhílte iomchuí agus le tuairisciú ráithiúil trí r-phost faoi mhéid na DCI a ghlactar isteach, beifear in ann feabhas a chur ar chruinneas tomhaiste na n-ábhar in-bhithmhílte sa dramhaíl iarmharach a nglactar leis i gcomhair a diúscartha ag láithreáin líonta talún. Is rud fóir-thábhachtach maidir le hoibriú éifeachtach chóras tomhaiste DCI san DCS a chuirtear chuig líonadh talún taifeadadh cruinn a dhéanamh ar an sruth dramhaíola DCS de réir saghsanna (dramhaíl tí nó tráchtála, modh réamhchóireála, srl.).

Cuireadh bailchríoch, chomh maith, i 2010 ar shuirbhé maidir le *Dramhaíl Orgánach ó Ghnónna dá Soláthraítear Córas Bailithe Orgánach* (i.e. tríú haraid). Breathnaíonn an suirbhé sin, a bhaineann le saothar de chuid an EPA a foilsíodh i 2008 maidir le rangú na dramhaíola cathrach, ar an tionchar a imríonn úsáid na seirbhíse trí-araide ag áitreabh tráchtála ar shaghas an ábhair a bhíonn san araid iarmharach. Tugann na torthaí le fios nár tháinig ach laghdú beag ar mhéid an ábhair DCI san araid iarmharach i gcomhair na hearnála tráchtála, mar atá, ó 77% go 73.4%. Táthar ag súil go dtiocfaidh tuilleadh laghdaithe ar ábhar DCI san araid iarmharach thráchtála nuair a bheidh tionchar iomlán na Rialacháin um Dhramhaíl Bhia, a tháinig i bhfeidhm in Eanáir 2010 le brath.

An Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí

Tá athbhreithniú eatarlach á ullmhú ag an EPA maidir le dul chun cinn faoin bPlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola 2008-2012. Tá roinnt staidéar agus gníomhartha arna n-aithint agus arna gcur i gcrích le bliain anuas ag an EPA, ina measc:

- Measúnú riachtanas i gcomhair Áis Náisiúnta um Dhramhaíl Dheacair (rud a chuimsíonn láithreáin líonta talún do dhramhaíl ghuaiseach);
- Staidéar geilleagrach ar athchúrsáil agus ar chóireáil na dramhaíola tuaslagán;
- *Treoir do Gharáiste Glic*, ina gcuirtear dea-chleachtais chomhshaoil i bhfeidhm ag garáistí;
- Tionscadal chun cód cleachtais a fhorbairt maidir le dramhaíl ghuaiseach a ghlacadh ag ionaid fóntas poiblí;
- Tuarascáil maidir le dramhaíl ghuaiseach a eascraíonn as earnáil na feirmeoireachta.

Tá, nó beidh, torthaí na staidéar sin ar fáil mar thuarascálacha agus mar threoir, i ndiaidh a gcríochnaithe, ar fáil ag an nasc seo a leanas: <http://www.epa.ie/whatwedo/resource/hazardous/>. Is é cuspóir na faisnéis sin ná cur le tuiscint níos fearr agus le bainistiú níos fearr ar shruthanna dramhaíola guaisí in Éirinn ag lucht leasmhara.

Clár an EPA um Chosc Dramhaíola (NWPP)

Foilsíodh an séú tuarascáil um dhul chun cinn maidir le NWPP an EPA i Mí na Samhna 2010. Doiciméad is ea *An Plean um Chosc Dramhaíola 2009-2012*, a foilsíodh go luath i 2009 tar éis dul i gcomhairle le lucht leasmhara, ina leagtar síos aidhm agus ailtireacht an chlár go dtí 2012. Tá ag éirí go maith le NWPP an EPA (a chuimsíonn caomhnú acmhainní) ó cuireadh tús leis i 2004, faoinar caitheadh beagnach €16M go nuige seo. Ní i gcónaí is féidir luach in airgead a chur ar thionchar athrú iompair nó feabhas de réir a chéile ar chúrsaí comhshaoil, ach tá tomhas glactha ar choigiltí díreacha costais don earnáil gnó agus institiúide trí idirghníomhaíocht leis an NWPP mar choigilt charnaithe bhliantúil thar €5M dóibh siúd a bhíonn bainteach leis. Cé nach bhfuil an clár arna leathnú go dtí roinnt earnálacha go nuige seo, tá an EPA den tuairim láidir gur féidir le gníomhaíochtaí eile gnó agus le heagraíochtaí eile sa Stáit na coigiltí céanna a fháil.

Leanfaidh an EPA dá chuid oibre i gcomhar leis na himreoirí eile ar fad a bhaineann le hábhar chun an cumas um chosc dramhaíola a fhorbairt go leanúnach agus tíosachas acmhainní a chur chun cinn i sochaí na hÉireann. Is rud é sin a mbeidh tionchar dearfach aige agus Éireann ag sracadh le teacht slán as an gcúlú reatha mar shochaí níos inbhuanaithe.

Comhoibriú idir Gníomhaireachtaí maidir le beartas dramhaíola

Tá an EPA ag obair go gníomhach i gcomhar le scata comhlachtaí Stáit maidir le cúrsaí a bhaineann le bainistiú agus le beartas dramhaíola, d'fhonn moltaí maidir le tíosachas, le treoir chomhtháite agus le seirbhís a thairiscint do thionscadal na dramhaíola agus do lucht déanta beartas. Ina theannta sin, is cabhair an comhoibriú sin chun féachaint chuige go gcoimeádtar cosaint an chomhshaoil agus caomhnú acmhainní ag croílár an phróisis ina ndéantar cinntí thar réimse beartas a imríonn tionchar ar chleachtaí agus ar oibreacha a bhaineann le bainistiú dramhaíola.

Réimse amháin den chomhoibriú idir gníomhaireachtaí is ea bainistiú ábhar áirithe raidhgníomhacha a thug ann do threoir úsáideach chomhtháite don phobal gnó. Is gnách na saghsanna sin dramhaíola a bheith lasmuigh den ghnáthstruchtúr bainistithe agus den réimeas reachtúil in Éirinn (á bainistiú faoi reachtaíocht ar leith), seachas roinnt réimsí tábhachtacha. Mar shampla, maidir le bainistiú WEEE, is tacair fhorluiteacha beartas um bainistiú dramhaíola raidhgníomhaí agus beartas ginearálta dramhaíola ó thaobh díchoimisiúnú braiteoirí dramhaíola deataigh (a mbíonn foinse bheag raidhgníomhach iontu) agus fearas x-ghathaithe caite i leataoibh. Tá treoir maidir le bainistiú na sruthanna sins agus saghsanna eile dramhaíola a mbaineann riosca leo le fáil ar na naisc seo a leanas:

<http://www.epa.ie/downloads/advice/waste/weee/>; agus

<http://www.rpii.ie/CMSPages/GetFile.aspx?nodeguid=0d9a7d17-e83f-4c8c-a551-044b2409d095&PublicationID=4648>

1.3 Forbairtí agus oibleagáidí an AE

Creat nua um Threoir Dramhaíola (2008/98/EC)

Reachtáil an DEHLG tréimhse comhairliúcháin i Mí na Samhna 2010 maidir leis an rialachán molta chun Creat nua um Threoir Dramhaíola (2008/98/EC) (WsFD) a thrasú. Tháinig an Treoir sin i bhfeidhm ar an 12 Mí na Nollag 2010.

Ar na príomhréimsí de ghníomhaíocht Choimisiún na hEorpa maidir le beartas dramhaíola AE a fhorbairt i 2010 chun an Creat nua um Threoir Dramhaíola, bhí:

- Múnlaíodh dréacht de phrótaicail tomhaiste do na spriocanna athchúrsála arna sannadh in Alt 11 den WsFD maidir le páipéar, le miotail, le plaisteach agus le gloine. Tá ceithre mhodh tomhaiste á moladh agus is léir nach ar aon intinn atá na Ballstáit ar fad maidir leis an dóigh inar cheart cé chomh maith is ar baineadh spriocanna amach a ríomh.
- Dréacht de chritéir a fhoirmliú maidir le stádas deireadh dramhaíola miotail (féach Alt 6 den WsFD) (féach Cuid 1.4 den tuarascáil seo).
- Dréachtadh critéir dheireadh dramhaíola maidir le hábhair eile, mar shampla, gloine agus páipéar agus liosta de na hábhair eile a d'fhéadfadh a áireamh (mar shampla, breosla arna ghiniúint as dramhaíl).
- Treorú ó Choimisiún na hEorpa a fhorbairt maidir le foirmle éifeachta R1 a chur i bhfeidhm (fuinneamh as dramhaíl) (tag. Iarscríbhinn II den WsFD).
- Doiciméad treorach a ullmhú mar léirmhíniú ar an WsFD agus a chuid sainmhínithe.
- Treorú ó Choimisiún na hEorpa a fhoilsiú maidir le Smaoineamh Saolré (LCT) agus le Measúnú Saolré (LCA) i mbainistiú na dramhaíola.
- Múnlaíodh dea-chleachtais i gcláir um chosc dramhaíola (samplaí NWPP na hÉireann san áireamh).
- Múnlaíodh moltaí leasaithe maidir le liosta Saghsanna Dramhaíola an AE.

Tá réimse an-leathan ábhar agus tionscnamh ag teacht amach as an WsFD. Beidh tionchar suntasach ag na forbairtí sin ar an dóigh ina ndéanfar an Treoir a léirmhíniú agus a oibriú ar an leibhéal náisiúnta.

Beartas AE maidir le Smaoineamh agus le Measúnú Saolré i mbainistiú dramhaíola

Tá Coimisiún na hEorpa an-ghníomhach maidir le Smaoineamh Saolré (LCT) agus Measúnú Saolré (LCA) a fhoirmliú agus a chur chun cinn, mar choincheapa, mar chuir chuige iomchuí a thacaíonn le beartas nua-aimseartha comhshaoil agus le déanamh cinntithe gnó. Is í aidhm bhunúsach an LCT ná an iarmhairt i gcoitinne ar chúrsaí comhshaoil a mhaolú. Is féidir go mbeadh trádmhalartú idir iarmhairtí ag céimeanna éagsúla de tháirge nó de sheirbhís.

Den chéad uair riamh, tá ceangal faoin dlí curtha ag an WsFD nua faoin ordlathas dramhaíola, ordlathas a cuireadh i dtoll a chéile agus cuir chuige saolré intuigthe iontu. De réir Alt 4 den Treoir, ‘beidh feidhm leis an ordlathas mar ordú tosaíochta sa reachtaíocht a bhaineann le cosc agus le bainistiú dramhaíola’. De réir Alt 4(2) den Treoir, agus an t-ordlathas á chur i bhfeidhm, ‘glacfaidh na Ballstáit na bearta a theastaíonn [maidir le teicneolaíocht agus le beartas dramhaíola] chun na roghanna is fearr a dhéanfaidh an toradh is fearr ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn agus moltar LCT mar mhodh measúnaithe, go háirithe i gcás ina moltar imeacht ón ordlathas. Aithnítear san WsFD nach nithe iad cur i bhfeidhm an ordlathais agus úsáid LCT agus LCA atá scartha amach óna riachtanaí is atá sé na roghanna teicneolaíochta agus beartais a mheas maidir le hindéantacht na teicneolaíochta agus le hinmharthanacht gheilleagrach (féach an t-alt deiridh in Alt 4).

Tá sé soiléir gur den tábhacht é beartas AE a fhorbairt maidir le Tá sé soiléir gur den tábhacht é beartas AE a fhorbairt maidir le Smaoineamh Saolré /Measúnú Saolré a úsáid i mbainistiú na dramhaíola; agus, ach go háirithe, an ról sainiúil a imríonn sé maidir leis na tástálacha don ordlathas dramhaíola chun críocha Alt 4 i gcomhair an WsFD. Tá sraith cáipéisí tagartha agus uirlisí tacaíochta i réimsí LCT agus LCA á tógáil ag Coimisiún na hEorpa trína thairseacha ag http://lct.jrc.ec.europa.eu/index_jrc. Mar shampla, tá foilseacháin úsáideacha le fáil ar an suíomh sin maidir le measúnú comhshaoil i gcomhthéacsanna éagsúla a bhaineann le bainistiú dramhaíola, agus fardal maidir le staidéir LCA a bhaineann le bainistiú dramhaíola. Le roinnt míonna anuas tá an Coimisiún tar éis comhairliúcháin spriocdhírthe faoi rún a réachtáil maidir leis an treorú molta *Treorú Straitéiseach maidir le LCT agus LCA i mBainistiú Dramhaíola*, mar aon le dhá cháipéis mar thaca le cinntí fóna comhshaoil maidir le bainistiú comhshaoil, dár dteidil *Treoir maidir le Smaoineamh & le Measúnú Saolré i mBainistiú Dramhaíola do lucht Déanta Cinntí agus do Lucht Gnó agus Treoir Theicniúil maidir le Smaoineamh & le Measúnú Saolré i mBainistiú Dramhaíola do Shaineolaithe Dramhaíola agus do Chleachtóirí LCA*. Rianáítear cur chuige molta an Choimisiúin sa dá cháipéis sin maidir le measúnú a dhéanamh ar bheartas nó ar theicneolaíocht áitiúil nó náisiúnta i gcoinne oibleagáidí an ordlathas dramhaíola agus bealach ar bith a mholtar maidir le himeacht ón ordlathas. Nuair a fhoilseoidh an Coimisiún an treorú, tuigtear don EPA go mbeidh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil i gcaidreamh le lucht leasmhara maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil LCT/LCA ar bhainistiú na dramhaíola in Éirinn.

Faoi chlár taighde STRIVE, tá an EPA ag tacú le meitheal uile Éireann agus idirnáisiúnta chun críocha uirlis a fhorbairt chun an riachtanas sa todhchaí a shásamh maidir le conas smaoineamh saolré a chur i bhfeidhm agus reachtaíocht agus beartas dramhaíola a bhforbairt. *Uirlis Chomhtháite um Anailís agus Lorg Coise Carbóin Saolré i mBainistiú Dramhaíola a Fhorbairt do na Príomhshruthanna Dramhaíola in Éirinn* (tagairt STRIVE: 2008-WRM-MS-2-S1) is teideal don tionscadal sin. Táthar ag súil le toradh na taighde sin a fhoilsiú go luath i 2011.

Moltaí maidir le sludach séarachais

Scaip an Coimisiún dréacht-dhoiciméad plé maidir le bainistiú sludaigh agus bithdhramhaíola. Fiafraítear de dhaoine sa chomhairliúchán sin an rud iomchuí caighdeán maidir le bithdhramhaíl agus le múirín (faoi ábhar a ghintear as bithdhramhaíl) a thabhairt isteach i gcás go mbítear ag beartú na hábhair sin a scaradh ar an talamh mar leasú agus/nó mar fheabhsaitheoir ithreach. Dá ndéanfaí é sin, b’fhéidir nach mbeadh gá ar bith le treoir ar leith maidir le bithdhramhaíl. Fágadh saghsanna áirithe bithdhramhaíola as an téacs comhairliúcháin (m.sh., sludaigh ionad cóireála dramhuisce tionsclaíochta as ionaid déiríochta, bríbhéireacht agus bia).

Moltar sa dréacht-dhoiciméad teorainneacha éilleán maidir le bithdhramhaíl agus sludach séarachais. Pléitear sa doiciméad srianta breise a chur le húsáid na n-ábhar sin ar an talamh, mar shampla:

- Toirmeasc ar shludach neamhchóireáilte ag dul chuig líonadh talún;
- Cobhsú sludaigh (boladh a íoslaghdú);
- Sláintíocht sludaigh (srian a chur le *Salmonella* agus *Escherichia coli*);
- Srianta maidir lena leathadh (tráth na bliana, mianach na talún, bearna idir leatha agus baint/inníor).

Níor thug an Coimisiún le fios go fóill cathain a bhfuiltear ag súil le bailchríoch a chur ar an tionscnamh sin.

Rialachán um Staitisticí Dramhaíola

Cuireann an Rialachán um Staitisticí Dramhaíola (2150/2002/EC) ceangal ar na Ballstáit tuairisc a chur isteach gach dara bliain maidir le (i) giniúint na dramhaíola (ag earnálacha geilleagracha NACE agus ag teaghlaigh de réir 48 aicme dramhaíola) (ii) cóireáil na dramhaíola (diúscairt agus aisghabháil), (iii) bonneagar na cóireála (líon agus cumas na n-ionad cóireála sa Stát) agus (iv) céatadán clúdaithe na scéime bailithe. Úsáideann an EPA sonraí a tiomsaíodh don Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola chun tuairiscí a chur chuig Coimisiún na hEorpa faoin Rialachán um Staitisticí Dramhaíola. Rinneadh an Rialachán um Staitisticí Dramhaíola a leasú i 2010 (849/2010/EC) agus beidh tionchar ag an leasú sin ar na sonraí do bhliain tagartha 2010, atá dlite le tuairisciú faoi Mheitheamh 2012. Tugann an Phríomh-Oifig Staidrimh cabhair chuige sin don EPA.

1.4 Dramhaíl mar acmhainn

Cuimsíonn an Treoir nua um Chreat Uisce(2008/98/EC) sainmhíniú leathan ar cad is cosc dramhaíola ann, ar a n-áirítear coincheapa mar athúsáid agus ullmhú le hathúsáid ábhar mar rud le cur in áit amh-ábhar, srl. Tá tíosachas acmhainní (ar cuid de an fhealsúnacht uasmhéadú ar an luach a bhaintear as acmhainní tánaisteacha nó as tionscnaimh athchúrsála agus athúsáide) anois ar cheann de na príomhthosaíochtaí comhshaoil san Eoraip ó tugadh isteach é i measc na seacht dtionscnaimh bratloinge sa straitéis Eoraip 2020 Choimisiún na hEorpa a foilsíodh i Márta 2010. Tá fás gasta ag teacht ar úsáid na dramhaíola mar amh-ábhar i gcomhair táirgí mar ghníomhaíocht i réimsí beartais agus tionsclaíochta. Is féidir méadú suntasach a dhéanamh ar choigilití ach ábhar dramhaíola a úsáid mar amh-ábhar nó mar acmhainn agus tá fás ag teacht ar líon na ndeiseanna sa réimse sin a eascraíonn as athdhearadh (éiceadhearadh) próiseas a chinnteoidh gurbh fhusa iarmharaigh a athphróiseáil nó a aisghabháil mura féidir iad a chosc; i gcomhair forbairt caighdeán tánaisteacha (m.sh., múirín, tathaguithe, miotail, srl.); i gcomhair teicneolaíochtaí fuinnimh atá i gcumas breoslaí tánaisteacha a úsáid; do thionscnaimh meaitseála dramhaíola (do chuid dramhaíola a mheaitseáil le háis i gcumas í a úsáid mar acmhainn), srl.

Rinne an DEHLG mhaoiniú ar chlár *rx3* (athsmoineamh, athchúrsáil, athdhéanamh), clár atá an-ghníomhach maidir le caomhnú acmhainní. D'eascair tionscnaimh *rx3* as Grúpa Forbartha Margaidh an Rialtais, agus i dtéarmaí simplí, is é is cuspóir dó cabhrú le forbairt margaí inbhuanaithe agus ionaid eile a chuireann ábhar in-athchúrsáilte amach agus chun an dá chuspóir leibhéil athchúrsála a dhreasú bunaithe ar sholáthar seirbhísí scagtha bailithe agus cur le hinbhuanaitheacht i gcoitinne maidir le bainistiú acmhainní in Éirinn. Is iad na sruthanna dramhaíola ar a bhfuil *rx3* dírithe ná páipéar, plaistigh agus orgánaigh. Tá measúnú ar siúl ag *rx3*, mar chuid dá chlár reatha chúig bliana (2007-2011) maidir le slabhra soláthair an pháipéir aisghafa in Éirinn, chomh maith le teorú a fhorbairt maidir le dea-chleachtas chun cáilíocht níos fearr a bhaint amach maidir le páipéar aisghafa.

Ina theannta sin, imreoidh spriocanna an Rialtais maidir le Soláthar Glas Poiblí tionchar ar an ngnóchlár caomhnaithe/coigiltis acmhainní agus cuirfidh siad le coinníollacha an mhargaidh inbhuanaithe ó thaobh deiseanna athchúrsála de. Tiocfaidh buntáiste maidir le coinníollach an mhargaidh de maidir leis na hábhair sin as ábhair athchúrsáilte agus thánaisteacha a úsáid i dtionscadail phoiblí agus i gconarthaí seirbhíse. D'aithin Coimisiún na hEorpa tíosachas in úsáid acmhainní mar rud ag croílár na sprice sin ina dhoiciméad cumarsáide um beartas tionsclaíochta (*Beartas Comhtháite Tionsclaíochta do Ré an Domhaidithe: Cumas Iomaíochta agus Inbhuanaithe a Thabhairt go Lár Ardáin*) agus caint ar siúl faoin tionsclaíocht a thabhairt suas chun dáta. San doiciméad cumarsáide sin, breathnaítear ar ghníomh beartais maidir le soláthar glas, le taighde glas, le héicea-nuálaíocht, le rialú glic, le hábhair a chur in ionad ábhar eile, le hathchúrsáil, le húsáid ábhar in-athnuachana agus amh-ábhar tánaisteacha mar nithe lena mbaineann tábhacht chun críocha gníomhaíochtaí inbhuanaithe iomaíocha tionsclaíochta.

Rinne Éire aisghabháil ar c. 1.1 Mt dá sruthanna dramhaíola cathrach (adhmaid, páipéar, plaistigh, orgánaigh miotail, srl.) i 2009 (ar a n-áirítear sruthanna miotail, adhmaid, plaistigh agus gloine T&S), ar cuireadh 69% thar lear i gcomhair a aisghabhála.

Tuairiscítear an chuid is mó den ábhar aisghafa sin a bheith arna hathchúrsáil (.i. aisghabháil nach chun fuinnimh). Sa bhliain 2008 (an suirbhé is déanaí maidir le hábhar foinse tionsclaíochta), tuairiscítear timpeall 1.2 Mt den dramhaíl tionsclaíochta a bheith arna haisghabháil, ar cuireadh timpeall 75% de chuig gníomhaíochtaí nach mbaineann le hathchúrsáil (rud a chuimsíonn roinnt sruthanna de shaghas cathrach, m. sh., páipéar, cárta, srl.). Tá sé le léamh ar na sonraí sin go bhfuil ar a laghad c. 1.6 Mt d'ábhair in-athchúrsáilte ar fáil faoi láthair do mhargadh na hÉireann. Ní áirítear ansin meastachán ar bith de na hacmhainní a d'fhéadfadh a bheith faoi ghlas i gcónaí sa dramhaíl iarmharach atá á cur chuig láithreáin líonta talún (1.86 Mt i 2009) tráchtála i gcomhair a diúscartha anois. Breathnaítear ar fhorbairt ardchaighdeán i gcomhair acmhainní tánaisteacha mar ghné thábhachtach de ghníomhaíochtaí dúchasacha tionsclaíochta. Is ní é sin a chuirfeadh le geilleagar na tíre trí mheán jobanna a chruthú, trí nuáil agus trí amh-ábhar a choigilt.

Deireadh dramhaíola

Tá forbairtí tábhachtacha AE ann maidir le stádas deireadh-le-dramhaíl (EoW) (féach Alt 6 den WsFD nua) maidir le hábhair aisghabhála ar leith. Trí mheán an Chomhchoiste um Chóiriú Teicniúil an AE (TAC) a bunaíodh faoin Treoir, tá critéir EoW á bhfoirmlíú maidir le hábhair arna sannadh (agus le hábhair roghnaithe eile) arna ndul trí phróiseas aisghabhála/athchúrsála. Is féidir le Ballstáit teacht ar chomhaontú maidir le critéir don AE ar fad do shaghsanna áirithe dramhaíola agus ansin bíonn orthu glacadh ansin leis na bearta sainithe sin ar an leibhéal náisiúnta i ndiaidh a bhfoilsithe. Tá an Coimisiún tar éis critéir mholta EoW a fhoilsiú maidir le miotail agus táthar ag leanúint den obair maidir le gloine, le páipéar agus le hábhair eile. Ní dramhaíl a thuilleadh chun críocha spriocanna náisiúnta aisghabhála agus athchúrsála ábhar ar bith a bhaineann caighdeán EoW amach. Tá tuilleadh eolais le fáil tríd an nasc seo le suíomh Choimisiún na hEorpa: http://ec.europa.eu/environment/waste/framework/end_of_waste.htm.

Tá cead a gcinn ag na Ballstáit cinneadh cás-ar-chás a ghlacadh maidir le hábhar ar bith nach dtagann go fóill faoi phróiseas TAC an AE maidir le foirmlíú na gcritéir EoW, nó nach moltar a dtabhairt faoi. I gcás go nglacann Ballstát cinneadh critéir EoW a shocrú d'ábhar áirithe, caithfidh sé an cinneadh sin a fhógairt (mar rialachán teicniúil) do na Ballstáit agus don Choimisiún (féach Alt 6.4 den WsFD 2008/98/EC). Mhol an EPA dhá chaighdeán nua i 2010 (maidir le gipseam agus le boinn bhurláilte). Is féidir na fógraí sin a rianú trí shuíomh idirlín Chórais Faisnéise agus Rialachán an AE (TRIS) ar: http://ec.europa.eu/enterprise/tris/about/index_en.htm. Tá an córas sin in úsáid ag Ballstáit eile, mar shampla, an Ríocht Aontaithe, a chuir fógraí rialachán teicniúla EoW maidir le luaith phúdraithe breosla, le holaí breosla a aisghabhadh, le gipseam, srl. Iar nglacadh leis na caighdeáin fhógartha theicniúla sin, is féidir an t-ábhar a thrádáil mar acmhainn (seachas mar dhramhaíl) ar fud an AE.

Seachtháirgí

Tá struchtúr maidir le measúnú agus le cinneadh a dhéanamh curtha in áit faoin WsFD maidir le seachtháirgí a rangú (.i. cé acu an acmhainn nó an dramhaíl iarmharach próisis). Ní ceist í seo a bhaineann le hábhar maidir le táirgí príomha, ach is féidir go mbainfeadh a bheag nó a mhór de dheacracht le roinnt próiseas a chuireann iarmharach, nó *seachtháirge*, amach, ó thaobh a rangaithe mar dhramhaíl nó eile agus, go deimhin, is féidir go mbeadh sé sin ag brath ar chúinsí. Leagtar síos faoin WsFD na critéir faoinar féidir cinneadh rangaithe a dhéanamh maidir le seachtháirgí.

Faoin dóigh ina bhfuil WsFD tógtha, cé go bhfuil cosúlacht idir na 'cruthúnais' a theastaíonn faoi Alt 5 (Seachtháirge) agus faoi Alt 6 (Deireadh dramhaíola), ní cosúil iad ó thaobh a riachtanas riaracháin. Níl fógra AE ag teastáil faoi Alt 5, ná fós teorú cinnte don Choimisiún critéir *seachtháirgí* a thabhairt isteach, mar atá sainordaithe i gcás ábhar áirithe arna n-ainmniú mar ábhair EoW. Cinntí a bhaineann le húsáid ar leith is mó a bheidh i gcinntí *seachtháirgí*. Ar ndóigh, caithfidh ábhar ar bith ar a bhealach ó stádas díobhaigh (dramhaíl) go stádas *seachtháirge* dul isteach i REACH agus i riachtanais maidir le pacáistiú agus le lipéadú. Maidir leis na rialuithe reachtúla sin, tugtar fuascailtí áirithe maidir le hábhar a bhíonn le hathúsáid mar acmhainn ar láithreán a tháirgthe.

2 Giniúint dramhaíola cathrach

Meastar gur gineadh méid iomlán 2,952,977 t de dhramhaíl chathrach in Éirinn i 2009, rud is laghdú 8.4% ar líon 2008 (Tábla 2 agus Léaráid 1). Is bogadh suntasach síos é sin go dtí leibhéal faoi bhun leibhéil 2004. Léiríonn Léaráid 2 go bhfuil an titim ar mhéid na dramhaíola arna gineadh in Éirinn ag teacht leis an titim ar an GNP agus leis an titim shuntasach ar an tomhaltas pearsanta. Tá an dramhaíl tí a ghintear ag teacht le patrúin an tomhaltais phearsanta.

Cuimsíonn na sonraí do mhéid na dramhaíola tí a gineadh meastacháin i dtaobh na dramhaíola tí nach mbíonn á bailiú (128,000 t; féach an chuid deiridh de Chuid 3.2). Déantar idirdhealú dá réir sin idir méid na dramhaíola cathrach *arna giniúint* agus méid na dramhaíola cathrach *arna bainistiú* – ní bhaineann an dara saghas ach le dramhaíl arna múiríniú sa bhaile, arna bailiú nó arna tabhairt go díreach chuig áiseanna dramhaíola.

Léiríonn Tábla 2 treocht síos maidir le giniúint na dramhaíola, a thosnaigh i 2008. Tháinig laghdú 3% ar mhéid na dramhaíola tí a gineadh, i gcomparáid le líon 2008 agus laghdú 12% ar mhéid na dramhaíola tráchtála. Tháinig titim c. 50,000 t ar thonnáiste na dramhaíola tí a gineadh, i gcomparáid le sonraí 2008, agus tá sí ar leibhéal anois atá ag teacht le sonraí 2004, cé gur tháinig titim ar líon an daonra (Léaráid 2). Pléitear anailís níos mionsonraithe maidir le príomh-chomhpháirteanna na dramhaíola tí agus tráchtála cathrach arna bainistiú mar shruthanna i gCuid 3.2 agus i gCuid 3.3 den tuarascáil seo.


Tábla 2: Dramhaíl chathrach a gineadh, 2004–2009

	2004	2005	2006	2007	2008	2009
Dramhaíl tí (t)	1,728,154	1,746,408	1,978,716	1,761,167	1,677,338	^a 1,626,469
Dramhaíl tráchtála(t)	1,202,824	1,235,629	1,327,068	1,549,075	1,477,397	1,299,807
Dramhaíl ghlantacháin (t)	(69,661)	(58,677)	(78,822)	(87,441)	(69,546)	26,701
Iomlán na dramhaíola cathrach (t)	3,000,638	3,040,714	3,384,606	3,397,683	3,224,281	2,952,977
% athraithe	2.8	1.3	11.3	0.4	-5.1	-8.4


(Foinse: suirbhé eagraíochtaí aisghabhála; suirbhé ar láithreáin líonta talún, suirbhé údarás áitiúla)

Cuimsíonn dramhaíl ghlantacháin cosamar sráide, ábhar in araidí cathrach agus dramhaíl páirceanna agus gairdíní. Rinneadh diúscairt mhídhleathach a rangú i mbliana mar dhramhaíl tráchtála nó tí, ag brath ar an gcur síos, rud a mhíníonn an titim fhollasach i dtonnáiste na n-ábhar sin. Tá dúshlán ag baint leis an ábhar sin a rianú trí thimthriall iomlán a bhainistithe, toisc go ndéantar cuid mhór den dramhaíl sin a mheascadh in áiseanna aistrithe agus cóireála leis an dramhaíl tí arna bailiú. Cosamar sráide as an áireamh (meascán bruscair, grin agus uisce, srl.), tá saghsanna an ábhair sin mórán ar aon dul le saghsanna dramhaíola tí agus tráchtála agus ní féidir iad a aithint ó chéile. Aithnítear sa chuid den tuarascáil seo ina bpléitear le líonadh talún (Roinn 10.1) gur diúscaíodh 26,701 t de chosamar sráide agus de dhramhaíl ó chothabháil páirceanna i 2009, cé gur dóichí ná a mhalairt gur bailíodh agus gur meascadh níos mó ná sin le sruthanna dramhaíola tí agus tráchtála do líonadh talún.

^a Rud a chuimsíonn WEEE tí a bailíodh ag ionaid fónas poiblí agus ag áitrigh mhiondíola.



Léaráid 1: Treochtaí maidir le giniúint dramhaíola tráchta agus GNP, 2004-2009




Léaráid 2: Treochtaí maidir le giniúint dramhaíola tráchta, GNP, daonra agus tomhaltas

Sonraí in úsáid maidir le daonra, le GNP agus le tomhaltas pearsanta faighte ón Phríomhoifig Staidrimh

Ionchas maidir le dramhaíl chathrach

Rinne clár taighde STRIVE an EPA an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) a choimisiúnú chun Samhail Forbartha Inbhuanaithe na hÉireann (ISus) a chruthú, a thabharfaidh tuar maidir le hastuithe náisiúnta comhshaoil agus úsáid acmhainní suas go dtí 2025, le haire ar fhorbairtí geilleagracha agus sóisialta. Tá samhail sin ISus á thiomáint ag samhail HERMES an ESRI, a dhéanann táirgeadh geilleagrach agus tomhaltas a thuar in aghaidh earnálacha.

Tá ceangal dlúth idir toirt na sruthanna de dhramhaíl chathrach sa todhchaí agus feidhmíocht an gheilleagair agus ar chumas an gheilleagair teacht slán ón gcúlú geilleagrach. Tríd an samhail ISus a úsáid, is féidir toirteanna de dhramhaíl chathrach bhainistithe don tréimhse suas go dtí 2025 a thuar, ar an mbunús go mbeidh bisiú geilleagrach ann. Tá scrúdú déanta ag Bergin *et al.* 2010 ar na dóigheanna inarbh fhéidir biseach a theacht ar gheilleagar na hÉireann: déantar dhá chás a mheas ann, mar atá, *Fás Ard* agus *Fás Íseal*.



Léaráid 3: Fás tuatha ar dhramhaíl chathrach (samhail ISus³⁷ – Cás Fás Íseal)

Ach an geilleagar a bheith tagtha chuige féin i 2012 agus ina dhiaidh sin, meastar go dtiocfaidh méadú idir 2 agus 2.5% per annum ar an tonnáiste de dhramhaíl chathrach (Cás Fás Íseal, Léaráid 3). Agus fás mar sin ar siúl, tiocfaidh fás thart faoi mhilliún tonna laistigh de thart faoi 15 bliain ar thonnáiste iomlán na dramhaíola cathrach (cuireann cás fás íseal don gheilleagar síneadh leis an scála ama 10 bliain arna thuairisciú i dTuarascáil Náisiúnta Dramhaíola 2008 maidir le méadú mar sin). Cé go bhféadfadh go mbeadh cumas bainistithe sách mór ann sa todhchaí gearr, caithfear infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar um bainistiú dramhaíola chun déileáil leis an bhfás atá á thuar do dhramhaíl chathrach don tréimhse deich mbliana atá díreach romhainn.

Sna blianta atá ag teacht, beidh sé tábhachtach cláir a neadú maidir le cosc dramhaíola, le caomhnú acmhainní agus le héiceadhearadh, mar chabhair chun an ceangal idir giniúint dramhaíola agus an fás geilleagrach amach anseo a bhriseadh.


3 Bainistiú dramhaíola cathrach

Léiríonn méid na dramhaíola cathrach a bainistíodh i 2009 (2,824,977 t) laghdú 8% ar mhéid na dramhaíola cathrach a bainistíodh i 2008 (3,103,820 t). Léirítear rátaí diúscairthe agus aisghabháil na sruthanna bainistithe dramhaíola cathrach i dTábla 3 agus i Léaráid 4. Tháinig méadú 1.5% ar mhéid na dramhaíola cathrach a aisghabhadh i 2009 i gcomparáid le 2008 (ó 37.5% go 39%, mar chéatadán den dramhaíl a gineadh) agus laghdú dá réir ar an dramhaíl chathrach a cuireadh go dtí líonadh talún. Tá sprioc náisiúnta 35% athchúrsála faoi 2013 á sárú i gcónaí ag an ráta aisghabhála. Bhí méid iomlán na dramhaíola cathrach a bainistíodh comhdhéanta de 1,498,469 t de dhramhaíl tí, 1,299,807 t de dhramhaíl tráchtála agus 26,701 t de dhramhaíl ghlantacháin sráide. Déantar scrúdú níos mine ar chomhábhair na sruthanna dramhaíola tráchtála agus tí níos sia anonn sa chuid seo den tuarascáil.

Tábla 3: Diúscairt agus aisghabháil dramhaíola cathrach bainistithe, 2009

Ábhar	An chainníocht a bainistíodh (t) ⁹	An chainníocht a diúscaíodh go líonadh talún (t)	National landfill disposal rate (%)	An chainníocht a aisghabhadh (t)	An ráta náisiúnta aisghabhála (%)
Iomlán	2,824,977	1,723,705	61	1,101,272	39

(Foinse: suirbhé eagraíochtaí aisghabhála, suirbhé údarás áitiúla, suirbhé ar láithreáin líonta talún)




Léaráid 4: Treochtaí maidir le haisghabháil agus diúscairt dramhaíola cathrach, 2004-2009

Léiríonn Léaráid 4 treochtaí maidir le haisghabháil agus le diúscairt na dramhaíola cathrach, mar aon le fás an daonra le sé bliana anuas. Tá sé le léamh as na treochtaí arna léiriú i Léaráid 4 (agus i Léaráid 2) briseadh an naisc idir méadú ar mhéid na dramhaíola a ghintear agus fás daonra.

⁹ Ní áirítear san iomlán sin meastacháin maidir le dramhaíl neamhbhailithe (128,000 t).

Cé go bhfuil Éire fós go mór i dtuilleamaí líonta talún maidir le dramhaíl iarmharach a chóireáil, tá an bhearna idir an ráta feabhsaithe athchúrsála a baineadh amach (35%) agus an meánráta 27 AE 40% á dúnadh (Léaráid 5).



Léaráid 5: DCS in Éirinn arna bainistiú i gcomparáid le DCS 27 AE

Tugtar i dTábla 4 briseadh síos de na sonraí um dhiúscairt dramhaíola cathrach do 2009 agus ríomhtar ann an t-athrú sa mhargadh ó 2008. Is suntasach mar a laghdaíodh de 15% an sruth dramhaíola tráchtála a diúscaíodh go líonadh talún, i gcomparáid le méid 2008, rud is treocht leanúnach, mar a nótáladh i dTuarascáil Náisiúnta Dramhaíola 2008. Tá titim c. 21% tagtha ó bhliain tuairiscithe 2007 ar an tonnáiste de dhramhaíl tráchtála iarmharach a diúscaíodh go líonadh talún, mar gheall ar an gcúlú geilleagrach, go príomha.

Tábla 4: An t-athrú ar chomhábhair na dramhaíola cathrach arna diúscairt go líonadh talún idir 2008 agus 2009

	Dramhaíl tí a diúscaíodh go líonadh talún (t)	Dramhaíl tráchtála a diúscaíodh go líonadh talún (neamhphróiseas tráchtála san áireamh)(t)	Cosamar sráide a diúscaíodh go líonadh talún (t)	Iomlán DCI a diúscaíodh go líonadh talún (t)
2008	1,155,567	758,178	24,969	1,938,714
2009	1,056,267	640,737	26,701	1,723,705
% athraithe	-8.6%	-15%	+7%	-11%

3.1 Aisghabháil agus athchúrsáil na dramhaíola

Tugtar sa chuid seo den tuarascáil eolas maidir le haisghabháil na sruthanna dramhaíola bainistithe in Éirinn, bunaithe ar na sonraí a soláthraíodh sna suirbhéanna ar eagraíochtaí aisghabhála agus ar láithreáin líonta talún.

Soláthraítear i dTábla 5 thíos eolas maidir le méid na dramhaíola cathrach agus neamhchathrach a aisghabhadh (m.sh., gloine as feithiclí ag deireadh a ré agus gearrthóga plaisteacha as próisis tionsclaíochta), toisc go léiríonn dóigheanna próiseála na n-ábhar sin (fágfar as an áireamh aisghabháil dramhaíola guaisí agus T&S, toisc go ndéantar tuairisciú ina leith sin áit eile sa tuarascáil seo).

Tábla 5: Sruthanna scagtha dramhaíola neamhghuaisí a aisghabhadh in Éirinn agus thar lear i 2009

Ábhar a aisghabhadh	Dramhaíl scagtha Éireannach a aisghabhadh in Éirinn (t) Iomlán	Dramhaíl scagtha Éireannach a aisghabhadh thar lear (t) Iomlán
Miotail Iarnúla	348	469,253
Páipéar agus Cairtchlár	5,269	504,324
Gloine	15,049	108,388
Plaisteach	30,111	67,585
Teicstílí ¹⁰	471	7,187
Miotail Mheasctha	1,764	20,013
Alúmanam	2,464	14,257
Adhmad	234,712	2,012
Dramhaíl Orgánach	91,682	5,642
Breosla Díortha as Dramhaíl	36,642	11,176
WEEE	19,574	18,869
Boinn Rotha	12,263	4,256
Eile ¹¹	0	14,337
Iomlán	450,350	1,247,299

(Foinse: suirbhé eagraíochtaí aisghabhála, suirbhé ar láithreáin líonta talún)

Léirítear i dTábla 6 gur in Éirinn a rinneadh 31.1% d'aisghabháil na dramhaíola cathrach i 2009. Is é an t-athrú is mó i 2009 thar 2008 ná an méadú ar mhéid an bhreosla a gineadh as dramhaíl (36,642 t aisghafa i 2009 i gcomparáid le 63 t i 2008). Is é is cúis leis sin ná an méadú ar líon na n-oibreoirí dramhaíola a mbíonn a gcuid dramhaíola á próiseáil acu chun breosla a ghiniúint as dramhaíl (RDF), chomh maith le forbairt ar mhargaidh náisiúnta. Baineann an laghdú tonnáiste is mó i sruth dramhaíola cathrach le páipéar agus cairtchlár. Aisghabhadh iomlán 509,512 t de pháipéar agus de chairtchlár in Éirinn agus thar lear i 2009, i gcomparáid le 596,471 t i 2008, rud is laghdú de 86,959 t (go príomha mar gheall ar mhéid na dramhaíola a bhí ar fáil – tháinig titim shuntasach i 2009 (8.4%) ar mhéid na dramhaíola a gineadh).

¹⁰ Déantar codán mór de theicstílí a athúsáid.

¹¹ Pacáistíocht chomhdhéanta, pacáistíocht mheasctha.

Tábla 6: Dramhaíl neamhghuaiseach a aisghabhadh in Éirinn i 2008 agus i 2009 (allmhairithe as an áireamh)

Ábhar ¹²	2008		2009	
	Aisghafa in Éirinn (t)	%& aisghafa in Éirinn (i gcomparáid leis an iomlán aisghafa do gach ábhar)	Aisghafa in Éirinn (t)	%& aisghafa in Éirinn (i gcomparáid leis an iomlán aisghafa do gach ábhar)
Adhmad	173,266	95.1	171,464	98.9
Dramhaíl orgánach ¹³	90,484	93.0	91,546	94.2
Breosla díortha as dramhaíl ¹⁴	63	0.2	36,642	76.6
Plaisteach	22,437	29.8	23,102	31.6
Gloine	18,274	15.2	13,507	11.2
Teicstílí ¹⁵	2,514	33.2	471	6.2
Páipéar agus cairtchlár	5,554	0.9	5,269	1.0
Alúmanam	3,121	17.9	17	0.4
Miotail mheasctha	4,718	17.8	0	0.0
Miotail iarnúla	2,159	0.4	0	0.0
Iomlán	322,592	18.4	342,018	31.1

(Foinse: suirbhé eagraíochtaí aisghabhála, suirbhé ar láithreáin líonta talún)

Tá Éire fós go mór i dtuilleamaí na haisghabhála thar lear maidir le hábhar in-athchúrsála cathrach (Tábla 7), maidir le miotail, le páipéar agus le cairtchlár, ach go háirithe.

Tábla 7: Dramhaíl neamhghuaiseach cathrach a aisghabhadh thar lear i 2008 agus 2009

Ábhar ¹²	2008		2009	
	Aisghafa thar lear (t)	% aisghafa thar lear (i gcomparáid leis an iomlán aisghafa do gach ábhar)	Aisghafa thar lear (t)	% aisghafa thar lear (i gcomparáid leis an iomlán aisghafa do gach ábhar)
Miotail iarnúla	¹⁶ 605,136	99.6	51,772	100
Eile ¹⁷	370	100.0	14,206	100
Miotail mheasctha	21,748	82.2	1,411	100
Alúmanam	14,359	82.1	4,344	99.6
Páipéar agus cairtchlár	590,917	99.1	504,243	99.0
Teicstílí ¹⁵	5,061	66.8	7,187	93.8
Gloine	101,692	83.0	106,988	88.8
Plaisteach	52,883	70.2	49,943	68.4
Breosla díortha as dramhaíl ¹⁴	26,171	99.8	11,176	23.4
Dramhaíl orgánach ¹³	6,840	7.0	5,642	5.8
Adhmad	8,986	4.9	1,936	1.1
Iomlán	1,434,163	81.6	758,848	68.9

(Foinse: suirbhé eagraíochtaí aisghabhála)

¹² Fágadh an dramhaíl ghuaiseach ar fad as an tábla seo. Féach Cuid 9 maidir le heolas a bhaineann le haisghabháil dramhaíola guaisí. Maidir le miotail, cuimsíonn sonraí 2008 roinnt dramhaíola cathrach, chomh maith.

¹³ Olaí agus saill inite san áireamh.

¹⁴ In úsáid mar bhreosla.

¹⁵ Déantar codán mór de theicstílí a athúsáid.

¹⁶ Cuimsíonn an figiúr sin roinnt miotail as briseadh síos WEEE.

¹⁷ Cumaisc, pacáistíocht mheasctha.

Allmhairítear roinnt ábhar dramhaíola isteach go hÉirinn i gcomhair a n-aisghabhála (Tábla 8). Tuairiscítear gur allmhairíodh 89,680 t de dhramhaíl isteach go hÉirinn, a bhí ina dramhaíl phlaisteach pacáistíochta den chuid is mó (m.sh., buidéil phlaisteacha) (69%) agus miotail mheasctha (20%).

Tábla 8: Allmhairiú dramhaíola neamhghuaisí i gcomhair a haisghabhála, 2008 agus 2009

Ábhar a allmhairíodh i gcomhair aisghabhála ¹⁸	Allmhairiú dramhaíola scagtha (t)	
	2008	2009
Plaisteach	62,001	62,276
Miotail mheasctha	19,134	17,479
Adhmad	35	4,487
Miotail iarnúla	4,229	3,168
Dramhaíl orgánach¹⁹	19	2,017
WEEE	2,137	236
Alúmanam	16	16
Páipéar agus cairtchlár	0	1
Iomlán	87,571	89,680

(Foinse: suirbhé eagraíochtaí aisghabhála)

Léirítear i dTábla 9 gurb í an Ríocht Aontaithe an phríomhspríoc tosaigh i gcónaí don dramhaíl in-athchúrsáilte (cé go ndéantar céatadán den ábhar a bhíonn á onnmhairiú chuig an Ríocht Aontaithe a chartadh agus a chur amach as an Ríocht Aontaithe ina dhiaidh sin le haghaidh a chóireála). Rinneadh 504,243 t ina iomláine de pháipéar agus de chairtchláir a onnmhairiú i 2009 i gcomhair a aisghabhála (rud is laghdú ar 2008), cé nach féidir tuairisciú a dhéanamh ar an tír ag deireadh slabhra na haisghabhála, ina ndéantar an aisghabháil, toisc nár thuairiscigh ach cuid de na hoibreoirí aisghabhála don EPA a sprioc deiridh agus gur thuairiscigh cuid eile an chéad sprioc eile ina slabhra (nach mbaineann ach le réamhchóireáil, m.sh., carnadh). Onnmhairíodh meáchan iomlán 106,988 t de ghloine chuig an Ríocht Aontaithe (70%) agus chuig an Ísiltír (30%). Onnmhairíodh meáchan iomlán 57,527 t de dhramhaíl chathrach i 2009, go príomha chuig an Ríocht Aontaithe (67%) chuig an Spáinn agus chuig an Phortaingéil (24%).

Is é an cuspóir a bhaineann le Clár Forbartha an Mhargaidh um Acmhainní Dramhaíola 2007–2011 a chur i bhfeidhm, clár a seoladh go foirmeálta i 2009 mar rx3 (athmhachnamh, athchúrsáil, athdhéanamh), ná margaí dúchasacha i gcomhair ábhar in-athchúrsáilte a fhorbairt agus bealaí úsáidte agus margaí úsáidte nua a aithint maidir le hábhair in-athchúrsáilte in Éirinn. Ar na cúrsaí is tábhachtaí a gcaithfidh rx3 dul i ngleic leo tá an t-éileamh ar ábhair athchúrsáilte a chur chun cinn, tacú le coigilití scála geilleagracha a bhaint amach maidir le táirgí a tháirgeadh as ábhair athchúrsáilte agus a riachtanaí is atá sé cur le bonneagar na haisghabhála agus na hathchúrsála in Éirinn chun nach mbeidh sí chomh mór sin i dtuilleamaí margaí thar lear. Le himeacht ama, ba chóir go mbeadh an treorú maidir le réamhchóireáil a d'fhoilsigh an EPA i 2009 ina chabhair chun soláthar seasmhach ábhar in-athchúrsáilte a chruthú i gcomhair an mhargaidh náisiúnta, agus buntáiste dá réir sin don tionscal aisghabhála agus athchúrsála.

¹⁸ Fágadh an dramhaíl ghuaiseach ar fad as an tábla seo. Féach Cuid 9 maidir le heolas a bhaineann le haisghabháil dramhaíola guaisí. Maidir le miotail, cuimsíonn sonraí 2008 roinnt dramhaíola cathrach, chomh maith.

¹⁹ Olaí agus saill inite san áireamh.

Tábla 9: Spriocanna do na sruthanna in-athchúrsáile dramhaíola cathrach a onnmhairíodh i 2009 (aonaid ar fad i dtonnaí)

	Páipéar & chairchlár	Gloine	Miotail	Plasteach	Eile	RDF/SRF	Teicstílí	Dramhaíl orgánach	Adhmad	Iomlán
An Ríocht Aontaithe²⁰	146,250	74,642	38,433	29,298	8,105	1,282	7,187	5,478	1,936	312,612
An tSín	109,234			10,217						119,451
An Bheilg	86,516				1,947					88,463
An Ísiltír	15,718	32,345	4,042		3,378			134		55,617
An Áise	40,360		240	9,474	272					50,346
Gan sonrú²¹	48,820		10	781						49,611
An Ind	26,725		356							27,081
An Eoraip (gan sonrú)	22,988			148						23,136
An Spáinn/Neamhbhainteachn Phortaingéil			13,608			95				13,703
An tSualainn					505	9,799				10,304
An Fhrainc	7,468		788		48					8,304
An Ghearmáin	88			25	67			30		210
An Phacastáin	76		50							126
Iomlán	504,243	106,988	57,527	49,943	14,322	11,176	7,187	5,642	1,936	758,964

(Foinse: suirbhé eagraíochtaí aisghabhála)

3.2 Dramhaíl tí

Tuairiscíodh laghdú i 2009 de thart faoi 3.8% go 1,498,469 t (Tábla 10) ar mhéid na dramhaíola tí a bhainistigh tionscal na dramhaíola, i gcomparáid le 2008. Méadaíodh an dramhaíl tí a aisghabhadh de thart faoi 10%, go 442,202 t; agus, nuair a chuirtear an titim ar ghineadh na dramhaíola tí sa mheá, is ionann an glanráta aisghabhála (ag 29.5%) agus ardú 3.7% ar an méid a baineadh amach i 2008 (Tábla 10 agus Tábla 11). Tháinig laghdú dá réir sin ar an gcéatadán den dramhaíl tí arna diúscairt go líonadh talún go 70.5%. Léirítear na treochtaí diúscairthe agus aisghabhála i dTábla 10 agus i Léaráid 6. Is léiriú ar an laghdú sa tomhaltas pearsanta an laghdú ar mhéid na dramhaíola tí a bainistíodh, ach is suntasach an ní é go bhfuil sé ag dul in aghaidh na treochta maidir le fás daonra. (Léaráid 7).

²⁰ Cuimsíonn iomlána don Ríocht Aontaithe an dramhaíl chathrach seo a leanas, a cuireadh chuig Tuaisceart Éireann: 61,810 t glass; 5,441 t de dhramhaíl orgánach; 10,593 t de phlaisteach; 31,756 t de pháipéar & de chairchlár; 7,187 t de theicstílí, 1,936 t d'adhmad agus 12,672 t de mhiotail.

²¹ Thuairiscigh oibreoir amháin dramhaíola tonnastí de pháipéar, de chairchlár agus de phlaisteach mar ábhar a cuireadh go dtí 'An tSín, An Ind, An Ísiltír agus An Ríocht Aontaithe' ach theip air tonnastí a shonrú de réir sprioc-thíortha.


Tábla 10: Treochtaí maidir le dramhaíl tí a bhainistiú

	2004	2005	2006	2007	2008	2009
An chainníocht a diúscaíodh go líonadh talún (t)	1,214,908	1,198,504	1,379,246	1,200,980	1,155,567	1,056,267
An chainníocht a aisghabhadh (t)	285,872	344,964	393,995	424,510	401,312	442,202
An Ráta aisghabhála(%)	19.0	22.3	22.2	26.1	25.8	29.5
Iomlán (t)	1,500,780	1,543,468	1,773,242	1,625,490	1,556,879	1,498,469


Tábla 11: Rátaí diúscairthe agus aisghabhála i sruth na dramhaíola tí, 2009

	An chainníocht a bainistíodh (t)	An chainníocht go líonadh talún (t)	An ráta náisiúnta go líonadh talún %	An chainníocht a aisghabhadh (t)	An ráta náisiúnta aisghabhála %
Iomlán a bainistíodh household waste²²:	1,498,469	1,056,267	70.5	442,202	29.5

(Foinse: suirbhé eagraíochtaí aisghabhála, suirbhé údarás áitiúla, suirbhé ar láithreáin líonta talún)



²² Fágtar as an áireamh meastacháin de dhramhaíl neamhbhailithe tí; cuirtear san áireamh múiríniú ag baile agus WEEE tí a tugadh isteach chuig áitribh mhiondíola (18,662t).



Tábla 12: Codáin choibhneasta dramhaíola tí bailithe agus ‘tugtha’ (% de réir meáchain)²³

	Sruthanna dramhaíola				
	Dramhaíl iarmharach mheasctha (araid dhubh) ²⁴	Ábhair mheasctha thirime in-athchúrsáilte (araid ghlas)	Ábhair mheasctha orgánacha (bailithe in araid dhonn & múirínithe ag baile)	Ionaid beir leat & ionaid fóntas poiblí & WEEE miondíola	Iomlán
% Iomlán bailithe & tugtha (1,498,469 t)	56% (síos ó 58% dá leithéid i 2008)	18% (suas ó 17% dá leithéid i 2008)	7% (suas ó 5% dá leithéid i 2008)	19% (síos ó 20% dá leithéid i 2008)	100%

(Foinse: suirbhé údarás áitiúla, Scéimeanna comhlíonta WEEE)

Tá fáil ar shuirbhé de shaghsanna agus de chomhdhéanamh na dramhaíola tí a bailíodh ar shuíomh idirlín an EPA ag www.epa.ie/downloads/tithe_tábhairne/waste/plans/name,11659,en.html agus achoimre de in Aguisín F den tuarascáil seo.

D’ardaigh an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil an tobhach ar líonadh talún i mí Feabhra 2010 go dtí €30 in aghaidh an tonna dramhaíola arna diúscairt (mar atá, dúbailt ar an tobhach ó 2008). Ba chóir go gcabhródh an méadú sin, in éineacht leis na méaduithe eile a mholtar anois ar an tobhach (féach an dréacht de bheartas dramhaíola ar www.environ.ie) agus na hoibleageáidí réamhchóireála EPA atá curtha i bhfeidhm go huile is go hiomlán anois leis an treocht mhéadaithe maidir le hathchúrsáil na dramhaíola tí. Tá bealach nach beag fós le dul, áfach, maidir leis an sprioc náisiúnta 50% den dramhaíl tí a chur ar atreo ó líonadh talún faoi 2013.

²³ Fágтар as an áireamh meastacháin de dhramhaíl neamhbhailithe (128,000 t)

²⁴ Cuirtear san áireamh dramhaíl iarmharach a thug sealbhóirí tí go díreach chuig líonadh talún.


Dramhaíl tí a bhailiú

Taispeántar achoimre maidir le dramhaíl tí a bhailiú de réir na réigiún bailithe dramhaíola in Aguisín B. De réir na sonraí sin, tugadh méid iomlán 1,461,736 t de dhramhaíl tí go dtí áiseanna bailithe in Éirinn i 2009 was 1,461,736 t, agus meastar gur deineadh múiríniú ag baile ar 36,733 t eile di. Thuairiscigh na húdaráis áitiúla gur bailíodh 268,958 t de dhramhaíl tí ag ionaid fóntas poiblí agus ag ionaid beir leat, rud is laghdú ar an tonnáiste a bailíodh ag na hionaid sin i 2008 (toisc, is dócha, an titim 8% ar an tonnáiste de dhramhaíl chathrach a bainistíodh i 2009). Tuairiscíodh gur tugadh 18,662 t de dhramhaíl tí WEEE isteach ag áitribh mhiondíola ábhar aibhléise. Rinneadh tonnáiste iomlán 1,498,470 t de dhramhaíl tí 'a bhainistiú' i 2009. Meastar 128,000 t de bhreis a bheith ann, ach nár bailíodh (ó thithe folmha gan seirbhísiú).

Tá sé le léamh ar na sonraí ó na húdaráis áitiúla agus ó na sonraí daonáirimh ón CSO go raibh c. 1,503,349 teach sa Stáit a raibh cónaí iontu i 2009 (de réir na sonraí i ndaonáireamh náisiúnta 2006). Tuairiscíodh seirbhís bailithe dramhaíola a bheith ag 1,221,638 de na háitribh sin (c. 81%), agus is féidir na sonraí sin a bhriseadh síos ar an dóigh thíos:

- 43,664 áitreabh le seirbhís 1-araide (araid dhubh) amháin;
- 889,500 áitreabh le seirbhís 2-araide amháin (araid iarmharach agus araid ábhar tirime in-athchúrsáilte); agus
- 288,474 áitreabh le seirbhís 3-araide (araid iarmharach, araid ábhar tirime in-athchúrsáilte, araid orgánach).

Tugtar i Léaráid 8 agus i dTábla 13 an coibhneas idir na seirbhísí éagsúla dramhaíola tí. Léiríonn na figiúir go gcuirtear seirbhís 2-araide ar a laghad ar fáil do 96% de na háitribh a bhfuil seirbhís acu. Is léir, dá réir sin, go sásaíonn an 96% den dramhaíl tí a bailíodh Treoir um Líonadh Talún an AE (1999/31/EC) maidir leis na hoibleagáidí réamhchóireála in Alt 6 (ar gheall ar an gcóras 2-araide).



Léaráid 8: Cion margaidh de sheirbhísí éagsúla um bailiú dramhaíola tí

Tábla 13: Scaipeadh agus saghsanna bailithe seirbhíse dramhaíola tí ag lucht soláthraithe na seirbhíse

	Údarás áitiúil			Earnáil phríobháideach			Combined private & local authority serviced ²⁵		Áitribh le cónaí iontu gan seirbhísiú (%) ²⁶
Ceantar údarás áitiúil	DCI/ iarmharach	Ábhair thirime mheasctha in-athchúrsála (2ú haraid)	Orgánach (3ú haraid)	DCI / iarmharach	Ábhair thirime mheasctha in-athchúrsála (2ú haraid)	Orgánach (3ú haraid)	2-araid - cion margaidh	3-araid - cion margaidh	
An Cabhán	0	0	0	✓	✓	✓	99%	3%	55%
Ros Comáin	0	0	0	✓	✓	0	100%	0%	54%
Uíbh Fhailí	0	0	0	✓	✓	✓	74%	4%	48%
Dún na nGall	0	0	0	✓	✓	0	55%	0%	45%
Ciaraí	✓	✓	✓	✓	✓	✓	100%	12%	45%
Cill Chainnigh	✓	✓	0	✓	✓	0	96%	0%	45%
Contae Luimnigh	0	0	0	✓	✓	✓	100%	15%	45%
An Clár	0	0	0	✓	✓	✓	94%	28%	41%
Maigh Eo	0	0	0	✓	✓	0	96%	0%	35%
Contae na Gaillimhe	0	0	0	✓	✓	✓	100%	5%	34%
Laois	0	0	0	✓	✓	✓	100%	0%	34%
Muineachán	0	0	0	✓	✓	✓	97%	17%	33%
Ceatharlach	0	0	0	✓	✓	✓	100%	27%	32%
Liatroim	0	0	0	✓	✓	0	100%	0%	27%
An Iarmhí	✓	✓	✓	✓	✓	0	98%	5%	27%
Tiobraid Árann Theas	✓	✓	0	✓	✓	0	100%	0%	26%
Tiobraid Árann Thuaidh	0	0	0	✓	✓	✓	93%	2%	25%
Contae Chorcaí & City	✓✓	✓✓	0	✓✓	✓✓	0	100%	0%	24%
Contae Phort Láirge	✓	✓	✓	✓	✓	✓	100%	70%	21%
Sligeach	0	0	0	✓	✓	0	100%	0%	18%
An Lú	0	0	0	✓	✓	✓	94%	29%	16%
Loch Garman	✓	✓	✓	✓	✓	✓	100%	25%	16%
An Mhí	0	0	0	✓	✓	✓	86%	1.5%	15%
Longford	0	0	0	✓	✓	0	88%	0%	13%
Cathair Phort Láirge	✓	✓	✓	✓	✓	✓	100%	99%	10%
Cill Mhantáin	0	0	0	✓	✓	✓	76%	2%	10%
Cill Dara	✓	✓	0	✓	✓	✓	97%	33%	6%
Cathair Bhaile Átha Cliath	✓	✓	✓	✓	✓	✓	100%	57%	5%
Cathair Luimnigh	0	0	0	✓	✓	✓	97%	18%	5%
Dun Laoghaire-Ráth an Dúin	✓	✓	0	✓	✓	0	100%	0%	0%
Fine Gall	✓	✓	✓	✓	✓	✓	100%	74%	0%
Cathair na Gaillimhe	✓	✓	✓	✓	✓	✓	97%	83%	0%
Áth Cliath Theas	✓	✓	0	✓	✓	✓	100%	1%	0%
IOMLÁN (t) / AVERAGE	307,185	108,189	41,763	509,530	158,135	20,685	96%	c. 24%	24%

(Foinse: suirbhé údarás áitiúla, CSO)

²⁵ Bunaithe ar theaghlach le seirbhísí bailiúcháin (ina iomláine).

²⁶ Bunaithe ar thuairisceáin údarás áitiúla agus ar shonraí 2006 CSO (ina iomláine).

Tháinig laghdú 5% ar mhéid na dramhaíola measctha iarmharáí i 2009, méadú 2% ar an ábhar tirim in-athchúrsáilte i 2009, agus méadú 65% ar an ábhar orgánach (Tábla 14).

Tháinig laghdú 1.3% ar mhéad iomlán na dramhaíola teaghlaigh a bailíodh ar thaobh na sráide i 2009 (1,145,486 t i 2009, i gcomparáid le 1,161,152 t i 2008) gan titim mhór ar líon na dteaghlach arna seirbhísiú. Den 1,145,486 t de dhramhaíl tí a bailíodh ar thaobh na sráide, bhailigh an earnáil phríobháideach 60% di agus na húdaráis áitiúla 40% di (síos 3% ar 2008) (Tábla 14). Cé nach bhfuil ag na húdaráis áitiúla ach cion beag de mhargadh bailithe na dramhaíola, is acu atá an céatadán is mó go fóill de dhramhaíl in araidí donna, mar atá, 67% (toisc bailiúcháin mhóra ag údaráis áitiúla i gceantair mhóra chathracha go príomha, féach Tábla 13 agus Tábla 15). Léiríonn méadú ar chéatadán an tonnáiste bailithe ag an earnáil phríobháideach ó 22% i 2008 go 33% i 2009 méadú ar líon na n-araidí donna a sholáthraigh bailitheoirí príobháideacha.

Tábla 14: Cion margaidh ag údaráis áitiúla agus ag an earnáil phríobháideach maidir le dramhaíl tí a bhailiú ar thaobh an bhóthair,

Bliain	Údarás áitiúil			Earnáil phríobháideach		
	Araid dhubh (iarmharach) (t)	Araid ghlas (Ábhair thirime in- athchúrsáilte) (t)	Araid dhonn (Orgánaigh) (t)	Araid dhubh (iarmharach) (t)	Araid ghlas (Ábhair thirime in- athchúrsáilte) (t)	Araid dhonn (Orgánaigh) (t)
	359,074	114,150	29,519	502,941	147,069	8,400
2008	43% den tonnáiste iomlán a bailíodh le 3 araid 42% den tonnáiste a bailíodh le haraid dhubh 44% den tonnáiste a bailíodh le haraid ghlas 78% den tonnáiste a bailíodh le haraid dhonn			57% den tonnáiste iomlán a bailíodh le 3 araid 58% den tonnáiste a bailíodh le haraid dhubh 56% den tonnáiste a bailíodh le haraid ghlas 22% den tonnáiste a bailíodh le haraid dhonn		
	307,185	108,189	41,763	509,530	158,135	20,685
2009	40% den tonnáiste iomlán a bailíodh le 3 araid 38% den tonnáiste a bailíodh le haraid dhubh 41% den tonnáiste a bailíodh le haraid ghlas 67% den tonnáiste a bailíodh le haraid dhonn			60% den tonnáiste iomlán a bailíodh le 3 araid 62% den tonnáiste a bailíodh le haraid dhubh 59% den tonnáiste a bailíodh le haraid ghlas 33% den tonnáiste a bailíodh le haraid dhonn		

(Foinse: suirbhé údarás áitiúla)

Tugtar i dTábla 15 na sonraí a bhaineann le bailiúcháin éagsúla ar thaobh na sráide de dhramhaíl orgánach (araid dhonn) i 2008 agus i 2009 de réir mar a thuairiscíonn na húdaráis áitiúla, rud a chuimsíonn an dramhaíl orgánach a thugann sealbhóirí tí go dtí ionaid fóntas poiblí. Mar a nótáladh roimhe seo, tháinig méadú suntasach ar an tonnáiste de dhramhaíl orgánach a bailíodh ar thaobh na sráide (ó 37,920 t i 2008 go 62,447 t i 2009). B'shin mar gheall ar líon na seirbhísí bailithe dramhaíola ar thaobh na sráide, a bhí ar fáil i 16 ceantar feidhmiúcháin údaráis áitiúil i 2008 go 23 ceantar feidhmiúcháin údaráis áitiúil i 2009. Tháinig oibreoirí príobháideacha isteach sa mhargadh i ngach ceantar.

Bhí éagsúlacht mhór idir an cion margaidh (1% go 99%) don tríú haraid (orgánaigh) ó cheantar údaráis áitiúil go chéile sna háiteanna ina raibh an tseirbhís sin ar fáil agus, mar a bhíodas ag súil, ba sna ceantair tuaithe a bhí an líon is mó teaghlach gan seirbhísiú. (Tábla 13 agus Tábla 15). Bhí, mar sin, 11 ceantar feidhmiúcháin údaráis áitiúil go raibh bailiúcháin ar thaobh na

sráide iontu fós le leathadh amach i 2009, mar atá, Cathair Chorcaí, Contae Chorcaí, Dún na nGall, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Chill Chainnigh, Liatroim, An Longfort, Maigh Eo, Ros Comáin, Sligeach agus Tiobraid Árann Theas. Go deimhin, tá sé le nótáil gur cosúil gur cuireadh deireadh i 2009 le córas bailithe na tríú haraide i Maigh Eo a bhí ann (cé nach raibh ann ach córas beag) i 2008. Ar éigean a bhí seirbhísí bailithe ann i gceithre ceantar comhairle contae eile (An Cabhán, An Mhí, Cill Mhantáin agus Tiobraid Árann Thuaidh). Bailíodh 23,679 t de dhramhaíl tí scagtha ag gach ionad fóntas poiblí i 2009 (rud is méadú beag ar an 21,219 t a tuairiscíodh i 2008).

Tábla 15: Bailiú scagtha maidir le dramhaíl orgánach tí

Ceantar údaráis áitiúil	2008		2009	
	Bailiú scagtha maidir le dramhaíl orgánach tí ar thaobh na sráide (araidí donna) (t)		Bailiú scagtha maidir le dramhaíl orgánach tí ar thaobh na sráide (araidí donna) (t)	
	Údarás áitiúil	Oibreoirí príobháideacha	Údarás áitiúil	Oibreoirí príobháideacha
Ceatharlach	-	-	-	625
An Cabhán	-	-	-	8
An Clár	-	-	-	112
Cathair Bhaile Átha Cliath	8,287	266	16,128	3,214
Fine Gall	10,210	338	16,023	932
Cathair na Gaillimhe	4,603	1,573	3,699	1,530
Contae na Gaillimhe	-	932	-	761
Ciarraí	340	-	404	1
Cill Dara	-	59	-	6,888
Laois	-	-	-	210
Cathair Luimnigh	-	-	-	81
Contae Luimnigh	-	-	-	122
An Lú	-	2,898		2,514
Maigh Eo	-	32	-	-
An Mhí	-	23	-	139
Muineachán	-	225	-	271
Tiobraid Árann Thuaidh	-	22	-	104
Uíbh Fhailí	-	-	-	105
Áth Cliath Theas	-	1,312	-	134
Cathair Phort Láirge	3,584	280	3,439	450
Contae Phort Láirge	2,342	65	1,932	256
An Iarmhí	86	-	76	-
Loch Garman	68	375	62	1,814
Cill Mhantáin	-	-	-	413
Sub-lomláin (t)	29,520	8,400	41,763	20,684
Iomláin de bhailiúcháin scagtha ar thaobh sráide (t)	37,920		62,447	
Dramhaíl tí organic waste collected ag ionaid fóntas poiblí & bring centres (t)	21,219		23,679	
Iomláin de bhailiúcháin ar thaobh na sráide agus ionaid fóntas poiblí & beir leat (t)	59,139		86,126	

(Foinse: suirbhé údarás áitiúla)

Maidir le dramhaíl orgánach tí, tá éagsúlacht mhór idir an meáchan bailithe (20 kg go 900 kg/teaghlach/bliain), agus is é is dóchaí ná go n-imríonn trí cinn de thosca tionchar ar na cúrsaí sin: praghas (muirear nó gan muirear a bheith á ngearradh ar an tríú haraid); eolas (faoi cad is féidir agus cad nach féidir a chur isteach san araid); suíomh (uirbeach nó tuaithe — níos lú de dhramhaíl ón ngairdíní mbailiúcháin tuaithe agus ar imeall na cathrach); agus an t-achar ama ó cuireadh an tseirbhís ar bun (is é sin le rá, pé acu seirbhís úrnua í nó nach ea).

Maidir le bailiú na dramhaíola tí ar thaobh na sráide (1,145,486 t) (féach Aguisín B), is féidir a ríomh nach bhfuil sa bhailiú scagtha orgánach ach 5.5% (suas ó 3.3% i 2008) de thonnáiste iomlán den dramhaíl tí a bailíodh ar thaobh na sráide. Tá sé le léamh as staidéir rangaithe na dramhaíola cathrach de chuid an EPA (EPA, 2008) a bhfuil achoimre díobh le fáil in Aguisín F gurb ionann an dramhaíl orgánach (ó bhia agus ón ngairdín) agus c. 23% de réir meáchain de shruth iomlán na dramhaíola tí. Is ionann sin agus ábhar measta c. 263,462 t ‘ar fáil’ de shruth na dramhaíola tí a bailíodh ar thaobh na sráide, dá dtuairiscítear 62,447 t de a bheith á bailiú ar thaobh na sráide (Tábla 15). Go fiú má chuirtear sa mheá an meastachán don mhúiríní ag baile (36,733 t, féach Aguisín B) agus don dramhaíl orgánach arna seachadadh ag teaghlaigh chuig ionaid fónas poiblí (23,679 t), fanann i gcónaí meastachán caomhach de c. 140,000 t don dramhaíl orgánach ar fáil i sruth bainistithe na dramhaíola tí nach mbailítear i mbailiúcháin scagtha ar thaobh na sráide. Glactar leis nach mbíonn gach cuid den ábhar orgánach a bhíonn ‘ar fáil’ oiriúnach i gcomhair córas bailithe araidí donna (m.sh., bia fós i bpacáistí). Bíodh sin mar atá, chabhródh leathadh níos fearr den tríú haraid orgánach ar shealbhóirí tí ar fud an Stáit (nach bhfuil iontu, de réir na meastachán reatha ach 24% de shealbhóirí; féach Tábla 13) go mór le gearradh siar ar an ábhar ar fáil agus lena chur ar atreo ó líonadh talún.

Ionaid fónas poiblí agus ionad beir leat

Rinneadh suirbhé i measc na n-údaráis áitiúla chun eolas a bhailiú faoin dramhaíl a bhíonn á dtabhairt chuig ionaid fónas poiblí agus chuig ionaid beir leat. Tháinig laghdú 12% i 2009 go 177,158 t ar mhéid na dramhaíola a tugadh chuig ionaid fónas poiblí. Tháinig laghdú 10%, go méid iomlán 91,800 t ar an tonnáiste de dhramhaíl bailithe ag ionaid beir leat. Ina theannta sin, d’fhág sealbhóirí tí 18,662 t de dhramhaíl tí WEEE ag áitribh mhiondíola aibhléise. Tugtar tuilleadh eolais faoi bhonneagar ‘beir leat’ i gCuid 10.7 den tuarascáil seo.

Soláthraítear in Aguisíní C agus D eolas faoi shaghas agus faoi mhéid na dramhaíola a bhailítear ag ionaid beir leat agus ag ionaid fónas poiblí i 2009. Ina theannta sin, glacann ionaid fónas poiblí le dramhaíl i gcomhair a diúscartha, chomh maith le dramhaíl i gcomhair a haisghabhála, m.sh., dramhaíl mheasctha iarmharach agus roinnt dramhaíl ghuaiseach.

Dramhaíl neamhbhailithe tí

Chun meastachán a fháil de líon na dteaghlach nach gcuirtear seirbhísí bailithe ar fáil dóibh, nó nach toil leo úsáid a bhaint as a leithéidí, iarrtar ar údaráis áitiúla tuairisciú a dhéanamh ar líon na dteaghlach a gcuirtear seirbhísí bailithe ar fáil dóibh ina gceantar feidhmiúcháin. Meastar gur úsáid 81% de na háitribh a raibh daoine ina gcónaí iontu seirbhísí bailithe ar thaobh na sráide i 2009 (nóta: tá na sonraí líon áitreabh agus cónaí bunaithe ar an Daonáireamh iomlán is déanaí, 2006).

Tá ceantair áirithe ann ina bhfuil an ráta rannpháirtíochta (i scéimeanna bailithe) chomh híseal le 46%; ina choinne sin, bhí clúdach 100% i gcuid de na ceantair uirbeacha is mó (féach Cuid 10.6 den tuarascáil seo, chomh maith). D’fhéadfadh cuid de chúis na rannpháirtíochta ísle a leagadh ar easpa seirbhísí bailithe ar thaobh na sráide á dtairiscint iontu, go háirithe i gceantair tuaithe. Tugtar ‘dramhaíl neamhbhailithe’ ar an dramhaíl a bhaineann le teaghlaigh nach mbaineann úsáid as seirbhísí bailithe ar thaobh na sráide (de bhun a rogha féin nó de bharr easpa seirbhísí). Déanann gach údarás áitiúil méid na dramhaíola sin a mheas trí mhodheolaíocht chaighdeánach, ar a ndéantar coigeartú chun cúinsí áitiúla a chur sa mheá, mar shampla, líon na dtithe saoire nó folmha, meastacháin maidir le haraidí a roinnt agus an tomhas is féidir a ghlacadh maidir le hionaid mar mhalairt (mar shampla, ionaid fónas poiblí, ionaid beir leat agus láithreáin líonta talún sa cheantar). Meastar go raibh 128,000 t de dhramhaíl neamhbhailithe tí sa tír i 2009, rud is ionann agus méadú 6% ar mhéid mheasta 120,459 t 2008.

3.3 Dramhaíl tráchtála

Chun críocha sonraí a láimhseáil, ciallaíonn ‘dramhaíl tráchtála’ dramhaíl a bhailítear ó áitribh thráchtála (siopaí, tithe tábhairne, bialanna, srl.), chomh maith leis na saghsanna dramhaíola thagann amach ó áitribh chathracha, mar shampla, scoileanna, óspidéal, srl., chomh maith le dramhaíl neamhphróisis tionsclaíochta (ó bhialanna i monarchana agus in oifigí, srl.). Is é sruth na dramhaíola tráchtála an chomhpháirt is mó, tar éis na dramhaíola tí, den dramhaíl chathrach.

Tháinig laghdú 12%, go 1,299,807 t i 2009 ar mhéid na dramhaíola tráchtála, ó 1,477,397 t i 2008. Bhí méadú 2% ar an ráta rófa aisghabhála a tuairiscíodh do 2008, rud a sheasann ag 51% (Tábla 16, Léaráid 9 agus Léaráid 10). Údar mór dóchais is ea an méadú a tuairiscítear ar na rátaí aisghabhála agus is rud é a tharla cé go raibh cúlú geilleagrach follasach ann, mar a léirítear i Léaráid 9. Is é is dóichí, áfach, ná gur chuidigh gluaiseacht na n-ábhar tirim in-athchúrsáilte fós á stóráil ag deireadh 2008 le cuid den ráta ard sin i 2009, mar gheall ar an titim ar phraghsanna margaidh na n-ábhar sin sa chuid deiridh den tréimhse sin. Chuir an ráta iondúil níos airde de mhéid na n-ábhar tirim in-athchúrsáilte tráchtála lena hionad seasmhach sa mhargadh, taobh le nithe eile. Is suntasach le rá gur sháraigh ráta aisghabhála na dramhaíola tráchtála ráta a diúscartha deo chéad uair ó 2006 (Léaráid 10).

Tábla 16: Diúscairt agus aisghabháil maidir le sruth na dramhaíola tráchtála, 2009

	An chainníocht a bainistíodh (t)	An chainníocht go líonadh talún (t)	An ráta náisiúnta go líonadh talún (%)	An chainníocht a aisghabhadh (t)	An ráta náisiúnta aisghabhála (%)
Iomlán	1,299,807	640,737	49	659,070	51


(Foinse: suirbhé eagraíochtaí aisghabhála, suirbhé údarás áitiúla, suirbhé ar láithreáin líonta talún)

Tá sé a géirí níos deacra do na hoibreoirí dramhaíola tionsclaíochta céatadán na dramhaíola cathrach a gineadh a aithint ag geataí na láithreán líonta talún chun idirdhealú a dhéanamh idir dramhaíl tí agus dramhaíl tráchtála. Tá dúshlán den saghas céanna roimh na heagraíochtaí athchúrsála a ghlacann le hábhair mheasctha thirime in-athchúrsála. Imríonn an saghas rangaithe sin tionchar ar na figiúir a bhaineann le hathchúrsáil agus le hatreo agus, ar an ábhar sin, ar cé chomh maith is a bhíonn spriocanna á mbaint amach. Tá sé de tábhacht go nglacadh oibreoirí dramhaíola cúram mar ba chóir maidir leis an idirdhealú idir saghsanna dramhaíola tí agus tráchtála sna sruthanna iarmharach a chuirtear chuig láithreáin líonta talún.


Cuireadh suirbhéanna i gcrích i 2008 agus i 2010 maidir le saghsanna agus le comhábhair na dramhaíola tráchtála. Tugtar achoimre de thorthaí na suirbhéanna sin i dTábla F-5 in Aguisín F agus is féidir na tuarascálacha iomlána a íoslódáil ag:

www.epa.ie/downloads/tithe_tabhairne/waste/plans/name,11659,en.html; agus,

www.epa.ie/downloads/tithe_tabhairne/waste/stats/name,30407,en.html.



Léaráid 9: Dramhaíl tráchtála a gineadh agus GNP



Léaráid 10: Dramhaíl tráchtála a diúscaíodh agus a aisghabhadh

4 Dramhaíl chathrach in-bhithmhille

Tá an dramhaíl chathrach in-bhithmhille (DCI) comhdhéanta de na coda sin de na sruthanna de dhramhaíl tí, tráchtála agus glantacháin (ábhar neamhphróiseas tionsclaíochta san áireamh) a lobhfaidh nó a dtiocfaidh díghrádú uirthi. Is gnách gurb iad na príomhchoda den chuid in-bhithmhille de dhramhaíl chathrach ná dramhaíl ó pháirceanna agus ó ghairdíní, dramhaíl bhia, adhmaid, páipéar, cairtchlár agus teicstílí. Tá dhá chuid lárnacha de reachtaíocht AE a phléann le dramhaíl in-bhithmhille. Is é an chéad cheann ná an Treoir um Líonadh Talún (1999/31/EC) a éilíonn go gcuirfí dramhaíl in-bhithmhille ar atreo ó líonadh talún. Is é an dara hionstraim AE ná an Treoir nua um Chreat Uisce (2008/98/EC), a gcuireann Alt 22 di ceangal ar na Ballstáit bearta a ghlacadh chun bailiú na bithdhramhaíola (an chuid inlofa den dramhaíl in-bhithmhille) a bhailliú mar bhailiúchán ar leithligh a spreagadh.

4.1 Treoir an AE maidir le Líonadh Talún

Rinneadh scrúdú mion in Alt 4 de Thuarascáil Náisiúnta Dramhaíola 2008 an EPA ar na hoibleagáidí dlí a bheidh dlite faoin Treoir sin. Maidir le dramhaíl chathrach in-bhithmhille, cuireann an Treoir um Líonadh Talún teorainneacha le cad is féidir a chur chuig láithreáin líonta talún. Teorainneacha céimnithe is ea iad sin (a nasctar le bunbhliain staitisticiúil 1995 maidir le táirgeadh na dramhaíola in Éirinn), lena ngabhann oibleagáidí níos doichte le gach céim díobh maidir le dramhaíl a chur ar atreo. Rinne Éire réiteach le Coimisiún na hEorpa síne ceithre bliana a fháil don dá dháta tosaigh comhlíonta atá sonraithe in Alt 5 (2006 go 2010 agus 2009 go 2013, faoi seach).

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na hoibleagáidí sin mar seo a leanas:

- Faoi 16 Iúil 2010 ní fhéadann Éire ach 75% ar a mhéid den DCI a gineadh i 1995 a chur chuig líonadh talún;
- Faoi 16 Iúil 2013 ní fhéadann Éire ach 50% ar a mhéid den DCI a gineadh i 1995 a chur chuig líonadh talún;
- Faoi 16 Iúil 2016 ní fhéadann Éire ach 35% ar a mhéid den DCI a gineadh i 1995 a chur chuig líonadh talún.

I dTuarascáil Náisiúnta Dramhaíola 2008, rinne an EPA athscrúdú ar an ríomh náisiúnta maidir le dramhaíl in-bhithmhille a chur ar atreo (ar a n-áirítear tosca leasaithe in-bhithmhille teicstílí agus adhmaid) agus shocraigh na spriocanna ar a bhfuil cur síos i dTábla 17.

Tábla 17: Spriocanna maidir le dramhaíl in-bhithmhille a chur ar atreo ó líonadh talún (per Treoir 1999/31/EC)

Bunlíne	An chainníocht DCI a gineadh (t)
1995	1,220,840

Spriocanna

Spriocbhliain ²⁷	Sprioc sa Treoir um Líonadh Talún	An chainníocht is mó is ceadmhach a chur i líonadh talún (t, ina iomláine)
2010	75% den chainníocht DCI a gineadh i 1995	916,000
2013	50% den chainníocht DCI a gineadh i 1995	610,000
2016	35% den chainníocht DCI a gineadh i 1995	427,000

²⁷ Ceadáinn an Treoir um Líonadh Talún maolú d'Éirinn faoi Alt 5 den Treoir, ina gcuirtear spriocanna 2006 agus 2009 ar athló go ceann 4 bliain.

Leagtar síos i ndoiciméad treorach de chuid an EPA dár teideal *Réamhchóireáil ar Dhramhaíl Sholadach Chathrach agus Iarmharaigh a Bhainistiú* (2009) na céimeanna a bhfuil súil ag an EPA ó shealbhóirí líonta talún faoi na hoibleagáidí maidir le dramhaíl in-bhithmhíllte a chur ar atreo, mar a luaitear sa Treoir AE maidir le Líonadh Talún. Ina theannta sin, rinne an EPA athbhreithniú ar na ceadúnais líonta talún chun coinníollacha a chur in áit ag teacht leis na hionchais réamhchóireála sin. Tá eolas cúlra go léir maidir le réamhchóireáil DCS ar shuíomh idirlín an EPA, ar a n-áirítear an doiciméad treorach dá dtagraítear thuas. Féach <http://www.epa.ie/whatwedo/advice/waste/municipalwastepre-treatment/>.


4.2 Dramhaíl chathrach in-bhithmhíllte ag eascairt i 2009

Toisc a chasta is atá na socruithe náisiúnta maidir le dramhaíl a bhailiú agus a bhainistiú, tá sé iomchuí scrúdú a dhéanamh anseo ar an gcuid in-bhithmhíllte de na sruthanna éagsúla DCS. Is féidir é sin a dhéanamh de bhun na staidéar mionsonraithe a rinne an EPA maidir leis na sruthanna dramhaíola tráchtála agus tí.

Tá an DCS in Éirinn chomhdhéanta de na sruthanna seo a leanas;

- Dramhaíl tí;
- Dramhaíl tráchtála agus neamhphróiseas tionsclaíochta (bialanna agus oifigí);
- Dramhaíl ghlantacháin sráide.

Is féidir gach ceann de na sruthanna sin, faoi seach, a athroinnt i sruthanna uathúla dramhaíola (de réir saghsanna bailithe agus foinsí) ar a sonrófar aicme ar leith ó thaobh in-bhithmhíllte de (Léaráid 11).



Léaráid 11: Sruthanna bailithe/tugtha dramhaíola cathrach

Ábhar in-bhithmhille sa dramhaíl tí

Tugtar torthaí an mheasúnaithe maidir le hábhar in-bhithmhille in Aguisín F (féach Táblaí F-2, F-3 agus F-4). Is féidir meastachán cruinn maidir le sruthanna in-bhithmhille na n-ábhar nó na dramhaíola tí a ríomh ó na táblaí sin. Tá sé le léamh as sin gur táirgeadh 881,980 t den dramhaíl in-bhithmhille ar fáil i 2009 i sruth na dramhaíola tí (in-bhithmhille i líonadh talún), dár cuireadh 560,662 t chuig líonadh talún (Tábla 18). Meastar gur ábhar in-bhithmhille 59% den dramhaíl iomlán tí sna seirbhísí uile bailithe agus beir leat (WEEE san áireamh).

Tábla 18: Ábhar DCI sna sruthanna dramhaíola teaghlaigh bainistithe a tuairiscíodh i 2009²⁸

Sruth foinse na dramhaíola tí	An mhéid a bailíodh (t)	Fachtóir in-bhithmhilleachta	Ábhar DCI ar fáil (t)	Ábhar DCI mar chodán den sruth dramhaíola tí a cuireadh i líonadh talún (t)
Araid na n-iarmharach (nó araid dhubh)	816,715	Refer Tábla F-3 in Appendix F	483,823	483,823
Araid d'ábhair thirime in-athchúrsáilte (second or green bin)	266,324	72.9%	194,150	19,415 ²⁹
Araid na n-orgánach (third or araid dhonn)	62,447	93.6%	58,450	749
Ionaid fóntas poiblí & beir leat agus WEEE ar ais go miondíoltóirí	287,620	Refer Tábla F-4 in Appendix F	90,214	38,065
Díreach chuig líonadh talún	28,630	65%	18,610	18,610
Múiríní ag baile	36,733	100%	36,733	0
IOMLÁN:	1,498,469	-	881,980	560,662

(Foinse: suirbhé údarás áitiúla, Scéimeanna comhlíonta WEEE)

Ábhar in-bhithmhille sa dramhaíl tráchtála

Sa Staidéar um Thréithíocht Dramhaíola Cathrach (2008) a mhaoinigh an EPA, faightear dhá fhachtóir in-bhithmhilleachta sna sruthanna bailithe dramhaíola tráchtála, ceann amháin don araid d'ábhair thirime in-athchúrsáilte (araid ghlas nó dara haraid) agus an ceann eile don araid d'ábhair iarmharacha (araid dhubh), féach Tábla F-5 in Aguisín F. Níl fáil go forleathan ar sheirbhísí bailithe tríú haraide orgánach d'earnáil na tráchtála i gcainníocht ábhartha staitisticiúil. Rinne an EPA staidéar um thréithíocht maidir leis an tríú haraid i gcomhair áiseanna lena mbaineann na Rialacháin um Dhramhaíl Bhia (IR Uimh. 508 de 2009). Féach tuarascáil ar an nasc seo a leanas: http://www.epa.ie/downloads/tithe_tábhairne/waste/stats/name,30407,en.html.

Ní leor a bhfuil de shonraí bailithe don earnáil dramhaíola tráchtála chun miondealú cruinn a dhéanamh maidir leis an tonnáiste san araid iarmharach agus an tonnáiste san araid d'ábhair thirime in-athchúrsáilte sa tonnáiste arna bhailiú. Is rud iomchuí, ar an ábhar sin, úsáid a bhaint as an ríomh cumaisc 80% do dhramhaíl tráchtála agus an t-iomlán den dramhaíl in-bhithmhille *ar fáil* (féach Tábla F-5). Measadh gur bailíodh 1,299,807 t de dhramhaíl tráchtála i 2009. Fágann sé sin ábhar dramhaíola in-bhithmhille 1,039,846 t ann. Tuairiscíodh gur cuireadh 640,737 t iarmharach le haghaidh a dhiúscartha. Beidh codán in-bhithmhilleachta na n-iarmharach níos cóngaraí don ábhar tráchtála san araid dhubh 75.2% (féach Tábla F-5 in Aguisín F, Staidéar um Thréithíocht

²⁸ Fágтар as an áireamh meastacháin maidir le dramhaíl neamhbhailithe tí.

²⁹ Glactar leis gur diúltaíodh 10% maidir le próiseáil ábhar tirime in-athchúrsáilte.

Dramhaíola Cathrach 2008). Meastar, dá réir sin, gurb é an codán in-bhithmhíllte de a cuireadh chuig líonadh talún ná 481,834 t.

Ábhar in-bhithmhíllte sa dramhaíl ghlantacháin

Trí chomhpháirt atá sa dramhaíl chathrach, mar atá, dramhaíl tí, dramhaíl tráchtála (dramhaíl neamhphróiseas tionsclaíochta san áireamh) agus dramhaíl ghlantacháin. Tuairiscítear gur gnáthábhair a bhíonn sa dramhaíl ghlantacháin a bailíodh, mar shampla, bailiúcháin as cosamar sráide, as cothabháil páirceanna agus reiligí, bailiúcháin chathracha sráideanna, srl. Tuairiscíodh gur táirgeadh 26,701 t den ábhar sin i 2009. Déantar fachtóir caomhach in-bhithmhíllteachta don dramhaíl tí ina hiomláine (65%) a shannadh don ábhar sin, rud a fhágann 17,336 t de dhramhaíl in-bhithmhíllte ar fáil i sruth na dramhaíola ghlantacháin.

In-bhithmhíllteacht fhoriomlán dramhaíola cathrach

Léirítear i dTábla 19 an in-bhithmhíllteacht thiomsaithe atá ar fáil do na comhpháirteanna thuasluaite den sruth dramhaíola cathrach, chomh maith le meastachán maidir leis an ábhar in-bhithmhíllte sa dramhaíl iarmharach a cuireadh chuig líonadh talún. Meastar go raibh 1,939,182 t (.i. 69%) den dramhaíl chathrach bhainistithe (2,824,977 t) ina dramhaíl in-bhithmhíllte agus gur cuireadh 1,059,852 t (nó 55%) den tonnáiste a luadh sa chéad áit chuig líonadh talún. Fágann sin líon dramhaíola athchúrsáilte c. 879,330 t (45%) den chuid in-bhithmhíllte den dramhaíl chathrach in-bhithmhíllte.

Tábla 19: Ábhar DCI sna sruthanna bainistithe dramhaíola cathrach a tuairiscíodh i 2009³⁰

Sruth foinse na dramhaíola cathrach	An chuid di a bhí ina dramhaíl in-bhithmhíllte ar fáil (t)	Ábha ar DCI iarmharach a cuireadh isteach i líonadh talún (t)
Dramhaíl tí	881,980	560,662
Dramhaíl tráchtála agus neamhphróiseas tionsclaíochta	1,039,846	481,834
Dramhaíl ghlantacháin	17,356	17,356
Iomlán:	1,939,182	1,059,852

Nuair a bhreathnaítear ar na figiúirí sin agus nuair a dhéantar an ‘bhearna’ idir iad agus an sprioc 2010 don tréimhse tuairiscithe 2009 a mheasúnú, léirítear i dTábla 20 go bhfuil dul chun cinn mór fós á dhéanamh ag Éirinn chun an bhearna idir teorainneacha AE maidir le méid na dramhaíola in-bhithmhíllte a chuirtear chuig líonadh talún i gcomhair a diúscartha agus an staid reatha a dhúnadh. Bhí tionchar láidir ag an laghdú ar ghiniúint na dramhaíola cathrach agus ar shruth na dramhaíola tráchtála, ach go háirithe, ar an dul chun cinn sin.

³⁰ Fághtar as an áireamh meastacháin maidir le dramhaíl neamhbhailithe tí.

Tábla 20: Fad ó sprioc atreoraithe 2010 maidir le Treoir an AE maidir le Líonadh Talún i 2009

Spriocbhliain	An chainníocht is mó is ceadmhach a chur go líonadh talún (t, ina iomláine)
2010	916,000
2013	610,000
2016	427,000

Stádas reatha	An chainníocht dramhaíola cathrach in-bhithmhíllte go líonadh talún (t)
2009	1,059,852

Stádas reatha	Fad go dtí an chéad sprioc AE sa Treoir um Líonadh Talún (lúil 2010) (t, ina iomláine)
2009	144,000

Gníomhartha i gcomhair na dramhaíola in-bhithmhíllte amach anseo

Mar a sonraíodh cheana féin, tháinig méadú suntasach ó 18,705 t i 2007 go 62,447 t i 2009 (c. 300% de mhéadú) ar an tonnáiste de dhramhaíl tí, bhia agus ón ngairdín a bailíodh ar leithligh ar thaobh na sráide (in araidí donna).

I gciroclán a d'eisigh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i 2008, d'iarr an tAire ar údaráis áitiúla dlús a chur le leathadh amach na n-araidí donna. Tháinig méadú ar líon na gceantar údaráis áitiúil inar bailíodh dramhaíl in araidí donna ar thaobh na sráide ó 13 (2007) go 16 (2008) go 22 (2009) (de na 34 ceantar údarás áitiúla, féach Tábla 13 agus Tábla 15), trí sheirbhísí arna soláthar go príomha ag oibreoirí príobháideacha. Cúig údarás áitiúil déag atá páirteach i mbailiúcháin dramhaíola ar thaobh na sráide waste collection, ach níl ach ocht gcinn díobh a sholáthraíonn seirbhís tríú haraide. Mar is léir ó Thábla 13, níl an tríú haraid ar fáil ach do c. 24% de na teaghlaigh le seirbhís sa Stát. Is gá líon na mbailiúcháin dramhaíola orgánaí a mhéadú go mór. Maidir le hoibríochtaí tráchtála, ní léireofar an tionchar arna imirt ag an Rialachán um Dramhaíola (Food Waste) Rialacháin 2009 (IR 508 de 2009) a tugadh isteach le déanaí go dtí go bhfoilseofar an chéad Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola eile (don bhliain 2010), toisc gur in Eanáir 2010 a tháinig siad i bhfeidhm. Cuireann na rialacháin sin ceangal ar ghníomhaíochtaí sceidealta (m.sh., gníomhaíochta a tháirgeann dramhaíl lónadóireachta, mar shampla, óstáin, bialanna, bialanna in ionaid oibre, óspidéal, srl.) scagadh agus bailiú ag foinse a chur i bhfeidhm maidir le dramhaíl bhia a athchúrsáil.

Fachtóir suntasach eile in oibriú an chórais maidir le bailiú na tríú haraide is ea an fhadhb a bhaineann le 'cur i láthair'. Tá easpa tuisceana ann maidir le cad is féidir agus nach féidir a chur isteach in araid sin na bithdhramhaíola. Táthar ag dul i ngleic leis an mbearna tuisceana sin trí chlár oideachais agus eolais i dtaobh na dramhaíola bia atá á mhaoiniú ag an DEHLG ag www.foodwaste.ie (á oibriú ag Cré), agus trí bhileoga eolais a sholáthraíonn bailitheoirí agus feachtais údarás áitiúla. Tugtar réimse an-leathan 20 kg - 900 kg de bithdhramhaíl tí agus meán 307 kg/teaghlach le seirbhís (Tábla 13 agus Tábla 15). Baineann na figiúirí is airde le ceantair uirbeacha de ghnáth, toisc, is dócha, dramhaíl ón ngairdín a bheith san áireamh, den chuid is mó (tá níos mó slí ag sealbhóirí tí tuaithe múiríníú baile a dhéanamh ar an ábhar sin). Is é is dóichí go mbaineann cuid de na figiúirí is ísle leis an tús déanach a cuireadh le bailiú na tríú haraide (i mbliain an tuairiscithe). Tá sé le léamh ar na sonraí sin, áfach, go bhfuil éagsúlacht mhór ann maidir le cur i láthair na bithdhramhaíola sa tríú haraid a gcaithfear dul i ngleic leis trí chlár oideachais níos éifeachtaí.

Ní leor iontu féin bailiúcháin scagtha dramhaíola in-bhithmhíllte ag foinse chun a chinntiú go mbainfidh Éire na spriocanna amach a leagadh síos i dTreoir an AE maidir le Líonadh Talún. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh suas le 47% (de réir meáchain) den ábhar san araid iarmharach i seirbhís trí haraide tí ina dramhaíl in-bhithmhíllte (féach Tábla F-1 in Aguisín F). Is gá cóireáil a

dhéanamh ar an gcomhpháirt in-bhithmhíllte den dramhaíl iarmharach chun go mbainfí oibleagáidí atreo 2013 agus 2016 den Treoir um Líonadh Talún amach. Go nuige seo, níl tuairiscíodh ach an fhorbairt nó an t-oibriú is lú de bhonneagar chun déileáil le comhpháirt in-bhithmhíllte na haraide iarmharáí de bhailiúcháin na dramhaíola cathrach. Is cinnte go gcuirfidh loscadh dramhaíola chun fuinneamh a ghiniúint go mór leis sin nuair a bheidh ann dó, mar a chuirfeadh próisis a bhaineann le cóireáil mheicniúil bhitholaíocht chun fuinneamh a ghiniúint (MBT) ach iad siúd a fhorbairt.

I samhradh na bliana 2010, foilsíodh dréacht de rialacháin a d'fhéadfadh ceangal a chur ar bhailitheoirí údaraithe dramhaíola córas bailithe dramhaíola bia a sholáthar do theaghlaigh ar bhonn céimnithe. Tháinig deireadh le tréimhse comhairliúcháin na rialachán sin ar an Deireadh Fómhair 2010.

D'imir feidhmíocht lagmheasa gheilleagrach na hÉireann i 2009 agus i 2010 tionchar láidir ar shruthanna áirithe dramhaíola. Mar a léirítear sa tuarascáil seo, tá laghdú suntasach tagtha ar thonnáiste na dramhaíola a gineadh in earnáil na tráchtála i gcomparáid le tonnáiste 2008, mar a tháinig ar thonnáiste na dramhaíola ón earnáil tógála agus scartála. Ciallaíonn an codán mór in-bhithmhíllte i sruth na dramhaíola tráchtála stream (c. 77%) go mbeidh tionchar mór ag titim ar bith ar thonnáiste bliantúil sa sruth dramhaíola sin ar an dramhaíl in-bhithmhíllte iarmharach a chuirtear chuig líonadh talún. Ar an ábhar sin, is dócha go mbeidh an moilliú geilleagrach ina chabhair mór ag Éirinn maidir leis an gcéad sprioc faoi atreo don dramhaíl in-bhithmhíllte faoi Threoir an AE um Líonadh Talún a bhaint amach (mar aon le hidirghabhálacha reachtúla an EPA agus an Rialtais). Is gá a aithint nach leor ann féin an bonn íseal geilleagrach sin chun spriocanna a bhaint amach maidir le ceanglais AE a chomhlíonadh, go háirithe agus an geilleagar ag teacht chuige féin. Is gá, mar sin, coinneáil den iarracht dramhaíl a chosc, a chur ar atreo agus a aisghabháil, mar aon le bonneagar riachtanach tacaíochta a fhorbairt.

Measann an EPA gurb iad na tosaíochtaí maidir le bainistiú na dramhaíola cathrach in-bhithmhíllte a hfeabhsú in Éirinn ná:

- Seirbhísí a chur in áit maidir le bailiú scagtha na dramhaíola orgánaí (bia, go háirithe) ó áitribh chónaithe agus ó áitribh thráchtála;
- Féachaint chuige go mbíonn a leordhóthain de bhonneagar ann chun cóireáil a dhéanamh ar an leor mór dramhaíola orgánaí (bia, go háirithe) nach mór a bhailiú ar bhonn scagtha agus a chur ar atreo ó líonadh talún;
- Féachaint chuige go mbíonn a leordhóthain de bhonneagar ann chun cóireáil a dhéanamh ar an gcuid in-bhithmhíllte den araid iarmharach ó na seirbhísí bailithe cathrach ar fad (ábhar in-bhithmhíllte suas le 47% san araid iarmharach nó tríú haraid ó theaghlaigh);
- Leanúint den obair leanúnach maidir le cosc na dramhaíola bia a chur chun cinn trí thionscnaimh NWPP, mar shampla, StopFoodWaste.ie, Gnó Glas, Cúram Sláinte Glas agus na Dámhachtainí um Fháilteachas Glas;
- Dlús le leathadh na gclár eolais agus oideachais maidir le hoibriú na tríú haraide, d'fhonn an meán-tonnáiste náisiúnta faoi chur i láthair a mhéadú; agus,
- Margáí inbhuanaithe a fhorbairt do tháirgí na cóireála sin.

5 Dramhaíl ó phacáistiú

Tá Éire faoi cheangal na spriocanna aisghabhála agus athchúrsála faoin Treoir um Pacáistiú (94/62/EC arna leasú) a bhaint amach. Tugann na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pacáistiú), 2007, (IR Uimh. 798 de 2007) feidhm don Treoir um Pacáistiú arna leasú agus tugann ar aghaidh go dtí 2008 na spriocanna a leagadh síos do 2011 i dTreoir an AE. Tháinig laghdú i 2009 ar mheáchan na dramhaíola pacáistíochta a bainistíodh, i gcomparáid le 2008 (1,026,759 t in 2008, 972,430 t in 2009). Tháinig méadú ó 65% i 2008 go 70% i 2009 ar an iomlán a aisghabhadh (Tábla 21). Sáraíonn sé sin an sprioc aisghabhála 60% atá leagtha síos le haghaidh 2011 faoin Treoir um Pacáistiú. Tosca éagsúla ba chuis leis an méadu ar an ráta aisghabhála i 2009. Tháinig laghdú ar mheáchan measta na dramhaíola pacáistíochta a cuireadh isteach i líonadh talún i 2009, agus méadú ar mheáchan an ábhar phlaistigh agus 'ábhar eile pacáistithe' a tuairiscíodh (an chuid den ábhar pacáistithe a bhaineann le breosla a gineadh as dramhaíl, go háirithe). Cuirtear leis sin an tionchar a bhí ag aistriú ábhar tirime in-athchúrsáilte measctha arna stóráil ag deireadh 2008 amach as na stórais (mar gheall ar an laghdú ar phraghsanna ar an margadh idirnáisiúnta le haghaidh ábhar in-athchúrsáilte).

Tá spriocanna fosta athchúrsála socruithe sa Treoir um Pacáistiú maidir le hábhair i ndramhaíl pacáistíochta a úsáid seachas úsáid i gcomhair fuinnimh (mar shampla, plaisteach, adhmaid) faoi Nollaig 2011 (féach Tábla 1A). Tá tuairisc i dTábla 21 ar chainníochtaí na pacáistíochta *athchúrsáilte* (i.e. seachas pacáistíocht curtha ar aghaidh chun fuinneamh a aisghabháil). Soláthraíonn oibreoirí aisghabhála na sonraí sin trí shuirbhéanna EPA. Tá spriocanna athchúrsála 2011 an AE bainte amach cheana féin.

Tábla 21: Dramhaíl ó phacáistiú i 2009

Ábhar	An chainníocht a bainistíodh (t)	An chainníocht a aisghabhadh (t)	An ráta náisiúnta aisghabhála (%)	An chainníocht go líonadh talún (t)	An ráta náisiúnta go líonadh talún (%)	An chainníocht a athchúrsáladh (t)	An ráta náisiúnta athchúrsála (%)
Páipéar agus cairtchlár	370,194	300,662	81.2	69,532	18.8	300,662	81.2
Gloine	156,176	118,456	75.8	37,720	24.2	118,456	75.8
Plaisteach	224,350	81,175	36.2	143,176	63.8	81,175	36.2
Iarnúil	39,547	25,580	64.7	13,967	35.3	25,580	64.7
Alúmanam	12,970	4,535	35.0	8,435	65.0	4,535	35.0
Miotail eile	691	0	0.0	691	100.0	0	0.0
Teicstílí	1,647	0	0.0	1,647	100.0	0	0.0
Adhmaid	109,585	108,528	99.0	1,056	1.0	86,723	79.1
Eile ³¹	57,270	40,599	70.9	³² 16,671	29.1	14,255	24.9
Iomlán	972,430	679,535	69.9	292,894	30.1	631,386	64.9

(Foinse: suirbhé eagraíochtaí aisghabhála, suirbhé ar láithreáin líonta talún, staidéar 2008 maidir le tréithíocht dramhaíola)


³¹ Cumaisc, pacáistíocht mheasctha agus breosla díortha as dramhaíl.

³² Níl breosla díortha as dramhaíl san áireamh.

Úsáidtear fachtóirí maidir le comhdhéanamh dramhaíola chun méid na dramhaíola ó phacáistiú a chuirtear chuig *líonadh talún* a mheas. Léiríonn suirbhéanna a rinneadh i 2008 maidir le comhdhéanamh na dramhaíola cathrach gur tháinig laghdú ar mhéid na pacáistíochta san araid dhubh iarmharach i gcomparáid le méid na pacáistíochta a tuairiscíodh sa staidéar tréithíochta roimhe sin, mar atá, ceann 2005. Rinneadh staidéar ar thréithíocht dramhaíola i 2010 maidir leis an dramhaíl iarmharach ó áitribh thráchtála ar soláthraíodh córais um bailiú scagtha dóibh. Níor úsáideadh na fachtóirí faoi chomhdhéanamh don staidéar ar araidí tráchtála i 2010 do na sonraí a cuireadh i láthair toisc nach raibh leathadh sách forleathan den tríú haraid orgánach thráchtála i 2009. Tá an t-eolas maidir le méid na pacáistíochta a *aisghabhadh* bunaithe ar na sonraí aisghabhála a chuir oibreoirí aisghabhála ar fáil trí shuirbhéanna EPA. Glactar leis gur aisghabhadh an pacáistiú ar fad a chuireadh ar aghaidh le haghaidh a aisghabhála, mar atá 100% (m.sh., an páipéar agus an cairtchlár a cuireadh chuig muilté páipéir san Áise), cé go mbeifí ag súil go gcuirfí cuid áirithe i gcomhar a dhiúscartha mar iarmharach.

I suirbhé an EPA de na hoibreoirí aisghabhála, ina mbailítear sonraí maidir le méid na dramhaíola ó phacáistiú a aisghabhadh (mar a thuairiscítear i dTábla 21), ní dhéantar idirdhealú idir an tonnáiste a aisghabhadh thar ceann lucht féin-chomhlíonta nó baill de Repak, an scéim náisiúnta do ghéilliúlacht um pacáistiú. Ba ó bhailí Repak a tháinig an chuid is mó den phacáistíocht, áfach.

Léirítear i Léaráid 12 an ráta aisghabhála maidir le dramhaíl ó phacáistiú ó 2001 go 2009 agus léiríonn, chomh maith, go bhfuil agus gur dócha go mbeadh na rátaí aisghabhála géilliúil leis na spriocanna AE ar fad.



Léaráid 12: Aisghabháil na dramhaíola ó phacáistiú, 2001-2009, mar aon le dul chun cinn i dtreo spriocanna

Forálann na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pacáistiú), 2007, go bhféadann táirgeoirí dramhaíola pacáistíochta dul isteach i scéim géilliúlachta (is é Repak an t-aon scéim géilliúlachta amháin sa Stát) nó féin-chomhlíonadh a dhéanamh. Is iad na húdaráis áitiúla atá freagrach as na Rialacháin um Pacáistiú a fhorfheidhmiú, oibleagáidí táirgeoirí féin-chomhlíonta san áireamh. Thug na 34 údarás áitiúla ar fad freagra ar shuirbhé DEHLG maidir leis an lucht féin-chomhlíonta um pacáistiú ina gceantar feidhmiúcháin féin i 2009. Tugtar na sonraí a soláthraíodh ar an dóigh sin i dTábla 22. Thuairiscigh ceithre cinn de na húdaráis áitiúla nach raibh táirgeoirí féin-chomhlíonta cláraithe ina gceantair (Dún na nGall, Liatroim, Contae Phort Láirge agus Loch Garman). Ina theannta sin, tuairiscítear i dTábla 22 líon na dtáirgeoirí féin-chomhlíonta i ngach ceantar feidhmiúcháin údaráis áitiúil i 2009, mar aon le líon na n-áitreabh, an tonnáiste de phacáistiú a cuireadh ar an margadh agus an tonnáiste de phacáistiú a tuairiscíodh mar ábhar aisghafa i 2009.

Tábla 22: Táirgeoirí féin-chomhlíonta pacáistíochta a tuairiscíodh i gceantair údarás áitiúla i 2009

Údarás áitiúil	Number of companies	Líon na n-áitreabh	Pacáistiú curtha ar an margadh (t)	Pacáistiú aisghafa (t) ³³
Ceatharlach	1	2	12	7
An Cabhán	5	5	15,504	895
An Clár	2	4	3,687	112
Cathair Chorcaí	2	2	35	21
Contae Chorcaí	4	8	555	397
Dún na nGall	0	0	0	0
Cathair Bhaile Átha Cliath	16	24	2,978	2,021
Dun Laoghaire-Ráth an Dúin	11	12	3,519	2,222
Fine Gall	20	20	3,415	955
Cathair na Gaillimhe	6	11	506	306
Contae na Gaillimhe	3	15	231	151
Ciarraí	2	2	391	0
Kildare	5	5	2,341	1,696
Cill Chainnigh	4	5	380	235
Laois	1	1	20	42
Liatroim	0	0	0	0
Cathair Luimnigh	1	3	30	18
Contae Luimnigh	6	6	4,771	516
Longford	2	2	39	23
An Lú	4	5	322	215
Maigh Eo	4	10	671	935
An Mhí	7	8	974	519
Muineachán	5	5	935	131
Tiobraid Árann Thuaith	1	3	19	11
Uíbh Fhailí	1	5	13	15
Ros Comáin	4	6	138	40
Sligo	1	1	22	17
Áth Cliath Theas	20	21	14,720	2,842
South Tipperary	2	3	133	105
Cathair Phort Láirge	1	1	6	4
Contae Phort Láirge	0	0	0	0
An Iarmhí	2	4	363	217
Loch Garman	0	0	0	0
Cill Mhantáin	5	7	4,745	908
Iomlán	148	206	61,475	15,576

(Foinse: DEHLG agus údarás áitiúla)

Déantar comparáid i dTábla 23 idir sonraí 2008 agus 2009 do na táirgeoirí pacáistíochta atá féin-chomhlíonta, maidir le líon na gcuideachtaí agus líon na n-áitreabh a cláraíodh agus le tonnáiste na pacáistíochta a cuireadh ar an margadh. Toisc nár dhein an EPA suirbhé ar an bpacáistíocht a aisghabhadh (mar a thuairiscigh táirgeoirí féin-chomhlíonta do na húdaráis áitiúla) do Thuarascáil Náisiúnta Dramhaíola 2008, níl sonraí aisghabhála ar fáil do 2008 chun go gcuirfí i gcomparáid iad. Thuairiscigh na

³³ Thuairiscigh údarás áitiúla gur theip ar 13 táirgeoir féin-chomhlíonta sonraí 2009 a sholáthar.

húdaráis áitiúla gur theip ar trí cinn déag de na táirgeoirí féin-chomhlíonta maidir le sonraí a bpacáistíochta aisghafa don bhliain 2009; ar an ábhar sin, tá tacar sonraí na bliana sin neamhiomlán. Tá oibleagáid faoin dlí ar gach táirgeoir féin-chomhlíonta tuairiscí a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil ábhartha maidir le méid na pacáistíochta a cuireadh ar an margadh agus le méid na pacáistíochta athúsáidte, a aisghabhadh agus a diúscaíodh. Is gá na tuairiscí sin a chur isteach, chun gur féidir le húdaráis áitiúla cinneadh a dhéanamh maidir le cé de na táirgeoirí féin-chomhlíonta a rinne na hoibleagáidí a leagadh orthu maidir le spriocanna aisghabhála agus athchúrsála a chomhlíonadh agus cé acu nár dhein.

Tábla 23: Táirgeoirí féin-chomhlíonta pacáistíochta – comparáid idir sonraí 2008 agus sonraí 2009

Bliain	Líon na gcuideachtaí cláraithe féin-chomhlíonta	Líon na n-áitreabh	Pacáistiú curtha ar an margadh (t)	Pacáistiú aisghafa (t)
2008	152	212	74,130	Not available
2009	148	205	61,475	15,576

(Foinse: DEHLG agus údaráis áitiúla)

6 Dramhthrealamh leictreach agus leictreonach

Tá sé mar aidhm ag an Treoir maidir le Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE) (2002/96/EC) giniúint WEEE a chosc agus spriocanna a shocrú maidir le bailiú agus le cóireáil WEEE ar bhealach atá slán do chúrsaí comhshaoil. Déanann Rialacháin WEEE an Treoir WEEE a thrasúiomh i ndlí na hÉireann, agus tháinig oibleagáidí faoi na Rialacháin WEEE i bhfeidhm in Éirinn ar an 13 Lúnasa 2005. Tá na sonraí maidir le bailiú agus le cóireáil WEEE in Éirinn i 2009 bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar ag oibreoirí aisghabhála WEEE, ag scéimeanna comhlíonta WEEE agus ag táirgeoirí féin-chomhlíonta trealamh leictreach agus leictreonach (EEE).

Léirítear i dTábla 24 gur bailíodh 45,327 t de dhramhaíl WEEE in Éirinn i 2009, rud is ionann agus titim beagnach 13% ar 2008. Tagann an titim fhoriomlán, cuid mhór, leis an laghdú ar aisghabháil earraí troma, mar shampla, innill nite agus innill nite gréithre, rud a thagann leis an laghdú sa Treoir-uimhir um Thomhaltas Pearsanta (féach Léaráid 7), i.e. laghdú ar earraí nua a cheannach le cur in áit earraí atá sean, nó laghdú ar láimhdeachas teaghlaigh EEE). In éineacht le WEEE, bailíodh 725 t de threalamh úsáidte athlámhe EEE i gcomhair a n-athúsáidte (.i. seachas mar dhramhaíl). Trealamh faisnéise agus teicneolaíochta is mó a bhí san ábhar a bailíodh i gcomhair a athúsáide. Onnmhairíodh beagnach a leath den WEEE a bailíodh i 2009 go dtí tíortha eile laistigh den AE i gcomhair a cóireála. Níor onnmhairíodh WEEE ar bith as Éirinn go dtí tíortha lasmuigh den AE. Allmhairíodh 236 t ar fad de WEEE neamhghuaiseach isteach go hÉirinn i gcomhair a cóireála. (féach Tábla 6). Bailíodh, ar an meán, beagnach 9 kg de dhramhaíl tí WEEE in aghaidh an duine a chónaíonn i bPoblacht na hÉireann i 2009. Sin níos mó ná dúbailt na sprice a sonraíodh in aghaidh an duine faoin Treoir WEEE, mar atá, 4 kg.

Ón 31 Mí na Nollag 2008, is ar tháirgeoirí EEE a luíonn an fhreagracht as spriocanna a bhaint amach maidir le céatadán na haisghabhála agus le céatadán athúsáidte comhpháirteanna, ábhar agus substaintí WEEE a chuirtear ar aghaidh i gcomhair a cóireála. Tugtar achoimre de na meastacháin maidir leis na céatadáin aisghabhála agus athchúrsála i dTábla 1A den tuarascáil seo agus déantar amach gur bhain Poblacht na hÉireann amach gach sprioc a bhain le cóireáil WEEE a socraíodh faoin reachtaíocht AE agus faoin reachtaíocht náisiúnta.

Tábla 24: WEEE bailithe, cóireáilte, onnmhairithe agus stóráilte i 2009³⁴

	Cuisneoirí agus reoiteoirí	Gléasanna móra tí ³⁵	Teilifíseáin & monatóirí	Trealamh soilsithe ³⁶	WEEE eile ³⁷	Iomlán WEEE
A bailíodh (t)	6,159	17,100	6,604	649	14,815	45,327
Miondealú:						
A cóireáladh i bPnahÉ (t)	0	10,492	5,874	556	6,237	23,159
A onnmhairíodh chun an AE ³⁸ (t)	6,136	6,642	727	102	8,554	22,161
Iomlán aisghafa (t)	5,506	13,804	6,021	555	12,557	38,443
Athrú i stóras (t)	23	-35	2	-9	24	5

(Foinse: WEEE agus suirbhé eagraíochtaí aisghabhála, táirgeoirí féin-chomhlíonta)

³⁴ Sonraí fós le teacht ó roinnt táirgeoirí féin-chomhlíonta

³⁵ Mar shampla, innill nite gréithre, innill níocháin, soirn.

³⁶ Áirítear lampaí sruthshoilseacha ar fad (lampaí dlútha sruthshoilseacha san áireamh), (lampaí sceite gáis ardbhrú agus ísealbhrú, agus trealamh chun críocha solas a leathadh nó a rialú, seachas luminaires tí.

³⁷ Mar shampla, steireónna, gutháin, bréagáin, folúsghlantóirí, tóstaeir, ríomhairí.

³⁸ Meáchan iomlán 7,484 t a onnmhairíodh go Tuaisceart Éireann i 2009.

7 Feithiclí ag deireadh a ré

Tá bailiú, stóráil, baint as a chéile agus cóireáil feithiclí ag deireadh a ré (ELVanna) faoi réir ag reachtaíocht AE ó 2000. Rinneadh an Treoir ELV (2000/53/EC) a thrasuíomh isteach i ndlí na hÉireann faoin Acht um Chaomhnú an Chomhshaoil, 2003, agus faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (ELV) (IR Uimh. 282 de 2006), 2006, arna leasú ag na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (ELV) (Leasú) 2010 (IR Uimh. 142 de 2010), 2010.

Is í an aidhm fhoriomlán atá ag Treoir ELV ná tionchar ELVanna ar chúrsaí comhshaoil a mhaolú. Is é an bealach is mó ina bhaintear an aidhm sin amach ná ag ‘céim an deartha’, ina n-úsáidtear ábhar ghuaiseacha éagsúla i ndéanamh gluaisteán nua, agus ag ‘céim na dramhaíola’, ina mbunaítear córais iomchuí sa chóireáil ó thaobh ábhair ghuaiseacha amach astu (olaí, cadhnraí) agus ábhair eile a athúsáid nó a athchúrsáil (miotail, plaisteach, gloine, boinn). Clúdaíonn Treoir ELV feithiclí a úsáidtear chun paisinéirí a iompar (líon uasta ocht suíochán) agus feithiclí a úsáidtear chun earraí a iompar (líon uasta feithicle 3.5 t). Baineann an reachtaíocht ELV leis an réimse reachtaíochta maidir le ‘freagracht ar an táirgeoir’ agus, ar an ábhar sin, tá oibleagáidí ar na táirgeoirí féachaint chuige go ndéantar ELVanna a bhainistiú go stuama ó thaobh an chomhshaoil de. Déantar táirgeoirí a shainmhíniú mar na déantúsóirí agus na hallmháireoirí a chuireann feithiclí ar mhargadh na hÉireann. Tá ceangal ar táirgeoirí conradh a dhéanamh le gréasán áiseanna údaráithe cóireála (ATFanna), a chaithfidh ELVanna a ghlacadh saor in aisce ó úinéirí cláraithe.

Chun ELVanna a ghlacadh isteach, caithfidh ATFanna neamhspleácha agus ATFanna faoi chonradh ag táirgeoirí cead dramhaíola nó ceadúnas dramhaíola a bheith ina seilbh acu. Caithfidh siad leibhéil íosta riachtanas a shásamh ó thaobh ELVanna a stóráil, a chóireáil agus a aisghabháil ar bhealaí iomchuí. Eisíonn ATFanna deimhnithe scríosta chuig úinéirí cláraithe ELVanna mar choinníoll díchláraithe. Cuirtear ELVanna a glanadh chuig mionghearrthóirí miotail. Tá trí mhionghearrthóir ELVanna ag feidhmiú sa Stát faoi láthair. Cuirtear roinnt ELVanna thar lear i gcomhair a mionghearrtha.

Thuairiscigh údaráis áitiúla don EPA go raibh 130 ATF ceadaithe ina gceantar feidhmiúcháin i 2009 (a raibh 126 díobh ag feidhmiú). Thuairiscigh cúig údarás áitiúil nach raibh ATF ar bith ag feidhmiú ina gceantar feidhmiúchán i 2009 (Cathair Chorcaí, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Liatroim, An Longfort agus Cathair Phort Láirge).

I measc oibleagáidí eile, leagann Treoir ELV an AE síos na spriocanna atá le baint amach ag Ballstát ó thaobh ELVanna a athúsáid, a athchúrsáil agus a aisghabháil. Is iad na spriocanna sin ná:

- (i) Faoi 1 Eanáir 2006, íosmhéid 80% in athúsáid agus athchúrsáil, agus íosmhéid 85% in athúsáid agus aisghabháil; agus
- (ii) Faoi 1 Eanáir 2015, íosmhéid 85% in athúsáid agus athchúrsáil, agus íosmhéid 95% in athúsáid agus aisghabháil.

Chun sonraí a bhailiú faoi athúsáid, aisghabháil agus faoi athchúrsáil ELVanna in Éirinn, úsáidtear suirbhéanna EPA ar ATFanna agus ar oibreoirí mionghearrtha ELVanna. Is é tacar sonraí 2008 an ceann is déanaí a cuireadh faoi anailís. Sa bhliain 2008, Thuairiscigh na hATFanna gur glacadh le 127,612 ELV i gcomhair a nglanta, le meáchan thart faoi 136,672 tonna. Tugtar i dTábla 25 achoimre den eolas faoi athúsáid, athchúrsáil agus faoi aisghabháil ábhar ó ELVanna a baineadh as a chéile.

Tábla 25: Cá ndeachaigh ábhair as cóireáil ELVanna in Éirinn i 2008

	Athúsáidte(t)	Athchúrsáilte(t)	Aisghafa (ábhar athchúrsáilte as an áireamh)(t)	Diúscartha (t)
ATFanna	1,033	9,191	605	1,077
Mionghearrthóirí in Éirinn		76,730	7488	16,781
Mionghearrthóirí sa Ríocht Aontaithe		16,713		5,736

(Foinse: suirbhé ATFanna, suirbhé oibreoirí mionghearrthóirí, suirbhé ionramháilaithe miotail, *Tuarascáil Maidir leis an Triail um Ghlanadh agus Mionghearradh*)

Bunaithe ar na figiúirí i dTábla 25, rinneadh athúsáid agus aisghabháil ar 82% i 2008 agus athúsáid agus athchúrsáil ar 76%. Tá sé le léamh ar na céatadáin sin go bhfuil ag teipeadh de bheagán ar Éirinn na spriocanna AE atá i bhfeidhm ó Eanáir 2006 a bhaint amach, mar atá, athúsáid agus aisghabháil ar 85% den saghas sin dramhaíola agus athúsáid agus athchúrsáil ar 80% di. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, meastar go mbeidh gá le tuilleadh próiseála ar ELVanna, trí mheán (i) ELVanna a bhriseadh síos níos mó sula ndéanfar an t-ábhar iontu a mhionghearradh agus/nó (ii) teicneolaíochtaí iar-mhionghearrtha a úsáid chun ábhar in-athchúrsáilte a bhaint as an iarmharach iar-mhionghearrtha. Beidh ar na táirgeoirí ar a luíonn an oibleagáid sin féachaint chuige go mbainfear an sprioc sin amach, toisc go bhfuil spriocanna níos déine fós le teacht isteach agus iad siúd le cur in áit faoi 2015.

Triail um ghlanadh agus mionghearradh ELVanna

D'fhoilsigh an EPA tuarascáil faoin teideal *ELV Tuarascáil Maidir leis an Triail um Ghlanadh agus Mionghearradh ELVanna* d'Éirinn i Meán Fómhair 2010. Rinne an EPA agus an DEHLG an triail sin a mhaoiniú.

Ba iad cuspóirí na trialach ná:

- (i) Triail a reáchtáil, inar deineadh sampla ionadaíoch ELVanna a ghlanadh agus a mhionghearradh;
- (ii) Tuarascáil a sholáthar maidir leis na comhpháirteanna ELVanna a glanadh; agus
- (iii) Meastachán a dhéanamh den ábhar miotail bainteach le mionghearradh/briseadh síos ELVanna chun cabhrú le hÉirinn tuarascáil iomlán staitisticíúil a sholáthar do Choimisiún na hEorpa.

Rinneadh scata samplach ELVanna (dár líon 90 gluaisteán paisinéirí agus 10 veain tráchtála) a ghlanadh agus a mhionghearradh. Tugann na sonraí ón triail ghianta sin le fios gur 1,071 kg ina iomláine, is meáchan don ELV in Éirinn, ar an meán, agus gur 977 kg i ndiaidh a glanta. Miotail ab ea 70.35% de mheáchan iomlán tosaigh an ábhair a aisghabhadh as próiseáil ELVanna sa triail sin (breosla as an áireamh), agus 70.41% tar éis comhpháirteanna eile a chur in áit cinn ar iarraidh (m.sh., tiontóirí catalaíocha, uirlisí, boinn, srl.). Cé nach gcuirtear teicneolaíochta mionghearrtha i bhfeidhm ar iarmharach an mhionghearrtha i bPoblacht na hÉireann i láthair na huaire, rinneadh scagadh ard-dlúthán ar chodán trom an mhionghearrthóra agus scrúdú tréithíochta ar an iarmharach mionghearrtha, chun críocha faisnéis a fháil don triail. Tugtar torthaí na measúnuithe sa tuarascáil a bhaineann leis an *Triail um Ghlanadh agus Mionghearradh ELVanna*.

8 Dramhaíl Tógála agus Scartála

Meastar gur bailíodh meáchan iomlán 5,093,666 t de dhramhaíl tógála agus scartála (T&S) i 2009, rud is laghdú 62% ó 2008. Ithir agus clocha is mó a bhí sa dramhaíl sin (3,770,549 t). Bhí an fuílleach 1,323,117 t den T&S a bailíodh comhdhéanta de shaghsanna eile dramhaíola, mar shampla, spallaí, miotail, adhmaid, plaisteach, gloine agus dramhaíl measctha T&S. Tá sonraí maidir le dramhaíl T&S a bailíodh bunaithe ar shonraí a chuir sealbhóirí ceadanna um bailiú dramhaíola ar fáil do na húdaráis áitiúla ina dtuarascálacha bliantúla comhshaoil (AERanna). Déanann an EPA na sonraí sin ó 34 údarás áitiúla a thiomsú chun teacht ar mheastachán den dramhaíl T&S ar fad a bailíodh in Éirinn.

Tuairiscíodh gur tugadh údarú do 1,975 sealbhóirí gníomhach CBD dramhaíl T&S a bhailiú in Éirinn i 2009 agus chuir 1,633 de na sealbhóirí sin AER a chur isteach, rud is ráta tuairiscithe 83%. Is é meastachán na n-údarás áitiúla gur bhailigh na 342 sealbhóirí ceadanna nár chuir tuairiscí isteach 83,926 t de dhramhaíl T&S.

Tuairiscíodh gur aisghabhadh 5,099,310 t de dhramhaíl T&S le linn 2009 agus rinneadh 55,926 t (1%) di a dhiúscairt ag láithreáin údaraithe líonta talún (Tábla 26). Baineadh leas as trí fhoinsé faisnéise maidir le haisghabháil agus le diúscairt na dramhaíola T&S: láithreáin líonta talún le ceadúnais ón EPA, a chuireann faisnéis i bhfoirm suirbhé ar láithreáin líonta talún ar ais, áiseanna cóireála dramhaíola le ceadúnais ón EPA, a chuireann suirbhé ar eagraíochtaí aisghabhála ar ais, agus sealbhóirí ceadanna dramhaíola (CD), a sholáthraíonn AERanna do údarás áitiúla. Tuairiscíodh go raibh an líon foriomlán de dhramhaíl T&S a bainistíodh i 2009 (5,155,236 t) ina laghdú 51% ar an líon a tuairiscíodh i 2008 (féach an fonóta).

Tábla 26: Iomlán na dramhaíola tógála agus scartála a bailíodh agus a bainistíodh i 2009

A bailíodh (t):		5,093,666
A bainistíodh (t)	Aisghabháil	Diúscairt
Láithreáin líonta talún le ceadúnais ón EPA	994,302 ³⁹	55,926
Láithreáin le cead ó údarás áitiúla	4,062,689	0
Áiseanna dramhaíola le ceadúnais ón EPA (seachas láithreáin líonta talún)	42,319	0
Iomlán	5,099,310	55,926
Mór-iomlán	5,155,236	
Ráta aisghabhála⁴⁰	99%	

(Foinse: suirbhé údarás áitiúla, suirbhé ar láithreáin líonta talún agus suirbhé eagraíochtaí aisghabhála)

Aibhsíonn na figiúirí do 2009 neamhréiteach idir an bailiúchán de dhramhaíl T&S a tuairiscíodh agus an dramhaíl T&S a tuairiscíodh mar dhramhaíl a diúscaíodh agus a aisghabhadh. Tuairiscíodh tonnáiste bailithe a bhí 61,570 t níos ísle ná an tonnáiste T&S a tuairiscíodh mar dhramhaíl a diúscaíodh agus a aisghabhadh sa bhliain féilire.

Tugtar cur síos imlíneach i dTábla 27 ar bhailiú agus ar bhainistiú ithreach agus cloch. Tuairiscíodh gur aisghabhadh tonnáiste níos mó ithreach agus cloch i 2009 (4,371,833 t) ná mar tuairiscíodh de dhramhaíl a bailíodh (3,770,549 t). I dteoiric, is ionann sin agus ráta aisghabhála 116% má bhunaítear an ríomh ar an tonnáiste ithreach agus cloch a tuairiscíodh mar dhramhaíl a bhailigh sealbhóirí CBD. Baintear ráta aisghabhála 99% má bhunaítear é ar na figiúirí a bhaineann le fírinne leis an ábhar a aisghabhadh

³⁹ Ábhar clúdaithe/tírdhreachta, críocha eile a bhaineann le líonadh talún a réiteach.

⁴⁰ Déantar an ráta aisghabhála a ríomh bunaithe ar an tonnáiste a tuairiscíodh mar dhramhaíl a bainistíodh trí aisghabháil nó trí dhiúscairt.

agus a diúscaíodh.

Tábla 27: Dramhaíl tógála agus scartála a bailíodh agus a bainistíodh, ithir agus clocha amháin, 2009

A bailíodh (t):		3,770,549
A bainistíodh (t)	Aisghabháil	Diúscairt
Láithreáin líonta talún le ceadúnais ón EPA	736,226	39,092
Láithreáin le cead ó údarás áitiúla	3,618,714	0
Áiseanna dramhaíola le ceadúnais ón EPA (seachas láithreáin líonta talún)	16,892	0
Iomlán	4,371,833	39,092
Mór-iomlán	4,410,925	
Ráta aisghabhála⁴¹	99%	

(Foinse: suirbhé údarás áitiúla, suirbhé ar láithreáin líonta talún agus suirbhé eagraíochtaí aisghabhála)

Den chodán den dramhaíl T&S nárbh ithir ná clocha (Tábla 28), tuairiscíodh gur aisghabhadh 727,477 t di, rud is ionann agus ráta aisghabhála 98% (bunaithe ar an T&S a bainistíodh). Tuairiscíodh gur bailíodh tonnáiste 578,806 t (44%) níos mó de dhramhaíl T&S nárbh ithir ná clocha ná an tonnáiste tuairiscithe mar dhramhaíl a diúscaíodh agus a aisghabhadh.

Tábla 28: Dramhaíl tógála agus scartála a bailíodh agus a bainistíodh (ithir agus clocha as an áireamh), 2009

A bailíodh (t):		1,323,117
A bainistíodh (t)	Aisghabháil	Diúscairt
Láithreáin líonta talún le ceadúnais ón EPA	258,076	16,833
Láithreáin le cead ó údarás áitiúla	443,975	0
Áiseanna cóireála dramhaíola le ceadúnais ón EPA (seachas láithreáin líonta talún)	25,426	
Iomlán	727,477	16,833
Mór-iomlán	744,310	
Ráta aisghabhála⁴¹	98%	

(Foinse: suirbhé údarás áitiúla, suirbhé ar láithreáin líonta talún agus suirbhé eagraíochtaí aisghabhála)

Le linn na bliana 2009, thuairiscigh na húdaráis áitiúla go raibh 639 sealbhóir gníomhacha ceadanna áiseanna dramhaíola a bhí údaraithe chun glacadh le dramhaíl T&S. Chuir 489 de na shealbhóirí sin AER isteach chun na n-údarás áitiúla, rud is ionann agus ráta tuairiscithe 77%. Measann na húdaráis áitiúla gurbh fhéidir gur aisghabhadh 212,000 t de bhreis de dhramhaíl T&S ag láithreáin le cead ó údarás áitiúla i 2009, bunaithe ar na 150 áis nár chuir tuairisc isteach. Agus é sin á chur sa mheá agus tonnáiste bailithe a measadh nár tuairiscíodh suas le 83,926 t, fágann san neamhréiteach i gcónaí idir an tonnáiste iomlán bailithe de dhramhaíl T&S a tuairiscíodh agus an tonnáiste 189,644 t de dhramhaíl T&S a tuairiscíodh mar dhramhaíl a diúscaíodh agus a

⁴¹ Déantar an ráta aisghabhála a ríomh bunaithe ar an tonnáiste a tuairiscíodh mar dhramhaíl a bainistíodh trí aisghabháil nó trí dhiúscairt.

aisghabhadh.

D'fhéadfaí bearnaí sna sonraí a mhíniú mar easpa cúraim ó thaobh taifid mhaithe a chothabháil agus ó thaobh oibleagáid na hearnála sonraí beachta a sholáthar do na húdaráis áitiúla gach bliain. Baineann fadhb eile le cad is dramhaíl ann, dar le tionscal na foirgníochta, rud a mhíneodh gan tuairisc cheart a bheith ann maidir le hacmhainní tánaisteacha. Theip ar Réigiún Chorcaí (Comhairle Chathair Chorcaí Council agus Comhairle Contae Chorcaí) agus Comhairle Contae Chill Mhantáin sonraí TS& 2009 a sholáthar, agus úsáideadh meastacháin chun an tacar sonraí náisiúnta a chomhlánú dá bharr. Ina theannta sin, tharlódh go mbeadh roinnt den dramhaíl T&S a bailíodh i 2008, ach nár tuairiscíodh mar ábhar aisghafa nó diúscartha go dtí 2009. Ina theannta sin, tá slí ann do thuairisciú faoi dhó ag sealbhóirí CBD agus CD thar theorainneacha údarás áitiúla, rud a d'fhéadfadh an ró-thuairisciú ar líon na dramhaíola T&S bailithe agus aisghafa go náisiúnta a mhíniú.

Ní mór caitheamh go cáiréiseach leis na rátaí measta thuas maidir le haisghabháil na dramhaíola T&S, mar gheall ar olcas na dtaifead agus ar thaithí tuairiscithe leis an earnáil sin. Caithfidh oibreoirí earnála feabhas mór a chur ar a dtaifid maidir lena saghsanna dramhaíola agus dob fhéidir go dteastódh níos mó iarrachtaí ó na húdaráis áitiúla maidir le forfheidhmiú agus le fforú, d'fhonn a chinntiú go dtarlódh sé sin.

9 Dramhaíl ghuaiseach

Rangaítear dramhaíl mar dhramhaíl ghuaiseach nuair a léiríonn sí airíonna a chiallaíonn go bhfuil sí contúirteach nó go bhféadfadh sí dochar a dhéanamh do shláinte an duine nó do chúrsaí comhshaoil (.i. ocsaídeach, pléascach, inlasta, greadfach, tocsaíneach). Tugtar liosta iomlán de na hairíonna sin in Aguisín III den Treoir nua Dramhaíola 2008/98/EC. Is í earnáil na tionsclaíochta an ginteoir dramhaíola guaisí is mó in Éirinn, as a n-eascraíonn ábhair dramhaíola guaisí mar shampla, tuaslagóirí tionsclaíochta, sludaigh, olaí agus ceimiceáin. Ina theannta sin, eascraíonn líon suntasach dramhaíola guaisí as teaghlaigh, as gnóluchtaí beaga, as feirmeacha, as earnáil na sláinte agus as earnáil na foirgníochta, mar shampla, cadhnraí luaidh agus aigéid, dramhthrealamh leictreach agus leictreonach, dramhaíl cúram sláinte chontúirteach, péinteanna agus vearnaisí bunaithe ar thuaslagóirí, lotnaidicídí agus luibhicídí, dramholáí agus aisbeist, chomh maith le dramhaíl eile. Úsáideadh trí fhoinsé chun faisnéis maidir le giniúint agus le bainistiú na dramhaíola guaisí a thiomástu astu, bunaithe ar ionad na cóireála:

- Fuarthas sonraí maidir le cóireáil dramhaíola guaisí ar an láthair ag an tionscal inar gineadh í (rud a dhéantar faoi cheadúnas faoi cheadúnas CRCT ag cuideachtaí in earnáil na cógaisíochta den chuid is mó), as Tuairisceáin um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán (PRTR) agus as Tuarascálacha Bliantúla Comhshaoil;
- Fuarthas sonraí maidir le cóireáil dramhaíola guaisí lasmuigh de láthair ag áiseanna tráchtála in Éirinn trí mheán an tsuirbhé um chóireáil dramhaíola guaisí, a cuireadh chuig gach áis le ceadúnas ón EPA nó le cead ón údarás áitiúil réimse dramhaíola guaisí a chóireáil; agus
- Fuarthas sonraí maidir le dramhaíl ghuaiseach a onnmharú chun críocha aisghabhála nó diúscartha thar lear as taifid a choimeádann an Oifig Náisiúnta um Loingsiú Trasteorann (NTFSO).

Tugtar figiúr iomlán na dramhaíola guaisí a bainistíodh in Éirinn i 2009 i dTábla 29 agus i Léaráid 13. Bhí tonnáiste iomlán na dramhaíola guaisí a bainistíodh i 2009 (ithir éillithe as an áireamh) 9% níos lú ná iomlán an tonnáiste i 2008.

Tábla 29: Achoimre maidir le bainistiú na dramhaíola guaisí, 2001-2009 (ithir éillithe as an áireamh)

Aicme	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009
⁴² Ar an láthair ag an tionscal (t)	95,566			86,328		88,409	82,732	72,038	74,668
⁴³ Lasmuigh de láthair in Éirinn (t)	48,013			55,952		60,872	91,240	113,839	89,992
Onnmhairithe (t)	115,366	109,545	170,678	165,498	146,811	134,904	147,542	157,207	150,395
Iomlán (t)	258,945			307,778		284,184	304,941	319,098	289,910⁴⁴


(Foinse: tuairisceáin bhliantúla IPPC PRTR; suirbhé ar chóireáil dramhaíola guaisí; taifid TFS, suirbhé eagraíochtaí aisghabhála WEEE)

⁴² Tagraíonn 'Ar an láthair ag an tionscal' do dhramhaíl ghuaiseach a aisghabhadh nó a diúscaradh ar láithreán na háise tionsclaíochta inar gineadh í, faoi cheadúnas IPPC.

⁴³ Tagraíonn 'Lasmuigh de láthair in Éirinn' do dhramhaíl a cuireadh chuig áiseanna cóireála dramhaíola guaisí tráchtála le ceadúnas EPA i gcomhair a haisghabhála nó a diúscartha.

⁴⁴ Tuairiscíodh gur cumascadh 25,145 t de thuaslagán dramhaíola in áiseanna in Éirinn sular onnmhairíodh mar dhramhaíol le haghaidh tuilleadh cóireála (24,959 t onnmhairithe lena húsáid mar bhreosla in aigheanna stroighne nó i loiscneoirí, 186 t onnmhairithe i gcomhair a loiscthe). Ríomhtar na cainníochtaí sin go beacht sa dá cholún 'lasmuigh de láthair in Éirinn' agus 'onnmhairithe'. Ní áirítear sa cholún 'iomlán' iad, áfach, chun nach ndéantar ríomh dubailte ar mhéid iomlán na dramhaíola guaisí a bainistíodh. Déantar amhlaidh maidir leis an dá cholún 'iomlán' i 2007 agus 2008 ríomh dubailte ar mhéid iomlán na dramhaíola guaisí a bainistíodh.

Tuairiscíodh gur cóireáladh 164,661 t de dhramhaíl ghuaiseach in Éirinn i 2009 rud is laghdú 11% ó 2008 (Tábla 29). Ba é ba chúis leis sin ná an laghdú ar thonnáiste na dramhaíola guaisí a cóireáladh lasmuigh de láthair ag áiseanna tráchtála in Éirinn, ar tháinig laghdú 21% ar a thonnáiste ó 2008, go dtí 89,992 t (Tábla 30). Ba é an chúis ba mhó leis an laghdú sin ná an laghdú ar an dramhola, ar an dríodar ola agus ar an dramhaíl aisbeiste a cóireáladh. Tháinig laghdú, ina theannta sin, ar mhéid iomlán na dtuaslagóirí a cóireáladh ag áiseanna cóireála lasmuigh de láthair in Éirinn i 2009. Tá léiriú i dTábla 30 ar na haicmí tuairiscithe aisghabhála agus diúscartha don dramhaíl ghuaiseach a bainistíodh in Éirinn.



Léaráid 13: Ionad na cóireála ar dhramhaíl ghuaiseach 2001-2009 (ithir éillithe as an áireamh)

Tábla 30: Cóireáil na dramhaíola guaisí in Éirinn, 2009 (ithir éillithe as an áireamh)

Aicme	⁴⁵ Ar an láthair ag an tionscal (t)	⁴⁶ Lasmuigh de láthair in Éirinn (t)	Iomlán (t)
Tuaslagóirí	47,809	18,543	66,352
Dramhaíl ghuaiseach thionsclaíoch (eile)	3,276	5,762	9,038
Dramhola (ola mianra)	180	27,124	27,304
Tuaslagóirí (halaiginithe, áit ina mbíonn sonraithe)	5,787	112	5,899
Dríodar ola		9,241	9,241
Trealamh (leictreach, leictreonach, meicniúil)		5,874	5,874
Salainn agus salanncháca	15,238		15,238
Dramhaíl cúram sláinte chontúirteach		9,475	9,475
Lachtanna níocháin uisciúla agus máthairlicéir (07 __ 01*)	1,998	6,921	8,919
Sludaigh agus cácaí scagairí	6	1,006	1,013
Dramhaíl péinte, dúigh agus vearnaíse (pacáistiú san	6	985	990

⁴⁵ Tagraíonn 'Ar an láthair ag an tionscal' do dhramhaíl ghuaiseach a aisghabhadh nó a diúscaíodh ar láithreán na háise tionsclaíochta inar gineadh í, faoi cheadúnas IPPC.

⁴⁶ Tagraíonn 'Lasmuigh de láthair in Éirinn' do dhramhaíl a cuireadh chuig EPA-licensed áiseanna cóireála dramhaíola guaisí tráchtála in Éirinn i gcomhair a aisghabhála nó a diúscartha.

áireamh)			
Dramhaíl aigéid agus alcaile		2,171	2,171
Dramhaíl cheimiceach (eile)		150	150
Dramhaíl sholadach MSFU cógaisíochta (07 05 13*)	299	2	300
Pacáistiú (éillithe nó iarmhair fós ann)	40	1,859	1,899
Ionsúitigh, éadaigh chuimilte, srl. (EWC 15 02 02*)	21	8	29
Dramhaíl cheimiceach fhótagrafach		140	140
Cóireáil theirmeach agus iarmhair eile dóchain		286	286
Lampaí fluaraiseacha		297	297
Dramhaíl cheimiceach ghinearálta, ó shaotharlanna	8	20	28
Dramhaíl tógála agus scartála (guaiseach)		6	6
Dramhaíl miotail agus dramhaíl ina bhfuil miotal trom		2	2
Dramhaíl ghuaiseach chathrach (eile)		8	8
Iomlán	74,668	89,992	164,661

(Foinse: tuairisceán bhliantúla IPPC PRTR; suirbhé ar chóireáil dramhaíola guaisí; suirbhé eagraíochtaí aisghabhála WEEE)

Tábla 31: Modhanna cóireála dramhaíola guaisí in Éirinn i 2009 (ithir éillithe as an áireamh)

Cód Aisghabhála / Diúscartha ⁴⁷	Gníomhaíocht diúscartha nó aisghabhála	⁴⁸ Ar an láthair ag an tionscal (t)	⁴⁹ Lasmuigh de láthair in Éirinn (t)	Iomlán (t)
D1	Líonadh talún	15,238		15,238
D5	Líonadh talún sainchóirithe		126	126
D8	Cóireáil bhitheolaíoch	1,808		1,808
D9	Cóireáil fhisiceimiceach	119	21,536	21,654
D10	Loscadh	21,378		21,378
D12	Buanstóras	1		1
D13	Cumasc nó meascadh		186 ⁵⁰	186
	Fo-iomlán diúscartha	38,544	21,848	60,392
R1	Úsáid mar bhreosla	10,599	17,745 ⁵¹	28,344
R2	Tuaslagóirí a aisghabháil	25,047	7,547 ⁵²	32,594
R3	Substaintí orgánacha a aisghabháil	297	2	299
R4	Miotail a aisghabháil		1,551	1,551
R5	Substaintí neamhorgánacha a aisghabháil		5,874	5,874
R4/R5	Meascán de R4 agus R5		297	297
R9	Ola a aisghabháil	180	23,912	24,092
R9/D9	Meascán de R9 agus D9		11,218 ⁵³	11,218
	Fo-iomlán aisghabhála	36,124	68,145	104,269
	Iomlán	74,668	89,992	164,661

(Foinse: tuairisceán bhliantúla IPPC PRTR; suirbhé ar chóireáil dramhaíola guaisí, suirbhé eagraíochtaí aisghabhála WEEE)

⁴⁷ Féach Aguisín G le haghaidh liosta de na hoibríochtaí aisghabhála agus diúscartha.

⁴⁸ Tagraíonn 'Ar an láthair ag an tionscal' do dhramhaíl ghuaiseach a aisghabhadh nó a diúscaíodh ar láithreán na háise tionsclaíochta inar gineadh í.

⁴⁹ Tagraíonn 'Lasmuigh de láthair in Éirinn' do dhramhaíl a cuireadh chuig áiseanna cóireála dramhaíola guaisí tráchtála in Éirinn i gcomhair a aisghabhála nó a diúscartha.

⁵⁰ Tá an 186 t sin (163 t de thuaslagán neamh-hailiginithe agus 22 t de luchtanna níocháin uisciúla agus de mháthairicéir) ag freagairt do chumascadh tuaslagóirí dramhaíola in Éirinn, sula ndéantar iad a onnmhairiú mar bhreosla le dó.

⁵¹ Cumascadh 17,745 t de thuaslagán dramhaíola, sular onnmhairíodh mar dhramhaíl le dó in aigheanna stroighne nó i loiscneoirí.

⁵² Tuairiscíodh go raibh 7,214 t den 7,547 t a tuairiscíodh mar thuaslagán dramhaíola a cumascadh ag ionaid cóireáilte dramhaíola guaisí sular onnmhairíodh é mar dhramhaíl le dó in aigheanna stroighne nó i loiscneoirí thar lear.

⁵³ Tuairiscíodh gur meascán de R9 agus D9 a bhí sa chóireáil sludaigh idircheapóirí agus fuarthán a rinne Rilta Environmental Ltd (Uimh. Chlár. W0192-02) i 2009.

Tuairiscíodh gur cumascadh 25,145 t de dhramhaíl tuaslagóirí ag áiseanna le ceadúnas ón EPA in Éirinn i 2009, sular onnmhairíodh mar dhramhaíl le húsáid mar bhreosla í in áitheanna stroighne agus i loisceoirí agus le dó thar lear (Tábla 31).

Soláthraítear i dTábla 32 agus i dTábla 33 faisnéis faoi allmhairiú na dramhaíola guaisí i 2009. Tháinig laghdú 4% ar mhéid na dramhaíola guaisí a onnmhairíodh i gcomhair a cóireála thar lear i 2009, i gcomparáid le 2008.

Tábla 32: Aicmí dramhaíola guaisí a onnmhairíodh, 2007-2009

Aicme	Onnmhairithe (tonnaí) 2007	Onnmhairithe (tonnaí) 2008	Onnmhairithe (tonnaí) 2009
Tuaslagóirí	48,671	58,611	52,370
Tuaslagóirí (halaiginithe, áit ina mbíonn sonraithe)	6,743	8,693	4,540
Dramhola (ola mianra)	617	230	2,443
Dramhaíl ghuaiseach thionsclaíoch (eile)	33,854	33,154	⁵⁴ 11,927
Dramhaíl cúram sláinte chontúirteach	478	728	734
Dríodar ola	7	107	94
Lead-acid batteries	10,565	11,050	11,832
Trealamh (leictreach, leictreonach, meicniúil)	6,423	7,386	8,410
Dramhaíl cheimiceach (eile)	4,091	3,559	⁵⁴ 3,701
Dramhaíl péinte, dúigh agus vearnaise (pacáistiú san áireamh)	2,805	4,843	4,834
Dramhaíl aigéid agus alcaile	2,384	2,917	2,578
Asbestos waste	6,168	7,007	14,068
Lachtanna níocháin uisciúla agus máthairlicéir (07 __ 01*)	10,747	5,278	⁵⁴ 10,647
Dramhaíl sholadach MSFU cógaisíochta (07 05 13*)	3,790	2,534	1,956
Sludaigh agus cácaí scagairí	5,036	6,057	3,834
Cadhnraí (small, non-lead acid)	328	228	223
Pacáistiú (éillithe nó iarmhair fós ann)	785	746	⁵⁴ 664
Dramhaíl cheimiceach fhótagrafach	680	650	432
Scagairí ola	640	1,092	741
Dramhaíl tógála agus scartála (guaiseach)	82	137	12,892
Dramhaíl miotail agus dramhaíl ina bhfuil miotal trom	42	71	69
Dramhaíl ghuaiseach talmhaíochta			72
Ionsúitigh, éadaigh chuimilte, srl. (EWC 15 02 02*)	1,894	1,373	661
Lampaí fluaraiseacha	116	56	74
Lotnaidicídí, luibhicídí	71	71	56
Dramhaíl cheimiceach ghinearálta, ó shaotharlanna	332	193	485
Iarmharaigh as cóireáil theirmeach agus dóchan	32	428	59
Leigheasanna	1	3	See footnote #54
Dramhaíl ghuaiseach chathrach (eile)	89		
Défhéinil pholaclóirínithe	71		1
Iomlán	147,542	157,207	150,395

(Foinse: suirbhé NTFSO)

⁵⁴ Onnmhairíodh 8 t de leigheasanna i léig go dtí Indaver, An Bheilg agus go dtí AVG, An Ghearmáin le loscadh i 2009. Onnmhairíodh an 8 t sin i 6 lasta ar leithligh i mbunachar TFS 2009, agus déantar a thuairisciú faoi na haicmí seo a leanas: dramhaíl ghuaiseach tráchtála (eile), dramhaíl cheimiceach, lachtanna níocháin uisciúla agus máthairlicéir (07 __ 01*) agus pacáistiú (éillithe nó le iarmhair ann), mar atá thuas.

Tábla 33: Diúscairt agus aisghabháil dramhaíola guaisí, mar a tuairiscíodh, 2009

Cód diúscairthe (D) nó aisghabhála (R) ⁵⁵	Onnmhairithe (t)
D1	14,989
D10	34,079
D12	87
D13	622
D14	51
D15	28
D5	126
D8	1,084
⁵⁶ D8/D9	657
D9	621
Fo-iomlán dramhaíola guaisí onnmhairithe i gcomhair a diúscairthe	52,345
R1	23,157
R1/R3	93
R1/R3/R4	2,279
R1/R3/R5	242
R1/R4	494
R1/R4/R5	1,168
R1/R5	524
R1/R9	2,096
R10	70
R11	137
R12	1,299
R13	354
R2	18,953
R2/R3	3,666
R2/R3/R4	258
R3	15,702
R3/R4	3,345
R4	18,923
R4/R11	42
R4/R5	127
R5	3,157
R6	1,441
R7	38
R8	5
R9	478
Fo-iomlán dramhaíola guaisí onnmhairithe i gcomhair a aisghabhála	98,049
Iomlán na dramhaíola guaisí onnmhairithe i gcomhair a cóireála	150,395

(Foinse: suirbhé NTFSO)

Cé gur tháinig laghdú ar mhéid na dramhaíola guaisí a cóireáladh lasmuigh de láthair i 2009, tháinig méadú de bheagán ar mhéid na dramhaíola guaisí a aisghabhadh nó a diúscaíodh ar an láthair ag áiseanna ceadúnaithe CRCT go 74,668 t i 2009, ó 72,038 t i 2008 (Tábla 34).

⁵⁵ Féach Aguisín G maidir le liosta le cur síos ar oibríochtaí aisghabhála agus diúscairthe.


⁵⁶ Chun go mbeadh an fógra TFS ag freagairt don phróiseas iomlán cóireála, tuairiscíodh cóid iolracha i roinnt cásanna, mar a léirítear i dTábla 33 thuas.

Tábla 34: Cóireáil dramhaíola guaisí ag áiseanna ceadúnaithe CRCT i 2009 (ithir éillithe as an áireamh)

Teideal na áise	IPPC Reg No.	Waste Type	Aisghabháil / Diúscairt Cód ⁵⁷	An chainníocht treated (tonnes)
Arran Chemical Co Ltd	P0110-02	Tuaslagóirí	R2	118
Astellas Ireland Co. Ltd	P0007-03	Tuaslagóirí	D10	475
			D10	1,650
Aughinish Alumina Ltd	P0035-04	Salainn agus salanncháca	D1	15,238
Cognis Ireland Ltd	P0052-02	Dramhail ghuaiseach tionsclaíochta eile	R1	3,273
Conoco Phillips	P0419-01	Dramhola (ola mianra)	R9	180
DIS Enbi Seals Ireland Ltd	P0064-01	Dramhola (ola mianra)	R9	0.3
Eli Lilly	P0009-03	Tuaslagóirí	D10	10,578
			R2	659
			D10	186
Galmoy Mines Ltd	P0517-01	Ionsúitigh, éadaigh chuimilte	D12	1
Irish Industrial Explosives Ltd.	P0055-01	Dramhail ghuaiseach tionsclaíochta eile	D10	3
Liebherr Container Cranes Ltd	P0146-01	Paint, ink, varnish	R2	6
Mallinckrodt Medical Imaging	P0050-02	Tuaslagóirí	D8	349
			R2	6,713
			D8	<0.1
			D9	119
Merck Sharp & Dohme	P0011-03	Tuaslagóirí	D8	1,002
			R2	1,521
Millipore Ireland Limited	P0571-02	Tuaslagóirí	R2	736
Novartis Ringaskiddy Ltd	P0006-03	Dramhola (ola mianra)	D10	<0.1
		Pacáistiú (éillithe, nó le hiarmhair ann)	D10	40
		Sludaigh agus cácaí scagairí	D10	6
		Tuaslagóirí	D10	0.2
			D8	443
			R1	1,854
			R2	6,222
		Ionsúitigh, éadaigh chuimilte	D10	20
		Tuaslagóirí	D10	343
			D8	5
		Dramhail sholadach MSFU cógaisíochta (07 05 13*)	D10	2
		Dramhail cheimiceach ghinearálta, ó	D10	8
Pfizer Corcaigh Limited	P0103-02	Tuaslagóirí	R2	156
			R2	79
Pfizer Ireland Pharmaceuticals	P0013-04	Tuaslagóirí	R2	4,257
Roche Ireland Limited	P0012-04	Tuaslagóirí	R1	1,416
			R1	689
Schering-Plough (Ireland)	P0015-04	Tuaslagóirí	R1	997
Sigma-Aldrich Ireland Ltd	P0089-03	Tuaslagóirí	R2	98
Smithkline Beecham (Corcaigh) Limited	P0004-03	Tuaslagóirí	D10	4,276
			R1	2,372
			R2	295
Swords Laboratories	P0014-04	Tuaslagóirí	R2	448
			R2	382
Bristol Myers Squibb Cruiserath	P0552-02	Tuaslagóirí	D10	94
			R2	1,683
			D10	3,696
			D8	8
			R2	628
Temmler Ireland Ltd	P0813-01	Tuaslagóirí	R2	1,047
		Dramhail sholadach MSFU cógaisíochta (07 05 13*)	R3	297
			Iomlán	74,668

⁵⁷ Féach Aguisín G le haghaidh liosta de na hoibríochtaí aisghabhála agus diúscairta.

Tugtar eolas i Léaráid 14 agus i dTábla 35 maidir le ceann scríbe na dramhaíola guaisí arna honnmhairiú ó Éirinn i 2009 i gcomhair a cóireála ag áiseanna údaraithe thar lear. Fuarthas na taifid a bhaineann le honnmhairiú na dramhaíola guaisí ón Oifig Náisiúnta um Loingsiú Trasteorann (NTFSO). Ghlac cúig thír Eorpacha (an Ríocht Aontaithe, an Bheilg, an Ghearmáin, an Ísiltír agus an Danmhairg) 99% den dramhaíl ghuaiseach a onnmhairíodh ó Éirinn i 2009.



Léaráid 14: Ceann scríbe na dramhaíola guaisí a onnmhairíodh, 2009 (ithir éillithe as an áireamh)

D'fhoilsigh an EPA an Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí 2008-2012 i 2008. Leagtar síos sa phlean sin na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí tosaíochtaí maidir le cosc agus le bainistiú na dramhaíola guaisí in Éirinn. Tá tús curtha le roinnt tionscadal chun na moltaí sa phlean a chur i bhfeidhm, mar a phléitear i gCuid 10. Áirítear ina measc Tionscadal um Dhramhaíl Ghuaiseach Feirmeoireachta, Treoir um Gharáiste Glic, tionscadal chun Cóid Cleachtais a fhorbairt do na hionaid fóntas poiblí agus Staidéir ar Ghnéithe Teicniúla agus Geilleagracha Áis Náisiúnta um Dhramhaíl Dheacair a fhorbairt. Tá plean eile á réiteach ag an EPA faoi láthair, dár teideal *Tuarascáil Maidir le Cur i bhFeidhm an Phlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola*.

Tábla 35: Ceann scríbe agus a raibh i ndán don dramháil ghuaiseach a fógraíodh mar onnmhairithe as Éirinn, ithir éillithe as an áireamh, 2009

Ceann Scríbe	Diúscairt ⁵⁸		Aisghabháil ⁵⁸		Iomlán Exports (t) 2009
	Cód D	(t)	Cód R	(t)	
An Bheilg	D10 D8 D9	7,834 886 228	R1 R1/R3/R5 R1/R4/R5 R1/R9 R12 R13 R2 R4 R4/R5 R5 R6	22,404 242 333 2,096 675 11 250 3,756 127 25 375	
Iomlán: An Bheilg (t)		8,948		30,295	39,243
An Ghearmáin	D1 D10 D12 D13 D15 D5 D9	14,890 12,981 87 622 28 126 304	R1 R1/R4 R1/R4/R5 R1/R5 R10 R12 R13 R2 R2/R3/R4 R3 R3/R4 R4 R5	360 84 834 524 70 69 333 301 258 477 198 630 348	
Iomlán: An Ghearmáin (t)		29,039		4,487	33,527
An Danmhairg	D10	2,111			
Iomlán: An Danmhairg (t)		2,111			2,111
An Fhionlainn	D10	669	R4/R11	42	
Iomlán: An Fhionlainn (t)		669		42	711
An Fhrainc	D10	192	R11 R12 R2 R4	137 88 18 90	
Iomlán: An Fhrainc (t)		192		333	525
An Iodáil			R8	5	
Iomlán: An Iodáil (t)				5	5
An Ísiltír	D10 D14 D8 D8/D9 D9	334 51 198 657 89	R1 R1/R3 R1/R3/R4 R1/R4 R12 R13 R3 R3/R4 R4 R5	393 93 2,279 410 468 11 1,552 665 15 988	
Iomlán: An Ísiltír (t)		1,330		6,872	8,201
An Pholainn			R4	24	
Iomlán: An Pholainn (t)				24	24
An Ríocht Aontaithe	D1 D10	99 9,958	R2 R2/R3 R3 R3/R4 R4 R5 R6 R7 R9	18,384 3,666 13,674 2,482 14,384 1,796 1,065 38 478	
Iomlán: An Ríocht Aontaithe (t)		10,057		55,967	66,024
SAM			R4	24	
Iomlán: SAM				24	24
For-iomlán(t)		52,345		98,049	150,395

⁵⁸ Féach Aguisín G le haghaidh liosta de na hoibríochtaí aisghabhála agus diúscairthe.

Ithir éillithe

Tá cur síos imlíneach i dTábla 36 ar bhainistiú agus ar onnmhairiú na hithreach éillithe ó 2001, rud a chuimsíonn ithir éillithe a cóireáladh lasmuigh de láthair in Éirinn ag áiseanna tráchtála cóireála dramhaíola guaisí agus ithir éillithe a onnmhairíodh i gcomhair a cóireála. Bhí laghdú mór (71%) ar mhéid na hithreach éillithe a cóireáladh lasmuigh de láthair in Éirinn i 2009, taobh le 2008. Is in áis Enva i Port Laoise a tharlaíonn an chóireáil ar fad lasmuigh de láthair a thuairiscítear (Uimhir Chláráithe um Cheadúnas Dramhaíola EPA W0184-01). Ní léiríonn na sonraí aon ithir éillithe a cóireáladh *in situ* san áit ar gineadh í. Tháinig laghdú suntasach ar an iomlán, go dtí 476 t (Tábla 35), ar thonnáiste na hithreach éillithe a tuairiscíodh mar dhramhaíl a onnmhairíodh. Níor tuairiscíodh ach 4% den ithir éillithe a bheith arna hallmhairiú i gcomhair a cóireála i 2009, go príomha chun na hÍsiltíre agus chun na Gearmáine.

Tábla 36: Bainistiú tuairiscithe lasmuigh de láithreán maidir le hithir éillithe, 2001-2009

	2001	2004	2005	2006	2007	2008	2009
Lasmuigh de láthair in Éirinn (t)	8,636 (R)	14,838 (R)	-	36,872 (R)	44,221(R)	2 (D) 43,531 (R)	12,428 (R)
Onnmhairithe (iomlán) (t)	159,943	206,299	140,442	370,032	143,906	449,574	476
An Ghearmáin	14,063 (R)	172,948 (D)	120,455 (D)	341,158 (D) 28,570 (R)	126,859 (D) 14,919 (R)	285,028 (D) 135,980 (R)	7 (D) ⁵⁹
An Ísiltír		10,691 (R)		305(R)	2,128(R)	12,655 (D) 15,911 (R)	469 (R) ⁶⁰
An Bheilg	145,192(R)	22,531(R)					
Áit eile san Eoraip	742 (R)	126 (R)	19,983 (D)				
Iomlán a tuairiscíodh (t)	168,579	221,137	-	406,904	188,127	493,107	12,904

Nóta: (R) = aisghabháil nó athchúrsáil, den chuid is mó; (D) = diúscairt, den chuid is mó

(Foinse: suirbhé ar chóireáil dramhaíola guaisí, suirbhé NTF SO)

⁵⁹ D10 – Dóchan ar talamh.

⁶⁰ R5 - Substaintí neamhorgánacha a aisghabháil.

10 Bonneagar Dramhaíola

Pléitear sa chuid seo den tuarascáil seo le soláthar roinnt den phríomhbhonneagar náisiúnta is gá maidir le diúscairt deiridh agus le haisghabháil deiridh na dramhaíola cathrach. Níl san áireamh sa phlé sin gníomhaíochtaí ceadúnaithe EPA IPPC ag láithreáin líonta talún ná bonneagar tionsclaíoch dramhaíola (mar shampla, loiscneoirí ar an láthair), toisc nach mbíonn fáil ag an bpobal i gcoitinne, ag údaráis áitiúla ná ag oibreoirí tráchtála dramhaíola orthu.

Ní héasca teacht ar eolas maidir le bonneagar agus le cumas náisiúnta dramhaíola le tuairisciú i láthair na huaire toisc go bhfuil an Bunachar Sonraí um Cheadúnais Dramhaíola agus Deimhnithe Cláraithe (clár de cheadúnais dramhaíola, de cheadanna áiseanna dramhaíola, de dheimhnithe cláraithe eisithe ag údaráis áitiúla) neamhiomlán. Ní raibh an bunachar sonraí á thabhairt suas chun dáta ag na húdaráis áitiúla ar fad. Ina theannta sin, ní chuimsíonn an bunachar sonraí ceadanna a eisíodh faoi ‘shean-’Rialacháin 2001. Chomh luath is a bheidh athbhreithniú curtha i bhfeidhm ar na húdaruith ar fad a eisíodh faoi Rialacháin 2001 (nó go dtí go ndéanfar iad a aisghairm nó go dtí go síothlóidh iad) agus go dtí go mbeidh an fhaisnéis á coinneáil suas chun dáta ag na húdaráis áitiúla ar fad le ceadanna arna n-eisiúint faoi na Rialacháin ‘nua’, beidh faisnéis sa bhunachar sin is féidir a fhiosrú chun críocha tuairisciú a dhéanamh ar an mbonneagar náisiúnta ó thaobh an chumais agus na cóireála de.

10.1 Láithreáin líonta talún cathrach

Ghlac 29 láithreán líonta talún 1,763,925 t de dhramhaíl sholadach chathrach (DCS) i 2009 le haghaidh a haisghabhála agus a diúscairthe araon (seachas Neiphin Trading Ltd. (Baile Chairdif), W0047-02). Tugtar achoimre den tonnáiste de dhramhaíl chathrach a cuireadh isteach i líonadh talún i 2008 agus i 2009 agus tugtar céatadán an athraithe i dTábla 37.

Tábla 37: Dramhaíl chathrach curtha i líonadh talún i 2008 agus 2009

	Dramhaíl tí a diúscaíodh go líonadh talún (t)	Dramhaíl tráchtála a diúscaíodh go líonadh talún (t)	Cosamar sráide a diúscaíodh go líonadh talún (t)	Iomlán DCI a diúscaíodh go líonadh talún (t)
2008	1,155,567	758,178	24,969	1,938,714
2009	1,056,267	640,737	26,701	1,723,705
% athraithe	-3%	-15%	+7%	-11%

(Foinse: suirbhé ar láithreáin líonta talún)

Tugtar i dTábla 38 cion an mhargaidh maidir le gníomhaíochtaí tráchtála príobháideacha agus earnála poiblí. Tugtar i dTábla 38, chomh maith, achoimre de na sonraí in Aguisín E maidir leis an ról sa mhargadh atá ag láithreáin líonta talún maidir le dramhaíl thionsclaíoch ar leith a bhainistiú.

Léirítear i dTábla 39 miondealú den saghas dramhaíola a glacadh isteach ag gach ceann de na láithreáin líonta talún sin. Tugtar miondealú níos mine fós den saghas dramhaíola a glacadh isteach ag na láithreáin líonta talún ar fad a bhí i mbun oibre Aguisín

E. Bhí ceann amháin de na 29 láithreán líonta talún nár glac dramhaíl ar bith isteach i gcomhair a diúscartha.i. níor ghlac ach le hábhar athshlánaithe dár chomhdhéanamh dramhaíl orgánach chathrach a bhí múirínithe.

Tábla 38: Cion margaidh de láithreáin líonta talún ag feidhmiú, idir phoiblí agus phríobháideach, i 2009

Bliain: 2009	Líon na láithreán líonta talún tráchtála DCI ⁶¹	Margadh dramhaíola tí diúscartha go láithreáin líonta talún phríobháideacha	Margadh dramhaíola tráchtála diúscartha go láithreáin líonta talún phríobháideacha	Margadh diúscartha DCI á sheirbhísiú ag láithreáin líonta talún phríobháideacha	Aisghabháil DCI go láithreáin líonta talún phríobháideacha	Líonadh talún tráchtála náisiúnta á sheirbhísiú ag an earnáil phríobháideacha (ó Aguisín E)	Diúscairt náisiúnta go líonadh talún tráchtála (gach aicme seachas T&S agus Clonbulloge) le seirbhísiú earnála príobháidí (ó Aguisín E)
	6 earnáil príobháidí	26%	54%	36%	47%	37%	37%
	6 údarás áitiúla						

(Foinse: suirbhé ar láithreáin líonta talún)

Agus na háiseanna ar fad a ghlacadh le chéile, úsáideadh thart faoi 40,220 t de dhramhaíl chathrach i gcumas aisghabhála (sceallóga adhmaid agus ábhair orgánacha arna múiríniú nó arna mbuanú mar ábhair clúdaithe agus do thírdhreachú, srl.). Ní áirítear mar ábhar a aisghabhadh múirín ná trommel mionábhair in úsáid mar chlúdach go laethúil nach sásaíonn caighdeán maidir buaine san EPA.

Bhí an 1,723,705 t de dhramhaíl chathrach a diúscaíodh i láithreáin líonta talún DCS comhdhéanta de 1,056,267 t de dhramhaíl tí agus 640,737 t de dhramhaíl nach raibh ina dramhaíl tí (féach Aguisín E). Tháinig laghdú 8.6 % i 2009 (ó 2008) ar an tonnáiste de dhramhaíl iarmharach tí a diúscaíodh go líonadh talún, agus laghdú 15% i 2009 (ó 2008) ar an tonnáiste de dhramhaíl thráchtála (agus de dhramhaíl neamhphróiseas thionsclaíoch) wastes a diúscaíodh go líonadh talún. Tháinig titim 11% i 2009 (ó 2008) ar an tonnáiste de dhramhaíl iarmharach a diúscaíodh go líonadh talún.

⁶¹ Fágтар as an áireamh Ionad Luaithrí Clonbulloge agus áiseanna aisghabhála T&S (amháin).

Tábla 39: Láithreáin líonta talún do dhramhaíl chathrach ag feidhmiú i 2009

Uimh. chlár. um cheadúnas EPA ⁶²	Líonadh talún	Réigiún pleanála um bainistiú dramhaíola	Dramhaíl tí a diúscaíodh (t)	Dramhaíl ghhlantach áin a diúscaíodh (t)	Dramhaíl tráchtála a diúscaíodh (t)	DCI a diúscaíodh go líonadh talún (t)	Dramhaíl orgánach chathrach (dramhaíl agus slisní adhmaid buanaithe) a aisghabhadh go líonadh talún(t)
W0001-03	Ciarraí Thuaidh	An Clár-Luimneach-Ciarraí	24,423	29	15,128	39,580	600
W0017-03	Gort an Droma	An Clár-Luimneach-Ciarraí	90,184	693	12,924	103,801	0
W0109-01	Eidhneach	An Clár-Luimneach-Ciarraí	13,507	756	10,106	24,369	477
W0013-01	Ceathrú an Bhrúnaigh	Connacht	0	0	0	0	7,267
W0059-02	Bealach an Doirín	Connacht	23,780	58	5,857	29,695	0
W0067-01	Ráth Ruáin	Connacht	20,800	3,942	5,671	30,413	1,143
W0178-01	Réigiún Chonnacht	Connacht	55,155	984	41,768	97,907	1,030
W0012-02	Bóthar Chionn tSáile	Corcaigh	44,318	5,617	35,987	85,922	1,837
W0068-02	Eochail	Corcaigh	41,216	0	16,911	58,127	0
W0089-01	Doire Chonaill	Corcaigh	8,192	130	231	8,553	0
W0024-02	Baile na Carraige	Dún na nGall	15,238	1,195	7,041	23,474	0
W0004-03	Baile Artúir	Áth Cliath	214,560	0	0	214,560	0
W0009-02	Baile Amhlaoibh	Áth Cliath	41,205	319	20,559	62,083	0
W0047-02	Baile Chairdir ⁶³	Cill Dara	-	-	-	0	0
W0081-03	KTK	Cill Dara	0	0	6,699	6,699	942
W0201-02	An Droichead	Cill Dara	66,774	0	138,385	205,159	5,783
W0026-02	Coillte Laoise	Lár Tíre	17,296	454	25,267	43,017	0
W0028-02	Baile Dhonncha	Lár Tíre	20,480	786	25,737	47,003	0
W0029-02	Doire Cluthar	Lár Tíre	8,554	0	15,468	24,022	0
W0078-02	Bealach an Mhéine	Lár Tíre	15,904	1,245	4,167	21,316	0
W0020-01	Coirnéal na nAlbanach	Oirthuaisceart	22,510	668	15,553	38,731	4,765
W0060-01	An Abhainn Bhán	Oirthuaisceart	26,601	4,014	20,426	51,041	0
W0077-02	Corranure	Oirthuaisceart	51,770	49	23,469	75,288	1,229
W0146-01	Knockharley	Oirthuaisceart	101,791	69	69,350	171,210	0
W0025-02	Baile an Phaoraigh	Oirdheisceart	17,953	1,728	970	20,651	1,663
W0030-02	An Dún Mór	Oirdheisceart	9,003	1,175	4,097	14,275	1,506
W0074-02	Dún Eochaille	Oirdheisceart	9,392	1,232	218	10,842	562
W0191-01	Baile Hóm Mór	Oirdheisceart	23,485	852	4,233	28,570	158
W0066-02	An Rampar	Cill Mhantáin	25,805	670	25,427	51,902	0
W0165-01	Baile na gCrann	Cill Mhantáin	46,371	36	89,088	135,495	11,258

Iomlán

1,056,267

26,701

640,737

(Foinse: suirbhé ar láithreáin líonta talún)

IOMLÁN DCI a diúscaíodh go líonadh talún:

1,723,705

IOMLÁN DCI a aisghabhadh go líonadh talún

40,220

IOMLÁN DCI go líonadh talún:

1,763,925

(Foinse: suirbhé ar láithreáin líonta talún)

⁶² Ciallaíonn cealla faoi scáil láithreáin líonta talún DCS san earnáil phoiblí .

⁶³ Uimhir Chláraithe Ceadúnais W0047-02 - dúnadh éigeantach i 2010.

10.2 Cumas diúscartha i láithreáin líonta talún cathrach

Ag deireadh 2009, bhí timpeall 28 Mt de chumas náisiúnta (Tábla 40) ann maidir le líonadh talún DCS (.i. le ceadúnais dramhaíola agus cead pleanála in áit). Cuimsíonn an meastachán sin dhá áis a ceadaíodh atá fós le dul i mbun oibre (Líonadh Talún Bottlehill i gceantar Chomhairle Comhairle Contae Chorcaí (Uimh. chlár. um cheadúnas EPA W0161-02) agus Líonadh Talún Fhine Gall, Nevitt (Uimh. chlár. um cheadúnas EPA W0231-01)). Tá sé de chumas ag an dá láithreán líonta talún sin in éineacht, atá fós le dul i mbun oibre 14.8 Mt de chumas a chur le cumas cúltaca na tíre.

Tugtar miondealú ar chumas diúscartha DCS de réir láithreán líonta talún i dTábla 40. Den chumas náisiúnta 13 Mt de láithreáin líonta talún cathrach atá *ag feidhmiú*, tá an chuid is mó acu (62%) i seilbh ag ceithre cinn de na hoibreoírí láithreán líonta talún san earnáil phríobháideach. Má leantar de ráta diúscartha 2009 go láithreáin líonta talún DCS, mar atá, timpeall 1.7 Mt per annum, ciallaíonn sé sin go bhfuil timpeall 16 bliain de chumas fós ann maidir le cumas líonta talún cathrach. i. cumas a dhóthain chun dul ar aghaidh chuig timpeall na bliana 2025. Is suntasach le rá, nach scaipeadh cothrom ar fud an Stáit atá ar an gcumas sin. Táthar ag tuar go mbeidh roinnt réigiún ag géarchéim cumais maidir le ganntanas stórála, mar shampla, Dún na nGall (meastar nach mbeidh cumas do líonadh talún iarmharach cathrach ar bith ag Dún na nGall faoi dheireadh 2011). Is gá caitheamh go cáiríseach le tuartha mar sin, áfach, toisc go bhfuil siad faoi thionchar ag fachtóirí go leor, mar shampla, athrú ar shaghsanna dramhaíola, spriocanna athchúrsáilte níos airde, oibleagáidí réamhchóireála, tús loiscithe, iarratais nua ar fholús do líonadh talún sa phróiseas iarrtha, srl. Mura dtabharfar an dá láithreán líonta talún sin, mar atá, Líonadh Talún Fhine Gall, Nevitt agus Líonadh Talún Bottlehill i gceantar Chomhairle Comhairle Contae Chorcaí go céim a bhforbartha, mairfidh an folús DCS ar fáil sa tír ar feadh c. 8 bliain ar na rátaí reatha maidir le giniúint dramhaíola agus le diúscairt dramhaíola ag láithreáin líonta talún.

Tábla 40: Cumas diúscartha náisiúnta DCI go líonadh talún (ag deireadh 2009)

Uimh. chlár. um cheadúnas EPA ⁶⁴	Ceadúnaí	Líonadh talún	Réigiún pleanála um bainistiú dramhaíola	Neastuilleadh diúscartha fágtha (t) ⁶⁵	Neasionchas saoil fágtha ^{66,67}	
					Láithreán	Réigiún
W0001-03	Comhairle Contae Chiarraí	Ciarraí Thuaidh	An Clár-Luimneach-Ciarraí	550,000	15	5.5
W0017-03	Comhairle Contae Luimnigh	Gort an Droma	An Clár-Luimneach-Ciarraí	300,000	3	
W0109-01	Comhairle Contae an Chláir	Eidhneach	An Clár-Luimneach-Ciarraí	75,000	2	
W0021-01	Comhairle Contae Mhaigh Eo	Derrinnumera	Connacht	56,000	3	7.5
W0059-02	Comhairle Contae Ros Comáin	Bealach an Doirín	Connacht	48,000	1	
W0067-01	Comhairle Contae Mhaigh Eo	Ráth Ruáin	Connacht	162,000	5	
W0178-01	Greenstar Holdings	Réigiún Chonnacht	Connacht	900,000	8.5	
W0012-02	Comhairle Cathrach Chorcaí	Bóthar Chionn tSáile	Corcaigh	0	0	(35)
W0068-02	Comhairle Contae Chorcaí	Eochaill	Corcaigh	50,000	<1	
W0089-01	Comhairle Contae Chorcaí	Doire Chonaill	Corcaigh	0	0	
W0161-02	Comhairle Contae Chorcaí	Bottlehill	Corcaigh	5,392,000	Fós le hoibriú	

⁶⁴ Ciallaíonn cealla faoi scáil láithreáin líonta talún DCS san earnáil phoiblí .

⁶⁵ Bunaithe ar thuaisceáin AER ó oibreoírí láithreán líonta talún i 2009.

⁶⁶ Bunaithe ar rátaí líonta 2009 (2008 do W0021-01, gan sonraí do W0047-02).

⁶⁷ Fuilleach saolré, ach sruth buan DCS, dramhaíola tráchtála agus eile isteach agus a tuairiscíodh do na háiseanna sin i 2009.

W0024-02	Comhairle Contae Dhún na nGall	Baile na Carraige	Dún na nGall	73,000	2	2
W0004-03	Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Baile Artúir	Áth Cliath	274,000	1	(35)
W0009-02	Comhairle Contae Fhine Gall	Baile Amhlaoibh	Áth Cliath	90,000	<1	
W0231-01	Comhairle Contae Fhine Gall	Nevitt	Áth Cliath	9,400,000	Fós le hoibriú	
W0047-02	Neiphin Trading Ltd	Kerdiffstown	Cill Dara	-	-	15
